2026/1914

6.8.2026

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/1914 ÓN gCOIMISIÚN

an 5 Lúnasa 2026

lena bhforchuirtear dleacht frithchúitimh shealadach ar allmhairí páipéir theirmigh éadroim áirithe de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/1037 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí ar tugadh fóirdheontas ina leith, ar allmhairí iad ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach iad ([1]) ('an bun-Rialachán'), agus go háirithe Airteagal 15 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

1. NÓS IMEACHTA

1.1. Tionscnamh

(1) An 7 Samhain 2025, thionscain an Coimisiún Eorpach ('an Coimisiún') imscrúdú frith-fhóirdheontais i ndáil le hallmhairí páipéir theirmigh éadroim ('LWTP') áirithe de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne ('an tír lena mbaineann' nó 'an tSín') ar bhonn Airteagal 10 den bhun-Rialachán'). D'fhoilsigh sé fógra tionscnaimh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ([2]) ('an fógra tionscnaimh').

(2) Thionscain an Coimisiún an t-imscrúdú tar éis gearán a fháil ón gComhlachas Eorpach um Pháipéar Teirmeach ('ETPA') agus a chomhaltaí, ar táirgeoirí páipéir theirmigh éadroim iad ('na gearánaigh'), an 24 Meán Fómhair 2025. Ba thar ceann thionscal páipéir theirmigh éadroim áirithe an Aontais a rinneadh an gearán de réir bhrí Airteagal 10(6) den bhun-Rialachán. Bhí fianaise sa ghearán gur thairbhigh táirgeoirí an táirge faoi imscrúdú ón tír lena mbaineann de roinnt fóirdheontas a dheonaigh Rialtas na Síne.

(3) Sular tionscnaíodh an t-imscrúdú frith-fhóirdheontais, thug an Coimisiún fógra do Rialtas na Síne ([3]) á rá go raibh gearán cuí-dhoiciméadaithe faighte aige, agus d'iarr sé ar Rialtas na Síne comhairliúcháin a dhéanamh leis i gcomhréir le hAirteagal 10(7) den bhun-Rialachán. Tionóladh comhairliúcháin an 5 Samhain 2025. Mar sin féin, níor thángthas ar réiteach comhaontaithe ar bhonn frithpháirteach.

1.2. Clárú

(4) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2026/313 ón gCoimisiún ([4]), chuir an Coimisiún allmhairí den táirge lena mbaineann faoi réir a gcláraithe chun a áirithiú, dá mba rud é go bhforchuirfí dleachtanna frithchúitimh de dhroim thorthaí an imscrúdaithe, go bhféadfar na dleachtanna sin, má chomhlíontar na coinníollacha is gá, a thobhach go cúlghabhálach i leith na n-allmhairí cláraithe i gcomhréir leis na forálacha dlí is infheidhme ('an Rialachán maidir le clárú').

([1]) IO L 176, 30.6.2016, lch. 55, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/1037/oj.
([2]) Fógra tionscnaimh maidir le himeachtaí frith-fhóirdheontais i ndáil le hallmhairí páipéir theirmigh éadroim áirithe de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne (IO C, C/2025/5911, 7.11.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/5911/oj).
([3]) Tá ciall leathan ag baint leis an téarma 'Rialtas na Síne' sa Rialachán seo, lena n-áirítear na hAireachtaí, na Ranna, na Gníomhaireachtaí agus na Riaracháin uile ar an leibhéal lárnach, réigiúnach nó áitiúil.
([4]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2026/313 ón gCoimisiún an 6 Feabhra 2026 lena gcuirtear allmhairí páipéir theirmigh éadroim de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne faoi réir a gcláraithe (IO L, 2026/313, 9.2.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2026/313/oj).

1.3. **Páirtithe leasmhara**

(5) San fhógra tionscnaimh, d'iarr an Coimisiún ar na páirtithe leasmhara dul i dteagmháil leis chun bheith rannpháirteach san imscrúdú. Ina theannta sin, chuir an Coimisiún na gearánaigh, táirgeoirí aitheanta eile de chuid an Aontais, na táirgeoirí onnmhairiúcháin aitheanta agus údaráis na Síne, allmhaireoirí agus úsáideoirí aitheanta, chomh maith le comhlachais arb eol iad a bheith bainteach, ar an eolas go sonrach faoi thionscnamh an imscrúdaithe agus d'iarr sé orthu a bheith rannpháirteach ann.

(6) Bhí deis ag na páirtithe leasmhara a gcuid barúlacha a thabhairt maidir le tionscnamh an imscrúdaithe agus éisteacht a iarraidh leis an gCoimisiún agus/nó leis an Oifigeach Éisteachta i gcomhair imeachtaí trádála.

(7) Ní bhfuair an Coimisiún aon bharúil maidir leis an tionscnamh ná iarraidh ar éisteacht.

1.4. **Sampláil**

(8) San fhógra tionscnaimh, luaigh an Coimisiún go mb'fhéidir go ndéanfadh sé na páirtithe leasmhara a shampláil i gcomhréir le hAirteagal 27 den bhun-Rialachán.

1.4.1. *Táirgeoirí an Aontais a shampláil*

(9) San fhógra tionscnaimh uaidh, luaigh an Coimisiún go raibh sampla de tháirgeoirí ón Aontas roghnaithe go sealadach aige. Roghnaigh an Coimisiún an sampla ar bhonn mhéid ionadaíoch díolachán agus táirgeachta an táirge chomhchosúil san Aontas le linn na tréimhse imscrúdúcháin, arb é an méid is mó a d'fhéadfaí a imscrúdú go réasúnta laistigh den tréimhse ama a bhí ar fáil.

(10) Is é a bhí sa sampla sin trí tháirgeoir de chuid an Aontais in dhá Bhallstát éagsúla. I bhfianaise na sonraí a bhí ar fáil ag an gcéim thionscnaimh, bhí ag na táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais níos mó ná 80 % de tháirgeacht iomlán mheasta an Aontais agus de dhíolacháin tháirgeoirí uile an Aontais a tháirgeann an táirge comhchosúil ar mhargadh an Aontais. D'iarr an Coimisiún ar na páirtithe leasmhara a gcuid barúlacha a thabhairt maidir leis an sampla sealadach. Ní bhfuarthas aon bharúil. Deimhníodh an sampla an 11 Samhain 2025. Is sampla ionadaíoch ar thionscal an Aontais é.

1.4.2. *Allmhaireoirí a shampláil*

(11) Chun a chinneadh an raibh gá le sampláil agus, má bhí, chun sampla a roghnú, d'iarr an Coimisiún ar allmhaireoirí neamhchomhlachaithe an fhaisnéis a sonraíodh san fhógra tionscnaimh a sholáthar.

(12) Níor sholáthair aon allmhaireoir neamhchomhlachaithe an fhaisnéis a iarradh ná a d'aontaigh a bheith san áireamh sa sampla. Dá bhrí sin, chinn an Coimisiún nár ghá sampláil a dhéanamh.

1.4.3. *Táirgeoirí onnmhairiúcháin sa tSín a shampláil*

(13) Chun a chinneadh an raibh gá le sampláil agus, má bhí, chun sampla a roghnú, d'iarr an Coimisiún ar gach táirgeoir onnmhairiúcháin sa tSín an fhaisnéis a sonraíodh san fhógra tionscnaimh a sholáthar. Ina theannta sin, d'iarr an Coimisiún ar Mhisean Dhaon-Phoblacht na Síne chuig an Aontas Eorpach táirgeoirí onnmhairiúcháin eile ar spéis leo a bheith páirteach san imscrúdú a shainaithint, agus/nó teagmháil a dhéanamh leo, dá mba ann dóibh.

(14) Sholáthair ceithre tháirgeoir onnmhairiúcháin sa tír lena mbaineann an fhaisnéis a iarradh agus thoiligh siad a bheith san áireamh sa sampla. I gcomhréir le hAirteagal 27(1) den bhun-Rialachán, roghnaigh an Coimisiún sampla de thrí chuideachta (trí ghrúpa cuideachtaí) a d'fhéadfaí a imscrúdú go réasúnta laistigh den am a bhí ar fáil. Bhí roghnú an tsampla bunaithe ar an líon ionadaíoch is mó de na táirgí, díolacháin nó onnmhairí chuig an Aontas le linn na tréimhse imscrúdúcháin ar féidir imscrúdú a dhéanamh air go réasúnta laistigh den am a bhí ar fáil.

(15) I gcomhréir le hAirteagal 27(2) den bhun-Rialachán, chuathas i gcomhairle le gach táirgeoir onnmhairiúcháin aitheanta lena mbaineann agus le húdaráis na tíre lena mbaineann maidir le roghnú an tsampla. Ní bhfuair an Coimisiún aon bharúil maidir le roghnú bunaidh an tsampla.

(16) I bhfianaise an mhéid thuas, rinne an Coimisiún cinneadh a shampla sealadach a dheimhniú:

— Henan Xianhe Special App Co., Ltd ('Xianhe')

— Gold East Paper Co., Ltd ('GEP')

— Guangdong Guanhao High Tech Co. ('GGHT').

(17) Bunaithe ar an bhfaisnéis a bhí ar fáil ag an gcéim sin, ba é a bhí sa sampla 41 % de tháirgeacht mheasta páipéir theirmigh éadroim (LWTP) na Síne agus cumhdaíodh leis an méid onnmhairí iomlán measta chuig an Aontas ón tSín le linn na tréimhse imscrúdúcháin.

(18) An 11 Nollaig 2025, chuir Xianhe an Coimisiún ar an eolas go ndearna an chuideachta amach go ndéanann a dtrádálaithe intíre neamhchomhlachaithe rollaí ollmhóra páipéir theirmigh a ghearradh ina rollaí beaga. Ós rud é nach dtagann na rollaí beaga sin faoi raon feidhme an imscrúdaithe, tháinig an chuideachta ar an gconclúid nár onnmhairigh siad an táirge lena mbaineann chuig an Aontas le linn na tréimhse imscrúdúcháin agus, dá bhrí sin, nach bhfreagródh sí an ceistneoir ([5]).

(19) An 5 Eanáir 2026, chuir GEP an Coimisiún ar an eolas freisin nach gcuirfeadh sé freagra ar an gceistneoir isteach agus nach gcomhoibreodh sé san imscrúdú ([6]).

(20) Ag an gcéim sin den imscrúdú, ní raibh dóthain ama ann chun sampla nua táirgeoirí onnmhairiúcháin a roghnú. Ina theannta sin, i bhfianaise leibhéal íseal onnmhairí an cheathrú táirgeoir onnmhairiúcháin eile (Henan Jianghe) a sholáthair freagra samplála (níos lú ná 2 % d'onnmhairí iomlána na Síne den táirge lena mbaineann chuig an Aontas), ní bheadh sampla ionadaíoch leordhóthanach mar thoradh ar aon athrú ar an sampla. Dá bhrí sin, d'éirigh an Coimisiún as an tsampláil ar fad agus chuir sé Airteagal 28 den bhun-Rialachán i bhfeidhm ([7]).

(21) Dá bhrí sin, dheonaigh an Coimisiún scrúdú aonair do GGHT mar an t-aon chuideachta a sholáthair freagra cuí tráthúil ar an gceistneoir a d'fhéadfaí a fhíorú i gcomhréir le hAirteagal 26(1) den bhun-Rialachán. I bhfianaise mhéid íseal onnmhairí na cuideachta sin (4 % d'onnmhairí iomlána na Síne den táirge lena mbaineann chuig an Aontas), níor measadh go raibh an chuideachta sin ionadaíoch ar gach táirgeoir onnmhairiúcháin eile, agus dá bhrí sin nárbh fhéidir leibhéil an dleachta ar gach cuideachta eile a bhunú ar na torthaí i ndáil leis an gcuideachta sin, ach go mbunófaí iad ar na fíorais is fearr a bhí ar fáil.

1.4.4. *Freagraí ar an gceistneoir agus cuairteanna fíorúcháin*

(22) Sheol an Coimisiún ceistneoirí chuig Rialtas na Síne, chuig an táirgeoir onnmhairiúcháin comhoibríoch a bhí fágtha, chuig na trí tháirgeoir shampláilte de chuid an Aontais, chuig na gearánaigh, chuig na hallmhaireoirí aitheanta agus chuig úsáideoirí. Cuireadh ceistneoirí na gcuideachtaí ar fáil ar líne lá an tionscnaimh freisin.

(23) Fuair an Coimisiún freagraí ar an gceistneoir ó Rialtas na Síne, ón táirgeoir onnmhairiúcháin, ó na trí tháirgeoir shampláilte de chuid an Aontais agus ó ETPA thar ceann thionscal an Aontais.

(24) Lorg agus d'fhíoraigh an Coimisiún an fhaisnéis uile a measadh ba ghá chun cinneadh sealadach a dhéanamh maidir le fóirdheonú, an díobháil dá deasca, agus leas an Aontais. Is in áitribh na gcuideachtaí a leanas a rinneadh cuairteanna fíorúcháin de bhun Airteagal 26 den bhun-Rialachán:

Táirgeoirí an Aontais

— Jujo Thermal Oy, Kauttua, an Fhionlainn

— Koehler Paper SE, Oberkirch, an Ghearmáin

— Mitsubishi HiTec Paper Europe GmbH, Bielefeld, an Ghearmáin

([5]) Tá ríomhphost Henan Xianhe Special App Co., Ltd., ina bhfógraítear neamh-chomhoibriú, le fáil sa chomhad faoin uimhir shábhála t25.012076.

([6]) Tá ríomhphost Gold East Paper Co., Ltd, ina bhfógraítear neamh-chomhoibriú, le fáil sa chomhad faoin uimhir shábhála t26.000023

([7]) Tá an nóta maidir le teip samplála le fáil sa chomhad faoi uimhir shábhála t26.000206.

Táirgeoirí onnmhairiúcháin sa tSín

— Grúpa GGHT:

  — Foshan Huaxin Development Co., Ltd., Zhuhai, an tSín

  — Hongta Renheng Packaging Co., Ltd., Zhuhai, an tSín

  — Zhuhai Hongta Renheng New Materials Co., Ltd., Zhuhai, an tSín

  — Guangdong Guanhao High-Tech Co., Ltd., Zhanjiang, an tSín

  — China Paper Investment Co., Ltd., Béising, an tSín

  — Chengtong Finance Co., Ltd., Béising, an tSín

(25) An freagra ar an gceistneoir a chuir ETPA isteach thar ceann thionscal an Aontais, fíoraíodh é ag áitreabh a ionadaí dhlíthiúil sa Bhruiséil.

(26) Nuashonrú a sholáthair Koehler Paper SE tar éis na cuairte fíorúcháin, cuireadh faoi réir fíorú cros-seiceála cianda é.

1.5. An tréimhse imscrúdúcháin agus an tréimhse faoi bhreathnú

(27) Leis an imscrúdú ar fhóirdheonú agus ar dhíobháil cumhdaíodh an tréimhse ón 1 Deireadh Fómhair 2024 go dtí an 30 Meán Fómhair 2025 ('an tréimhse imscrúdúcháin'). Chumhdaigh an t-imscrúdú ar threochtaí atá ábhartha maidir leis an measúnú ar dhíobháil an tréimhse ón 1 Eanáir 2022 go dtí deireadh na tréimhse imscrúdúcháin ('an tréimhse faoi bhreathnú').

2. AN TÁIRGE FAOI IMSCRÚDÚ

2.1. An táirge faoi imscrúdú

(28) Is éard atá sa táirge faoi imscrúdú páipéar teirmeach éadrom (LWTP), a shainmhínítear mar pháipéar teirmeach ina bhfuil bunmheáchan 65 g/m² nó níos lú, a dhíoltar ar rollaí atá 20 cm nó níos mó ar leithead, a bhfuil meáchan 50 kg nó níos mó iontu (lena n-áirítear páipéar) agus atá 40 cm nó níos mó ar trastomhas ('ollrollaí'); agus bonnbhrat air nó gan bheith air, ar thaobh amháin nó ar an dá thaobh; agus sraith theirmea-íogair fhisiceach nó cheimiceach (i.e. sraith a nochtann íomhá nuair a chuirtear teas i bhfeidhm uirthi) ar thaobh amháin nó ar an dá thaobh; agus brat uachtair air nó gan bheith air ('an táirge faoi imscrúdú'), a aicmítear faoi láthair faoi chóid AC ex 4809 90 00, ex 4811 90 00, ex 4816 90 00 agus ex 4823 90 85 (cóid TARIC 4809 90 00 10, 4811 90 00 10, 4816 90 00 10 agus 4823 90 85 20).

(29) Mura bhfuil sraith theirmea-íogair fhisiceach aige, déantar LWTP a tháirgeadh le forbróir ceimiceach, bíodh feanól ann nó gan bheith ann (LWTP saor ó fheanól). Baineann an t-imscrúdú seo le gach cineál.

(30) Úsáidtear páipéar teirmeach éadrom go príomha i bhfeidhmeanna díolphointe (POS) amhail eisiúint admhálacha miondíola.

2.2. An táirge lena mbaineann

(31) Is é an táirge lena mbaineann an táirge faoi imscrúdú, de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne.

2.3. An táirge comhchosúil

(32) Léirigh an t-imscrúdú gurb ionann na saintréithe bunúsacha fisiceacha, ceimiceacha agus teicniúla mar aon leis na húsáidí bunúsacha céanna atá ag na táirgí seo a leanas:

— an táirge lena mbaineann;

— an táirge a tháirgtear agus a dhíoltar ar mhargadh intíre na Síne; agus

— an táirge faoi imscrúdú arna tháirgeadh agus arna dhíol san Aontas ag tionscal an Aontais.

(33) Dá bhrí sin, rinne an Coimisiún cinneadh ag an gcéim sin gur táirgí comhchosúla iad na táirgí sin de réir bhrí Airteagal 2(c) den bhun-Rialachán.

3. **FÓIRDHEONTAS**

3.1. **Réamhrá: Cur i láthair phleananna, thionscadail agus dhoiciméid eile an Rialtais**

(34) Sula ndearna an Coimisiún anailís ar an bhfóirdheonú líomhnaithe i bhfoirm fóirdheontas nó cláir fóirdheontais, rinne sé measúnú ar phleananna, tionscadail agus doiciméid eile de chuid an rialtais, nithe a bhí ábhartha don anailís ar na cláir fóirdheontais a imscrúdaíodh.

(35) Mar réamhbharúil, chuir an Coimisiún in iúl go bhfuil ról an-láidir ag an Stát i socrú eacnamaíoch foriomlán na Síne, agus go bhfuil údaráis an Stáit faoi rialú Pháirtí Cumannach na Síne ('CCP'), eintiteas polaitiúil rialaithe na tíre. Dá thoradh sin, feidhmíonn gnólachtaí sa tSín i dtimpeallacht shonrach ina bhfuil roinnt mhaith sásraí a thugann leibhéal substaintiúil rialaithe do Rialtas na Síne ar aon ghné den ghníomhaíocht eacnamaíoch sa tír – murab ionann agus geilleagair an Iarthair inarb iad fórsaí an mhargaidh an prionsabal eagrúcháin ceannasach. Cuireann an rialú daingean sin cosc ar oibreoirí eacnamaíocha gníomhú mar oibreoirí margaidh réasúnacha atá ag iarraidh brabús a uasmhéadú, agus go deimhin cuireann sé iallach orthu gníomhú mar bhrainse den rialtas agus a bheartais agus a phleananna á gcur chun feidhme acu.

(36) Is iad na gnéithe seo a leanas is mó maidir le hiompar gnó laethúil oibreoirí eacnamaíocha a dhéanamh de chinntí beartais Rialtas na Síne: *(i)* dúnghaois an gheilleagair margaidh shóisialaigh, *(ii)* ceannaireacht Pháirtí Cumannach na Síne, *(iii)* córas pleanála tionsclaíche, *(iv)* córas airgeadais.

(37) Le dúnghaois an gheilleagair margaidh shóisialaigh, a chorpraítear i mBunreacht na Síne ([8]), deonaítear don Stát rialú bunúsach uilechuimsitheach ar an ngeilleagar, a bhfuil i bhfad níos mó i gceist leis ná na caighdeáin thraidisiúnta maidir le creat rialála a leagan síos a bhfuil sé de shaoirse ag gníomhaithe margaidh oibriú laistigh de. Go háirithe, de réir Airteagal 6 den Bhunreacht: '*Is é bunús chóras eacnamaíoch sóisialach Dhaon-Phoblacht na Síne úinéireacht phoiblí shóisialach ar na modhanna táirgthe* […]. *I gcéim thosaigh an tsóisialachais, is é an Stát a thacaíonn leis an mbunchóras eacnamaíoch ina bhfuil an úinéireacht phoiblí ceannasach agus ina bhforbraíonn cineálacha éagsúla úinéireachta taobh le chéile, ar córas é a chloíonn leis an gcóras dáileacháin inarb é an rud atá ceannasach dáileadh de réir na hoibre agus ina bhfaightear modhanna éagsúla dáileacháin taobh le chéile*.' Thairis sin, de bhun Airteagal 15 den Bhunreacht: '*Is é geilleagar margaidh sóisialach a chleachtann an Stát. Neartaíonn an Stát reachtaíocht eacnamaíoch, feabhsaíonn sé macrai-rialáil agus rialú. Cuireann an Stát toirmeasc de réir an dlí ar aon eagraíocht nó duine aonair cur isteach ar an ord socheacnamaíoch*.' Thairis sin, le hAirteagal 11 den Bhunreacht sanntar ról idirghabhálach don Stát a bhfuil níos mó i gceist leis ná cearta agus leasanna na n-earnálacha neamhphoiblí a chosaint, a mhéid a dhéanfaidh an Stát '*forbairt earnálacha neamhphoiblí an gheilleagair a spreagadh agus a threorú agus tacaíocht a thabhairt di agus, i gcomhréir leis an dlí, maoirseacht agus rialú a fheidhmiú ar earnálacha neamhphoiblí an gheilleagair*.'

(38) Léirítear na bunphrionsabail bhunreachtúla sin i ngach píosa reachtaíochta ábhartha ([9]) lena gcuirtear i dtábhacht gurb é an geilleagar margaidh sóisialach an príomhphrionsabal a bhfuil geilleagar na Síne bunaithe air. Thairis sin, baineann an Stát, faoi cheannaireacht Pháirtí Cumannach na Síne, úsáid fhorleathan as ionstraimí éagsúla – idir dhreasú agus shrianadh – chun an geilleagar a threorú i dtreo nuachóiriú sóisialach, i.e. i dtreo cuspóirí (lena n-áirítear cuspóirí beartais thionsclaíoch) arna leagan síos ag Rialtas na Síne.

([8]) Bunreacht na Síne, arna glacadh an 4 Nollaig 1982, arna leasú; le fáil ag: http://en.moj.gov.cn/2021-06/22/c_634901.htm.

([9]) Féach mar shampla Airteagail 1 agus 206 de Chód Sibhialta na Síne, ar dá réir: '*Foirmlítear an Dlí seo* [...] *chun cearta agus leasanna dleathacha daoine atá faoi réir an dlí shibhialta a chosaint, chun sóisialachas a bhfuil saintréithe Síneacha aige a fhorbairt, agus chun na bunluachanna sóisialacha a chur ar aghaidh*' agus '[d]*éanann an Stát na córais eacnamaíocha shóisialacha bhunúsacha a chaomhnú agus a fheabhsú, amhail an córas úinéireachta faoina bhforbraíonn cineálacha éagsúla úinéireachta taobh le húinéireacht phoiblí mar bhunchloch, an córas dáileacháin faoina bhfaightear cineálacha éagsúla dáileacháin i gcomhthráth le dáileadh de réir na hoibre mar bhunchloch, chomh maith le córas an gheilleagair margaidh shóisialaigh. Déanann an Stát comhdhlúthú agus forbairt ar earnáil phoiblí an gheilleagair, agus spreagann, tacaíonn agus treoraíonn sé forbairt earnáil neamhphoiblí an gheilleagair. Cuireann an Stát geilleagar margaidh sóisialach chun feidhme* [...]'; le fáil ag: https://www.trans-lex.org/601705/_/civil-code-of-the-peoples-republic-of-china-/. Ar an gcaoi chéanna, de réir Airteagal 1 de Dhlí Cuideachtaí Dhaon-Phoblacht na Síne: '*Achtaíodh Dlí Cuideachtaí Dhaon-Phoblacht na Síne* [...] *chun eagrú agus gníomhaíochtaí cuideachtaí a chaighdeánú, chun cearta agus leasanna dleathacha cuideachtaí, scairshealbhóirí agus creidiúnaithe a chosaint, chun an t-ord sóisialta agus eacnamaíoch a chosaint agus chun forbairt an gheilleagair margaidh shóisialaigh a chur chun cinn*'; le fáil ag: http://mg.mofcom.gov.cn/article/policy/201910/20191002905610.shtml.

(39) Feidhmíonn Páirtí Cumannach na Síne a cheannaireacht ar bhealaí éagsúla sa chleachtas - cé go gcumhdaítear go foirmiúil í i mBunreacht na tíre ([10]), agus sa reachtaíocht thánaisteach ábhartha agus i mBunreacht an Pháirtí féin ([11]); go sonrach, os rud é nach ann do scaradh cumhachtaí sa tSín, feidhmíonn an Páirtí rialú iomlán ar bhrainse reachtach an Stáit ([12]), ar a bhrainse feidhmiúcháin ([13]) agus ar a bhrainse breithiúnach ([14]); thairis sin, déanann an Páirtí maoirseacht ar réimsí ríthábhachtacha den gheilleagar, lena n-áirítear an earnáil airgeadais agus na hearnálacha tionsclaíocha a mheastar a bheith straitéiseach, go háirithe trí úinéireacht agus/nó trí phríomhphearsanra a cheapadh agus a rothlú; ina theannta sin, tá sé éigeantach cealla Páirtí a bhunú i ngach fiontar ina bhfuil níos mó ná triúr comhaltaí den Pháirtí ([15]), i gcás cuideachtaí faoi úinéireacht stáit agus faoi úinéireacht phríobháideach araon, agus is minic a éilíonn struchtúir an Pháirtí laistigh de ghnóthais an ceart chun páirt a ghlacadh i gcinnteoireacht oibríochtúil cuideachtaí. Tugann na sásraí rialaithe sin go léir greim daingean do Pháirtí Cumannach na Síne ar gheilleagar na tíre agus cuireann siad ar chumas an Pháirtí a bheartais eacnamaíocha a cheapadh agus a chur chun feidhme i gcomhréir lena bhreithnithe agus lena thosaíochtaí straitéiseacha.

(40) Déantar treo gheilleagar na Síne a chinneadh a bheag nó a mhór le córas mionléirithe pleanála lena leagtar amach tosaíochtaí agus lena bhfoordaítear na spriocanna nach mór do na rialtais láir agus na rialtais áitiúla díriú orthu. Tá pleananna ábhartha ann ar gach leibhéal rialtais agus cumhdaítear leo beagnach gach earnáil eacnamaíoch. Tá na cuspóirí de chineál ceangailteach a leagtar síos leis na hionstraimí pleanála agus déanann na húdaráis ar gach leibhéal riaracháin faireachán ar chur chun feidhme na bpleananna ag an leibhéal comhfhreagrach is ísle den rialtas. Ar an iomlán, fágann an córas pleanála sa tSín go leithdháiltear acmhainní ar earnálacha a ainmníonn an rialtas a bheith ina n-earnálacha straitéiseacha nó ina n-earnálacha a mbaineann tábhacht pholaitiúil ar bhealach eile leo, seachas iad a leithdháileadh i gcomhréir le fórsaí an mhargaidh ([16]).

(41) Chun acmhainní a leithdháileadh i gcomhréir le tosaíochtaí beartais Rialtas na Síne, tá ionstraimiú na hearnála airgeadais ríthábhachtach d'údaráis na Síne. Tá forlámhas fós ag an earnáil baincéireachta ar chóras airgeadais na Síne agus rialaíonn an Stát an earnáil baincéireachta (féach freisin roinn 3.6.1) trí úinéireacht (féach aithris 122 go 124), agus trí naisc phearsanta chomh maith. Dá réir sin, tá sé de chumhacht ag Rialtas na Síne, ina cháil mar scairshealbhóir tromlaigh/urlámhais, daoine a cheapadh sna poist is tábhachtaí laistigh de bhainistíocht banc beartais atá faoi úinéireacht stáit (féach aithris 132), chomh maith le bainistíocht banc atá faoi úinéireacht an stáit féin, go páirteach nó go hiomlán, nó faoi úinéireacht daoine dlítheanacha i seilbh an stáit.

(42) Thairis sin, is minic a fhaightear in airteagail chomhlachais bhainc mhóra na Síne caibidil thiomnaithe maidir le cruthú coiste den Pháirtí ([17]). De réir airteagail chomhlachais Bhanc Tionscail agus Tráchtála na Síne ('ICBC'), mar shampla, *'is é an duine céanna a bheidh ina chathaoirleach ar bhord stiúrthóirí an Bhainc agus ina rúnaí ar Choiste an Pháirtí*' ([18]). Liostaítear in Airteagal 53 dualgais choiste an Pháirtí, lena n-áirítear faireachán ar chur chun feidhme

([10]) Féach Airteagal 1 den Bhunreacht: '*Is é an córas sóisialach córas bunúsach Dhaon-Phoblacht na Síne. Is í ceannaireacht Pháirtí Cumannach na Síne gné shainiúil an tsóisialachais a bhfuil saintréithe Síneacha aige. Toirmisctear ar aon eagraíocht nó duine aonair dochar a dhéanamh don chóras sóisialach.*'

([11]) Féach Clár Ginearálta Bhunreacht Pháirtí Cumannach na Síne, ar dá réir: '*Is í ceannaireacht Pháirtí Cumannach na Síne an ghné is fíor-riachtanaí den sóisialachas a bhfuil saintréithe Síneacha aige, agus an láidreacht is mó sa chóras seo. Is é an Páirtí an fórsa is airde le haghaidh ceannaireacht pholaitiúil. Tá ceannaireacht fhoriomlán ag an bPáirtí ar gach réimse fiontraíochta i ngach cuid den tír*'; le fáil ag: https://english.news.cn/20221026/d7fff914d44f4100b6e586372d4060a4/c.html (arna rochtain an 3 Meitheamh 2024).

([12]) Maidir le comhdhéanamh na Daon-Chomhdhála Náisiúnta agus leis an ngaol atá aici le Páirtí Cumannach na Síne, féach mar shampla: https://npcobserver.com/about-npc/.

([13]) Féach: https://www.gov.cn/.

([14]) Féach Airteagal 12 de Dhlí Breithiúna na Síne lena bhforáiltear nach mór do bhreithiúna '[s]*easamh* [...] *le Bunreacht Dhaon-Phoblacht na Síne, le ceannaireacht Pháirtí Cumannach na Síne, agus leis an gcóras sóisialach*'; le fáil ag: www.npc.gov.cn/englishnpc/c23934/202012/9c82d5dbefbc4ffa98f3dd815af62dfb.shtml#:~:text=Article%201%3A%20This%20Law%20is,in%20accordance%20with%20the%20law.

([15]) Féach Airteagal 30 de Bhunreacht Pháirtí Cumannach na Síne: '*Bunófar eagraíocht bhunleibhéil den Pháirtí in aon fhiontar,* [...]*, aon orgán rialtais,* [...] *agus aon institiúid bhunleibhéil eile* [eagraíocht ina n-oibríonn daoine] *ina bhfuil triúr lánchomhaltaí den Pháirtí nó níos mó*'.

([16]) Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin maidir le Saobhadh Suntasach i nGeilleagar Dhaon-Phoblacht na Síne chun críoch Imscrúduithe Cosanta Trádála, an 20 Nollaig 2017, SWD(2017) 483 final/2 ('Tuarascáil na Síne 2017') – Caibidil 4, lgh. 41-42, 83. Féach freisin Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin (nuashonraithe) maidir le Saobhadh Suntasach i nGeilleagar Dhaon-Phoblacht na Síne chun críocha Imscrúduithe Cosanta Trádála, an 10 Aibreán 2024, SWD(2024) 91 final ('Tuarascáil na Síne') – Caibidil 4, lgh. 57-59, 99.

([17]) Airteagail chomhlachais ICBC, Caibidil 6, Airteagail 52-53; le fáil ag: http://v.icbc.com.cn/userfiles/Resources/ICBCLTD/download/2017/gszc_en.pdf. (arna sheiceáil go deireanach an 23.6.2026)

([18]) *Ibid.*, Airteagal 52.

praiticiúil chinntí an Pháirtí agus an Stáit sa bhanc. Tá ról ag coiste an Pháirtí freisin maidir le pearsanra a roghnú agus meastóireacht a dhéanamh orthu, in éineacht leis an mbord stiúrthóirí. Ar deireadh, tá coiste an Pháirtí le bheith rannpháirteach sa phlé ar *'mhórcheisteanna oibríochtúla agus bainistíochta agus ar shaincheisteanna móra a bhaineann le leasanna fostaithe agus tabharfaidh sé barúlacha agus moltaí'* ([19]). Thairis sin, de réir na bhforálacha a bhaineann leis an mbord stiúrthóirí, ní mór dul i gcomhairle le coiste an Pháirtí sula ndéanfar cinneadh maidir le saincheisteanna ábhartha ([20]). Tá an friotal céanna in airteagail chomhlachais Bhanc Talmhaíochta na Síne ('ABC'), in Airteagal 58 maidir le coiste an Pháirtí a bhunú agus in Airteagal 161 maidir le rannpháirtíocht an Choiste sa phlé ar shaincheisteanna móra ([21]).

(43) Chomh maith le cumas Rialtas na Síne an earnáil baincéireachta a rialú trí úinéireacht agus trí leagan amach eagraíochtúil, feidhmíonn Rialtas na Síne rialú ar an earnáil freisin i bhfianaise reachtaíocht na Síne is infheidhme (féach Roinn 3.6.1.4 mar a ndéantar an anailís ar na doiciméid rialála ábhartha) lena gceanglaítear ar na bainc ailíniú le cuspóirí bheartas tionsclaíoch na tíre agus cinntí airgeadais á ndéanamh acu.

(44) Mar chonclúid, léiríonn na heilimintí sin uile go mbraitheann struchtúr an chórais dhlíthiúil agus pholaitiúil sa tSín ar ghreim daingean an rialtais ar gach gné den gheilleagar agus den trádáil, os rud é go ndéanann Rialtas na Síne bainistíocht agus faireachán orthu go lárnach. Tá na hoibreoirí eacnamaíocha ina ndlúthchuid den chóras seo, ní mar ghníomhaithe saormhargaidh arb é is aidhm dóibh cinntí gnó a dhéanamh bunaithe ar loighic eacnamaíoch agus uasmhéadú brabúis agus orthu sin amháin, ach mar cheann de na gníomhaithe lárnacha chun na beartais uileghabhálacha agus a gcuspóirí sonracha arna leagan síos ag Rialtas na Síne a chur chun feidhme ar an leibhéal lárnach.

3.2. **Pleananna agus beartais rialtais chun tacú leis an tionscal LWTP agus an tionscal déanta páipéir**

(45) Ina fhianaise sin, rinne an Coimisiún anailís ar roinnt doiciméad beartais thionsclaíoch a cuireadh i bhfeidhm i ndiaidh a chéile ó bhí 2005 ann ar a laghad agus a liostaítear thíos, chun a shuí an bhfuil fóirdheontais nó cláir fóirdheontais a bhfuil measúnú á ndéanamh orthu ina gcuid de chur chun feidhme phleanáil lárnach Rialtas na Síne chun an tionscal LWTP a spreagadh.

(46) Is dlúthchuid den earnáil déanta páipéir é LWTP, mar aon le cineálacha eile páipéir agus laín adhmaid. Sa tSín, is é Comhlachas na Síne um Pháipéar (CPA) a chomhordaíonn an earnáil déanta páipéir.

3.2.1. *Cinneadh Uimh. 40 ón gComhairle Stáit maidir le 'Forálacha Sealadacha maidir le Coigeartú an Struchtúir Thionsclaíoch a chur chun cinn' a Chur i bhFeidhm agus a Chur chun Feidhme'*

(47) Is doiciméad dlíthiúil é Cinneadh Uimh. 40 ó Chomhairle Stáit Dhaon-Phoblacht na Síne a eisíodh in 2005 agus arb é is aidhm dó coigeartuithe ar struchtúr tionsclaíoch a chur chun cinn sa tSín trí fhorbairt tionscal ardteicneolaíochta a spreagadh agus trí dheireadh a chur le hacmhainneacht táirgeachta atá as dáta.

(48) Sa 'Chatalóg Threorach maidir le Coigeartú an Struchtúir Thionsclaíoch', ar beart cur chun feidhme de Chinneadh Uimh. 40 é, leagtar síos an bonn chun orduithe infheistíochta a threorú trí earnálacha tionsclaíocha a ainmniú ar cheart dóibh tairbhiú de rochtain phribhléideach ar chreidmheas. Treoraítear Rialtas na Síne léi freisin maidir le tionscadail infheistíochta a riar, agus beartais maidir le hairgeadas poiblí, cánachas, creidmheas, talamh, allmhairiú agus onnmhairiú a cheapadh agus a fhorfheidhmiú. D'eisigh an Coimisiún Náisiúnta um Fhorbairt agus Athchóiriú ('NDRC') catalóg threorach in 2019 agus 2024, agus rinne sé leasú uirthi ina dhiaidh sin. Shainaithin an Coimisiún tagairt shoiléir inti do na línte táirgthe comhtháite foraoiseachta agus páipéir lena mbaineann LWTP ([22]).

([19]) *Ibid.*, Airteagal 53(3).
([20]) *Ibid.*, Airteagal 144.
([21]) Airteagail chomhlachais ABC; le fáil ag: https://www.abchina.com/en/investor-relations/corporate-announcements/announcements/201811/W020181126632885896610.pdf. (arna sheiceáil go deireanach an 23.6.2026).
([22]) https://www.ndrc.gov.cn/xxgk/zcfb/fzggwl/202312/P020231229700886191069.pdf - féach lch. 52

3.2.2. *Made in China 2025*

(49) In 2015, d'fhoilsigh Rialtas na Síne a straitéis thionsclaíoch chuimsitheach fhadtéarmach dar teideal Made in China 2025 ([23]). Leis an straitéis sin, leagadh síos garspriocanna chun earnálacha monaraíochta roghnaithe na tíre a uasghrádú faoi 2020 agus 2025 agus athdhearbhaíodh go raibh sé ar intinn ag Rialtas na Síne beartais tacaíochta airgeadais fheabhsaithe a úsáid ina leith sin, lena n-áirítear treo an chistiúcháin trí bhainc faoi úinéireacht stáit ('SOBanna') chun an tionscal monaraíochta a leathnú thar lear, chomh maith le tacaíocht fhioscach agus tacaíocht chánachais eile a leathnú. Thar aon ní eile, luaitear i dTreoirlínte *Made in China* '[go leithdháilfear] *cistiú ar thionscadail nach féidir leo cistiú a fháil ón margadh agus a bhfuil tacaíocht lárnach de dhíth orthu.*' Dá bhrí sin, tá tacaíocht shubstaintiúil rialtais ann chun forbairt earnálacha sainaitheanta den gheilleagar a chur chun cinn trí acmhainní a chur i dtreo spriocanna beartais a chur chun feidhme ([24]).

(50) Faoin Tionscnamh 'Made in China 2025', tá tionscal éadrom na Síne, lena mbaineann an tionscal páipéir, incháilithe le haghaidh tacaíochta chun a uasghrádú teicneolaíoch, ceannach trealaimh táirgthe nua-aimseartha, agus luasghéarú a aistrithe ghlais a mhaoiniú.

(51) I ndáil leis sin, tríd an gclár *Made in China 2025*, tacaíonn Rialtas na Síne le forbairt thapa an tionscail déanta páipéir, agus taighde agus forbairt (T&F) agus tionsclú na hearnála á gcur chun cinn freisin.

3.2.3. *An 14ú Plean Náisiúnta Cúig Bliana de chuid na Síne*

(52) I bhfianaise chineál chóras pleanála na Síne, déanfaidh na húdaráis ábhartha uile obair leantach ar phleananna ardleibhéil – amhail an 12ú, an 13ú nó an 14ú Plean Náisiúnta 5 Bliana ('FYPanna') – agus cuirfidh siad chun feidhme iad. Leagtar amach sna pleananna náisiúnta oibleagáidí sainráite ina leith sin, amhail Airteagal LXV den 14ú Plean Cúig Bliana náisiúnta ([25]), ar dá réir a dhéanfaidh Rialtas na Síne '*eagrú, comhordú agus maoirseacht chur chun feidhme an phlean seo a neartú agus faireachán agus measúnú ar phleanáil agus ar chur chun feidhme, dearbhú beartais, agus sásraí measúnaithe agus maoirseachta a bhunú agus a fheabhsú.*' Dá réir sin, ní mór d'údaráis ar leibhéal níos ísle '*timpeallacht fhabhrach beartais, institiúideach agus dhlíthiúil a chruthú. Cuirfear na spriocanna forbartha agus na príomhchúraimí a mholtar sa phlean seo chun feidhme leis na pleananna bliantúla.*' ([26])

(53) Thar aon ní eile, geallann Rialtas na Síne go haonchiallach tacaíocht airgeadais a chur ar fáil, chomh maith le tacaíocht i bhfoirm tosca táirgeachta eile – amhail talamh – do thionscadail agus d'earnálacha a shainaithnítear sa Phlean: '[c]*loífimid le prionsabal an phlean lena socraítear an treo, lena ngabhann caiteachas fioscach mar ráthaíocht, maoiniú mar thacaíocht, agus comhordú le beartais eile.* [...] *Leanfaimid de bheith ag áirithiú go gcloífidh caiteachas fioscach poiblí leis an mbeartas poiblí agus go bhfónfaidh sé dó, feabhsóimid an tacaíocht airgeadais do mhórchúraimí straitéiseacha náisiúnta, neartóimid comhordú pleananna airgeadais meántéarmacha agus buiséad bliantúil, comhordú pleananna infheistíochta rialtais, agus comhordú chur chun feidhme an phlean seo, agus tabharfaimid tosaíocht do chistí fioscacha lárnacha le haghaidh na mórchúraimí agus na mórthionscadal innealtóireachta a shainaithnítear sa phlean seo. Áiteoimid go leanfaidh tionscadail an plean agus na cistí agus na tosca táirgeachta tionscadail a leanúint, liosta de mhórthionscadail innealtóireachta a fhorbairt bunaithe ar an bplean seo, na nósanna imeachta formheasa do na tionscadail ar an liosta a shimpliú, agus a áirithiú go dtugtar tús áite do roghnú láithreán pleanála, soláthar talún, agus riachtanais chaipitil. Ráthaíonn an stát ar bhealach aontaithe na riachtanais talún le haghaidh mórthionscadail innealtóireachta aonair.*' ([27])

(54) Leis an 14ú Plean Cúig Bliana, sainaithnítear an tionscal déanta páipéir mar phríomhthionscal (atáthar a spreagadh) tríd an méid seo a leanas a rá: '*Déanfaimid tionscail thraidisiúnta a chlaochlú agus a uasghrádú, cuirfimid barrfheabhsú agus coigeartú struchtúrach tionscal amhábhar amhail peitriceimiceáin, cruach, miotail neamhfheiriúla agus ábhair thógála chun cinn, leathnóimid soláthar táirgí ardcháilíochta in earnálacha amhail tionscal éadrom agus teicstílí, cuirfimid dlús le claochlú agus uasghrádú fiontar i* **bpríomhthionscail** *amhail tionscal na gceimiceán agus an* **tionscal déanta páipéir, agus cuirfimid feabhas ar an gcóras monaraíochta glas**' (béim curtha leis) ([28]).

([23]) Féach: https://www.gov.cn/zhengce/content/2015-05/19/content_9784.htm ; Tá an t-aistriúchán Béarla le fáil ag: https://cset.georgetown.edu/wp-content/uploads/t0432_made_in_china_2025_EN.pdf.

([24]) ISDP, 'Made in China 2025', Meitheamh 2018, https://isdp.eu/publication/made-china-2025/.

([25]) Féach: https://www.gov.cn/xinwen/2021-03/13/content_5592681.htm. Tá aistriúchán Béarla le fáil ag: https://cset.georgetown.edu/wp-content/uploads/t0284_14th_Five_Year_Plan_EN.pdf.

([26]) Féach Airteagal LXV, Roinn 1 den Phlean.

([27]) Féach Airteagal LXV, Roinn 3 den Phlean.

([28]) Féach Airteagal VIII, Roinn 3 den Phlean

3.2.4. An 14ú Plean Forbartha Cúig Bliana *maidir le Forbairt Thionscal an Pháipéir*

(55) Tá Plean Cúig Bliana sonrach maidir le tionscal an pháipéir foilsithe ag an tSín freisin. Sa phlean sin, déantar earnáil an tionscail déanta páipéir a aicmiú mar '*thionscal amhábhair bhunúsaigh tábhachtach a bhfuil dlúthbhaint aige le forbairt eacnamaíoch agus shóisialta náisiúnta agus a bhfuil an inbhuanaitheacht ina saintréith de*' agus cuirtear síos ar an leibhéal tomhaltais páipéir mar '*tháscaire tábhachtach ar leibhéal forbartha eacnamaíche agus sibhialtachta tíre*'.

(56) Leis an bPlean Cúig Bliana sin, deimhnítear cuspóirí na hearnála foraoiseachta, laín agus páipéir faoi chuimsiú gheilleagar na Síne ina iomláine, arb iad a phríomhspriocanna coigeartú struchtúrach a dhéanamh, feabhas a chur ar cháilíocht agus nuálaíocht theicneolaíoch a dhéanamh d'fhonn onnmhairí a leathnú. Tá sé d'aidhm ag an bplean freisin struchtúr na n-amhábhar a choigeartú chun spleáchas ar laíon allmhairithe a laghdú agus díríonn sé ar fhorbairt chomhtháite na hearnála foraoiseachta, laín agus páipéir.

(57) Ní thugann an plean aon deis d'fhorbairt an mhargaidh shaoir, a mhéid a leagann sé spriocanna soiléire comhshaoil agus teicniúla síos don tionscal agus a shainíonn sé spriocanna (go dtí 2035) i dtaobh an aschuir náisiúnta táirgthe páipéir, an chion laín íon a úsáidtear, úsáid fuinnimh bithmhaise, rátaí tomhaltais laín agus fóntas agus i dtaobh an leibhéil truaillithe.

3.3. **LWTP mar thionscal atáthar a spreagadh**

(58) Mhaígh Rialtas na Síne nach tionscal atáthar a spreagadh é LWTP toisc nach liostaítear an táirge i gCatalóg na dTionscal Atáthar a Spreagadh le haghaidh Infheistíochtaí Coigríche ([29]) ('an Chatalóg'), sa 14ú Plean Cúig Bliana ná sa doiciméad dar teideal *Made in China 2025*.

(59) Ar na forais sin, mheas Rialtas na Síne nár cheart imscrúdú a dhéanamh ar scéimeanna a bhaineann le cóir fhabhrach mar gheall ar easpa sainiúlachta. D'áitigh Rialtas na Síne freisin, ós rud é go mbaineann cuid de na tionscail réamhtheachtacha agus iartheachtacha le tionscail atáthar a spreagadh, nach n-imrítear tionchar ar stádas an tionscail LWTP féin agus nár cheart imscrúdú a dhéanamh ach oiread ar scéimeanna a bhaineann le hionchuir a sholáthar ar íocaíocht nach leordhóthanach.

(60) Léiríodh san imscrúdú, áfach, gur cuid den earnáil déanta páipéar é LWTP ar tionscal atáthar a spreagadh é féin dá dtagraítear i gCinneadh Uimh. 40 (féach aithrisí 47 go 48), sa doiciméad dar teideal Made in China 2025 (féach aithris 50) agus sa 14ú Plean Cúig Bliana (féach aithris 54).

(61) Maidir leis an gCatalóg, liostaítear 'ceimiceáin déanta páipéir' mar thionscal monaraíochta atáthar a spreagadh ([30]). Áirítear thairis sin na nithe seo a leanas ar liosta na dtionscal atáthar a spreagadh:

— 'Monarú tacar iomlán d'innealra nua déanta páipéir (lena n-áirítear innealra nua déanta laín)' ([31]). Is léir go n-úsáidtear iad sin chun LWTP a tháirgeadh agus go ndeimhníonn siad straitéis sheanbhunaithe na Síne innealra déanta páipéir a fhóirdheonú.

— 'Monarú trealaimh thionsclaíoch spárála uisce le haghaidh tionscail ardtomhaltais uisce amhail an tionscal cruach, **an tionscal déanta páipéir**, an tionscal teicstíle, tionscal na bpeitriceimiceán, tionscal na gceimiceán agus an tionscal miotalóireachta' (béim curtha leis) ([32]). Chun LWTP a tháirgeadh, tá méideanna móra uisce ag teastáil i gcéimeanna éagsúla den táirgeadh (e.g., monarú an bhonnpháipéir inar gá uisce a úsáid le haghaidh an laín ar dtús, ansin le haghaidh na sreinge, agus ar deireadh chun draenáil tríd an tsreang ionas go gcruthófar gréasán nó leathán ar an tsreang). Dá bhrí sin, tairbhíonn táirgeoirí LWTP go mór de threalamh tionsclaíoch spárála uisce.

— 'Táirgeadh bratuithe ardfheidhmíochta, greamachán, bratuithe tionsclaíocha, bratuithe ardchion solad, bratuithe tionsclaíocha a bhfuil cion íseal comhdhúl so-ghalaithe orgánach (CSO) iontu – ar bratuithe uiscebhunaithe, bratuithe púdair, bratuithe a ndearnadh leasú ionradaíochta orthu, bratuithe saor ó thuaslagóirí agus bratuithe tionsclaíocha eile iad – agus roisíní tacaíochta, bratuithe tionsclaíocha uiscebhunaithe agus roisíní cúnta uiscebhunaithe (lena n-áirítear aicrioláit bhúitile ardleibhéil agus aicrioláit ochtaile ardleibhéil)' ([33]). Tá ról ríthábhachtach ag bratuithe ardfheidhmíochta maidir le LWTP a tháirgeadh. Tá na bratuithe sin ceaptha feidhmiúlacht agus marthanacht an pháipéir a fheabhsú.

([29]) An t-eagrán is déanaí ó 2022 - le fáil ag: https://english.shanghai.gov.cn/cmsres/70/70c4357399aa4e49b339a0cd152ddc44/54223085d64d7.
([30]) Féach leathanach 4.
([31]) Féach lch. 13, pointe 200.
([32]) Féach lch. 16, pointe 25.
([33]) Féach lch. 5, pointe 69.

— ‘Córais bainistíochta teirmí agus rialaithe’. ([34]) Tá ról ríthábhachtach acu sin freisin maidir le LWTP a tháirgeadh toisc go n-áirithítear leo go ndéantar an bratú a leathadh ag an teocht cheart agus ar an leibhéal ceart bogthaise go comhsheasmhach chun an cháilíocht íomhánna is inmhianaithe a bhaint amach.

(62) Tagraítear i roinnt doiciméad ar an leibhéal cúigeach agus bardasach freisin don earnáil LWTP nó don earnáil déanta páipéir mar thionscal atáthar a spreagadh.

(63) Sa 14ú Plean Cúig Bliana de chuid Chúige Guangdong ([35]), in Iarscríbhinn 2 a ghabhann leis (Tiomsú Mórthionscadal Tógála sa 14ú Plean Cúig Bliana de chuid Chúige Guangdong), iarrtar ‘*Dlús a chur le bunú lárionaid nuálaíochta agus cruthaitheachta, a bheidh dírithe ar Guangzhou agus Shenzhen, agus le bunú líonra boinn monaraíochta a dhíreoidh ar an gcrios eacnamaíoch cois cósta agus ar bhraislí tionsclaíocha sainiúla éagsúla. Samhlacha forbartha nuálacha a chur chun cinn i dtionscail amhail an tionscal teicstíle agus éadaí, tionscal na bplaisteach, an tionscal leathair, tionscal na gceimiceán tí, an tionscal crua-earraí, an tionscal troscáin, an tionscal* ***déanta páipéir,*** *agus an tionscal ealaíon agus ceardaíochta; dlús a chur leis an gcomhtháthú le teicneolaíochtaí nua, le nua-ábhair, leis an gcultúr, leis an gcruthaitheacht agus le faisean; táirgí cliste, sláintiúla, glasa agus pearsantaithe a fhorbairt ar táirgí meánleibhéil go hardleibhéil iad; agus brandaí a bhfuil cáil orthu go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta fiú a chothú*’ (béim curtha leis).

(64) I dtéarmaí praiticiúla, ba cheart a lua freisin go bhfuil an táirgeoir LWTP a ndearnadh scrúdú aonair air – GGHT – lonnaithe i gCúige Guangdong. Suíodh gur bhain an chuideachta úsáid as an scéim um asbhaint bhreise CBL d’fhiontair ardmhonaraíochta. Mar a mhínítear in aithrisí 287 go 290, chun bheith incháilithe don scéim sin, ba ghá an chuideachta a aithint mar fhiontar ardteicneolaíochta agus nuatheicneolaíochta agus a táirge a áireamh ar an liosta sonrach arna ullmhú ar leibhéal an chúige, an réigiúin fhéinrialaithigh nó an bhardais mar tháirge atáthar a spreagadh.

(65) An 16 Márta 2022, d’fhoilsigh Roinn Éiceolaíochta agus Comhshaoil Chúige Hubei a ‘Freagra maidir le forbairt ardcháilíochta an tionscail páipéir’ ([36]). Ina freagra, chuir Roinn Éiceolaíochta agus Comhshaoil Chúige Hubei in iúl ‘*go bhfuil sé beartaithe ag ár gcúige 13 thionscadal nua laín agus páipéir a chur ar bun go luath amach anseo, ag a mbeidh 19,16 milliún tona d’acmhainneacht nua déanta páipéir agus 7,5 milliún tona d’acmhainneacht déanta laín*’ agus go‘*[n-á] irítear ar na tionscadail a d’fhormheas EIA tionscadal Jingzhou (Jiulong, Shanying, Xianhe, Rongcheng), tionscadal Huanggang Chenming, tionscadal Qianjiang Fuda, etc., ag a mbeidh 11,84 milliún tona d’acmhainneacht iomlán déanta páipéir agus 3,15 milliún tona d’acmhainneacht déanta laín.*’.

(66) Thairis sin, tacaíonn an tSín go sainráite le cuideachtaí ceimiceán déanta páipéir a sholáthraíonn amhábhar atá fíor-riachtanach chun LWTP a tháirgeadh. Mar shampla, d’eisigh Cúige Jiangsu Plean Jiangsu um Cheimiceáin arb é is aidhm dó ‘*Mealladh cuideachtaí móra ceimiceán déanta páipéir ó áiteanna eile ar domhan a neartú agus trealamh monaraíochta atá iomaíoch go hidirnáisiúnta a thógáil. Ag deireadh an ‘14ú Plean Cúig Bliana’, féachfaidh tionscal na gceimiceán déanta páipéir sa chúige le luach aschuir iomlán CNY 6 bhilliún a bhaint amach*’ ([37]).

(67) Ar deireadh, mar a léirítear in Airteagal 59 dá Airteagail Chomhlachais, faigheann CPA a ioncam ó fhóirdheontais rialtais.

(68) Bunaithe ar an méid thuas, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gur tionscal atáthar a spreagadh é LWTP, ós cuid den earnáil déanta páipéir sin é.

3.4. **Neamh-chomhoibriú páirteach agus na fíorais atá ar fáil a úsáid**

3.4.1. *Cur i bhfeidhm fhorálacha Airteagal 28(1) den bhun-Rialachán i ndáil le Rialtas na Síne*

(69) Cé gur fhreagair Rialtas na Síne iarrataí áirithe ar fhaisnéis ón gCoimisiún le linn an imscrúdaithe, i roinnt mhaith cásanna níor tugadh freagraí iomlána nó níor soláthraíodh aon fhaisnéis ar chor ar bith. Go sonrach, ina fhreagra ar cheistneoir an rialtais, theip ar Rialtas na Síne faisnéis riachtanach a sholáthar maidir le scéimeanna éagsúla a ullmhú, faireachán a dhéanamh orthu agus iad a chur chun feidhme. Rinneadh na heilimintí fíorthábhachtacha sin go léir a dhoiciméadú go mion sa litir maidir le hAirteagal 28 a seoladh chuig Rialtas na Síne. Thug Rialtas na Síne freagra le barúlacha, ar thug an Coimisiún aghaidh orthu sna ranna thíos.

([34]) Féach lch. 18, pointe 277.
([35]) https://www.ndrc.gov.cn/fggz/fzzlgh/dffzgh/202104/P020210428644397719082.pdf
([36]) https://sthjt.hubei.gov.cn/fbjd/zc/zcwj/sthjt/ehh/202204/t20220419_4088112.shtml?utm
([37]) http://gxt.jiangsu.gov.cn/art/2021/8/25/art_83673_10000511.html.

3.4.2. *Cur i bhfeidhm fhorálacha Airteagal 28(1) den bhun-Rialachán i ndáil le hiasachtú fabhrach*

(70) D'fhonn an fhaisnéis is gá a fháil go héifeachtach ó na hinstitiúidí airgeadais sa tSín agus ar mhaithe le háisiúlacht riaracháin, d'iarr an Coimisiún ar Rialtas na Síne ceistneoirí sonracha a chur ar aghaidh chuig aon institiúid airgeadais a sholáthair iasachtaí nó creidmheasanna onnmhairiúcháin do na cuideachtaí sampláilte.

(71) Mheas Rialtas na Síne go raibh iarraidh an Choimisiúin ar Rialtas na Síne an ceistneoir sonrach a chur ar aghaidh de shárú ar Airteagail 12.1 agus 12.9 de Chomhaontú EDT maidir le Fóirdheontais agus Bearta Frithchúitimh (Comhaontú SCM). Mheas sé gur ar an údarás imscrúdaithe atá an oibleagáid an t-imscrúdú a dhéanamh agus faisnéis a bhailiú ó institiúidí airgeadais agus nach féidir leis iarraidh ar Rialtas na Síne na ceistneoirí a chur ar aghaidh chuig institiúidí airgeadais ar thoimhde gur comhlachtaí poiblí iad na heintitis sin. D'áitigh sé go bhfuil an cur chuige toimhdean sin ar neamhréir le hAirteagal 1.1(a)(1) de Chomhaontú SCM. D'áitigh Rialtas na Síne freisin go raibh rochtain ag an gCoimisiún cheana féin ar liosta bhainc thráchtála na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte agus go bhféadfadh sé na ceistneoirí a sheoladh go díreach chuig na hinstitiúidí airgeadais atá i gceist.

(72) Luaigh Rialtas na Síne freisin nár tugadh fógra cuí do na hinstitiúidí airgeadais faoin bhfaisnéis a ceanglaíodh orthu a sholáthar, nár tugadh 30 lá dóibh chun an fhaisnéis a iarradh a sholáthar agus nár tugadh neart deiseanna dóibh ach oiread chun an fhaisnéis ábhartha a sholáthar i scríbhinn de réir bhrí Airteagal 12.1 de Chomhaontú SCM. Thairis sin, mheas Rialtas na Síne freisin nach bhfuil cead ag baill foirne na mbanc tráchtála sin rúin stáit nó rúin tráchtála ar tháinig siad ar an eolas fúthu le linn a bhfostaíochta a nochtadh de réir Airteagal 53 de Dhlí na mBanc Tráchtála, agus dá bhrí sin nach féidir leo freagra a thabhairt ar an gceistneoir.

(73) Níor aontaigh an Coimisiún leis an tuairim sin. Ar an gcéad dul síos, tuigtear don Choimisiún go bhfuil an fhaisnéis a iarrtar ar eintitis atá faoi úinéireacht an Stáit ar fáil do Rialtas na Síne do gach eintiteas ina bhfuil Rialtas na Síne ar an bpríomh-scairshealbhóir nó ina bhfuil na scaireanna is mó aige. Ina theannta sin, cé nár thoimhdigh an Coimisiún ar bhealach ar bith gur comhlachtaí poiblí iad na heintitis, mheas sé go bhfuil an t-údarás is gá ag Rialtas na Síne freisin chun idirghníomhú leis na hinstitiúidí airgeadais fiú i gcás nach bhfuil siad faoi úinéireacht stáit, ós rud é go dtagann siad uile faoi dhlínse an Riaracháin Náisiúnta um Rialáil Airgeadais ('NFRA'), a cuireadh in ionad Choimisiún Rialála Baincéireachta agus Árachais na Síne ('CBIRC') ([38]) in 2023. I ndáil leis sin, ní bhaineann sé le hábhar go bhféadfadh an Coimisiún dul i dteagmháil go díreach leis na hinstitiúidí airgeadais lena mbaineann, ós rud é go bhfuil foirm agus módúlachtaí bailithe na faisnéise is gá faoi rogha an údaráis imscrúdúcháin i gcónaí ([39]). Thug an Coimisiún dá aire freisin gur chuir Rialtas na Síne an ceistneoir ar aghaidh chuig bainc áirithe in imscrúduithe roimhe seo ([40]) gan an cur chuige a ghlac an Coimisiún a cheistiú. Thairis sin, a mhéid a bhaineann leis an bhfaisnéis a iarradh agus leis an sprioc-am chun freagra ar an gceistneoir a chur isteach, ní bhfuair an Coimisiún aon iarraidh ar shoiléiriú ná aon iarraidh go gcuirfí síneadh leis an sprioc-am ó aon institiúid airgeadais.

(74) Níor dhírigh an Coimisiún a cheistneoir ar fhoireann na n-institiúidí airgeadais ach ar na hinstitiúidí féin. In aon chás, ní bhaineann sé le hábhar go bhféadfaí faisnéis áirithe a mheas mar rún Stáit nó tráchtála faoi chuimsiú imeacht frith-fhóirdheontais i bhfianaise na rúndachta lena gcaitear le haon fhaisnéis a chuirtear isteach a mheastar a bheith faoi rún. Ina theannta sin, iarradh ar an táirgeoir a ndearnadh scrúdú aonair air (Guanhao Group) údarú bainc a sholáthar lena ndeonaítear cead sainráite d'ionadaithe an Choimisiúin athbhreithniú a dhéanamh ar na doiciméid uile ([41]) a bhaineann leis na hiasachtaí a sholáthair institiúidí airgeadais aonair agus soláthraíodh an t-údarú a iarradh.

(75) Thairis sin, sa nós imeachta seo, chuir an Coimisiún na ceistneoirí go díreach chuig na bainc a liostaítear mar phríomhchreidiúnaithe an ghrúpa a ndearnadh scrúdú aonair air agus ní bhfuarthas aon fhreagra.

([38]) Tháinig NFRA in ionad Choimisiún Rialála Baincéireachta agus Árachais na Síne ('CBIRC') in 2023.

([39]) Tuarascáil ón bPainéal, An tSín – Táirgí Gríoscachán (Airteagal 21.5 – SAM), míreanna 7.229-7.231. WT/DS427.

([40]) Féach http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2013/1239/oj, aithris (139) in IO L 325, 5.12.2013, lch. 88 (cás na bpainéal gréine) agus http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2018/1690/oj, aithris (48) in IO L, 283, 12.11.2018, lch. 7 (cás na mbonn).

([41]) Amhail na nithe seo a leanas, ach gan bheith teoranta dóibh: comhaontuithe iasachta, iarratais ar iasachtaí, measúnú inmheánach an bhainc ar an iarratas ar iasacht, doiciméid formheasa iasachta.

(76) In éagmais na faisnéise sin, mheas an Coimisiún nach bhfuair sé an fhaisnéis riachtanach a bhí ríthábhachtach i ndáil leis an ngné sin den imscrúdú. Dá bhrí sin, chuir an Coimisiún in iúl do Rialtas na Síne go bhféadfadh sé go mbeadh air dul i muinín na bhfíoras atá ar fáil faoi Airteagal 28(1) den bhun-Rialachán le linn dó scrúdú a dhéanamh ar an bhfóirdheonú líomhnaithe a deonaíodh trí mhaoiniúchán fabhrach agus ar mhéid an fhóirdheonaithe sin. Go sonrach, chuir an Coimisiún Rialtas na Síne ar an eolas nach bhfuair sé aon fhreagra ó aon cheann de na bainc Shíneacha a thug iasachtú fabhrach do na táirgeoirí sampláilte. Ar an mbonn sin, níorbh fhéidir leis an gCoimisiún na maímh a rinne Rialtas na Síne a dheimhniú maidir le, inter alia, acmhainneacht creidmheasa agus soláthar iasachtaí nó ionstraimí maoinithe eile ar bhain na táirgeoirí sampláilte tairbhe astu. Ina theannta sin, níor sholáthair Rialtas na Síne faisnéis maidir le scairsheilbh na mbanc a chuir táirgeoirí sampláilte in iúl agus níor léirigh sé ach an oiread sásra foirmithe bhonnráta na hiasachta agus níor thug sé bunús leis mar a mhínítear ina fhreagra ar an gceistneoir.

(77) An 13 Bealtaine 2026, chuir Rialtas na Síne barúlacha isteach maidir le litir an Choimisiúin dar dáta an 6 Bealtaine 2026 ina léirítear go bhfuil sé ar intinn aige na fíorais atá ar fáil a chur i bhfeidhm i gcomhréir le hAirteagal 28 den bhun-Rialachán ('Litir Airteagal 28').

(78) Mar fhreagairt ar an iarraidh go gcuirfí Foscríbhinn A ar aghaidh chuig na hinstitiúidí airgeadais, mhaígh Rialtas na Síne gur eintitis eacnamaíocha neamhspleácha iad institiúidí airgeadais, nach bhfuil cleamhnaithe le Rialtas na Síne. Dá bhrí sin, níor chuir Rialtas na Síne Foscríbhinn A ar aghaidh chuig na hinstitiúidí airgeadais agus mhaígh sé freisin nach raibh údarás aige iallach a chur ar na bainc freagra a thabhairt ar na ceistneoirí a fuair siad go díreach ón gCoimisiún. Thairis sin, mhaígh Rialtas na Síne go n-iarrtar i bhFoscríbhinn A faisnéis rúnda agus faisnéis atá íogair ó thaobh gnó de.

(79) Níor aontaigh an Coimisiún leis an tuairim sin. Ar dtús báire, tá an Coimisiún den tuairim go bhfuil an fhaisnéis a fiafraíodh d'eintitis faoi úinéireacht stáit (cuideachtaí nó institiúidí poiblí/airgeadais) ar fáil do Rialtas na Síne le haghaidh na n-eintiteas uile i gcás inarb é Rialtas na Síne an príomh-scairshealbhóir nó an mór-scairshealbhóir. Go deimhin, de réir Dhlí Dhaon-Phoblacht na Síne maidir le Sócmhainní Cuideachtaí faoi Úinéireacht Stáit ([42]), déanann gníomhaireachtaí maoirseachta agus riaracháin sócmhainní faoi úinéireacht stáit arna mbunú ag Coimisiún na Comhairle Stáit um Maoirseacht agus Riaracháin Sócmhainní faoi Úinéireacht Stáit agus rialtais na ndaoine áitiúla dualgais agus freagrachtaí ranníocóra caipitil fiontair stát-infheistithe thar ceann an rialtais. Dá bhrí sin, tá gníomhaireachtaí den sórt sin i dteideal torthaí ar shócmhainní a fháil, páirt a ghlacadh i mórchinnteoireacht agus pearsanra bainistíochta fiontar Stát-infheistithe a roghnú. Thairis sin, de réir Airteagal 17 den Dlí thuasluaite maidir le Sócmhainní faoi Úinéireacht Stáit, glacfaidh fiontair Stát-infheistithe le riarachán agus maoirseacht ag rialtais agus ranna agus gníomhaireachtaí rialtais ábhartha, glacfaidh siad le maoirseacht phoiblí, agus beidh siad freagrach do ranníocóirí caipitil.

(80) Ina theannta sin, tá an t-údarás is gá ag Rialtas na Síne idirghníomhú leis na hinstitiúidí airgeadais fiú i gcás nach bhfuil siad faoi úinéireacht stáit, ós rud é go dtagann siad uile faoi dhlínse údarás rialála baincéireachta na Síne. De réir Airteagail 33 agus 36 den Dlí Maoirseachta Baincéireachta ([43]), mar shampla, tá sé d'údarás ag NFRA a cheangal ar gach institiúid airgeadais atá bunaithe sa tSín faisnéis a chur isteach, amhail ráitis airgeadais, tuarascálacha staidrimh agus faisnéis a bhaineann le hoibríochtaí agus bainistiú gnó. Is féidir le NFRA ordú d'institiúidí airgeadais faisnéis a nochtadh don phobal freisin.

(81) Thairis sin, níor iarr an Coimisiún ar Rialtas na Síne ach na ceistneoirí sonracha (Foscríbhinn A) a chur ar aghaidh chuig na hinstitiúidí airgeadais ábhartha agus cruthúnas a sholáthar don Choimisiún gur chuir Rialtas na Síne na ceistneoirí sonracha thuasluaite ar aghaidh. Bhí faisnéis le haghaidh na n-institiúidí airgeadais sna foscríbhinní maidir le sprioc-amanna lena dtíolacadh agus modhanna tíolactha chomh maith le láimhseáil sonraí neamhrúnda. Níl ann ach nár chuir Rialtas na Síne na ceistneoirí sin ar aghaidh agus níor áirithigh sé comhar na n-institiúidí airgeadais sa nós imeachta seo.

(82) In éagmais na faisnéise a iarradh, mheas an Coimisiún nach bhfuair sé aon fhaisnéis ríthábhachtach a bhain leis an ngné sin den imscrúdú. Dá bhrí sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go raibh air brath ar na fíorais a bhí ar fáil dá thorthaí maidir le maoiniú fabhrach.

([42]) Dlí Dhaon-Phoblacht na Síne maidir le Sócmhainní Cuideachtaí faoi Úinéireacht Stáit, Foraithne Uimh. 5 ó Uachtarán Dhaon-Phoblacht na Síne, an 28 Deireadh Fómhair 2008, airteagail 11 agus 12.

([43]) Dlí Dhaon-Phoblacht na Síne maidir le Rialáil agus Maoirseacht ar an Tionscal Baincéireachta, Ordú Uimh. 58 ó Uachtarán Dhaon-Phoblacht na Síne, 31 Deireadh Fómhair 2006.

3.4.3. *Forálacha Airteagal 28(1) den bhun-Rialachán a chur i bhfeidhm maidir le deontais/hárachas creidmheasa onnmhairiúcháin/cearta úsáide talún/cánachas*

(83) Chuir an Coimisiún Rialtas na Síne ar an eolas i litir de bhun Airteagal 28 nach bhfuair sé faisnéis ríthábhachtach atá ábhartha do scéimeanna fóirdheontais áirithe amhail deontais, árachas creidmheasa onnmhairiúcháin agus soláthar úsáide talún a ndearnadh imscrúdú orthu. Dá bhrí sin, chuir an Coimisiún Rialtas na Síne ar an eolas go mb'fhéidir go mbeadh air dul i muinín úsáid na bhfíoras atá ar fáil faoi Airteagal 28(1) den bhun-Rialachán le linn dó imscrúdú a dhéanamh ar an bhfóirdheonú líomhnaithe a deonaíodh trí na scéimeanna thuas agus ar mhéid an fhóirdheonaithe sin.

(84) Maidir le deontais, níor sholáthair Rialtas na Síne aon fhaisnéis maidir leis na deontais a soláthraíodh do na táirgeoirí LWTP. Níor sholáthair Rialtas na Síne ach oiread fianaise ar theagmháil le rialtais fho-lárnacha i ndáil leis sin. Dá réir sin, ní bhfuair an Coimisiún aon sonraí maidir le deontais a fuair an earnáil LWTP, a gcritéir incháilitheachta agus a mbunús dlí.

(85) Maidir le hárachas creidmheasa onnmhairiúcháin, níor thug Sinosure freagra ar Fhoscríbhinn A den cheistneoir. Dá bhrí sin, ní raibh an fhaisnéis riachtanach ag an gCoimisiún maidir le roinnt mhaith gnéithe ríthábhachtacha:

— Níor sholáthair Sinosure faisnéis maidir leis an ioncam ó infheistíocht a tuairiscíodh ina thuarascáil bhliantúil;

— Níor sholáthair Sinosure fianaise thacaíochta maidir le saincheisteanna a bhaineann lena ráiteas airgeadais amhail costais oibriúcháin, ioncaim, ioncaim ó infheistíocht, suim fhoriomlán árachaithe, suim árachaithe earnáil thionscal an innealra;

— Níor chuir Sinosure faisnéis ar fáil maidir lena airteagail chomhlachais;

— Níor sholáthair Sinosure faisnéis maidir leis an gcuideachta a ndearnadh scrúdú air d'ainneoin údaruithe cuideachta ábhartha a bheith ann;

— Níor sholáthair Sinosure faisnéis tacaíochta maidir le neamhspleáchas a chórais measúnaithe riosca creidmheasa.

(86) Níor chuir Rialtas na Síne na doiciméid agus an fhaisnéis sin go léir ar fáil ach oiread cé gur iarr an Coimisiún iad le linn na cuairte fíorúcháin.

(87) Maidir le cearta úsáide talún, níor sholáthair Rialtas na Síne faisnéis maidir le héadáil talún ag táirgeoirí/onnmhaireoirí LWTP. Níor sholáthair Rialtas na Síne sonraí maidir le tagarmharcanna a d'fhéadfadh a bheith ann maidir le cearta úsáide talún a sholáthar.

(88) Maidir le díolúintí agus asbhaintí cánach, níor sholáthair Rialtas na Síne faisnéis maidir le scéimeanna a úsáideann táirgeoirí/onnmhaireoirí LWTP.

(89) Maidir le leictreachas, ábhair ionchuir agus instealltaí cothromais, ní bhfuair an Coimisiún roinnt doiciméad ná faisnéise a iarradh. Liostaítear na doiciméid sin i litir Airteagal 28 a seoladh chuig Rialtas na Síne. Mar sin féin, mar a shonraítear i Roinn 3.11, ní raibh an Coimisiún in ann teacht ar chonclúid maidir le hin-fhrithchúititheacht na gclár sin.

(90) Ina fhreagra ar an litir de bhun Airteagal 28 ón gCoimisiún, chuir Rialtas na Síne in aghaidh chur i bhfeidhm na bhfíoras a bhí ar fáil.

(91) Mhaígh Rialtas na Síne gur sholáthair sé an fhaisnéis agus na sonraí uile a cheadaítear leis an dlí agus atá infhaighte go hoibiachtúil. Luaigh Rialtas na Síne freisin nach bhfuil faisnéis áirithe aige a d'iarr an Coimisiún nó nach féidir leis í a fháil (mar shampla struchtúir úinéireachta/cothromais táirgeoirí LWTP, sonraí táirgí agus díolachán, sonraí oibríochtúla comhlachas tionscail), agus gur rúin ghnó agus sonraí oibríochtúla uathrialacha atá san fhaisnéis eile a iarradh.

(92) Thairis sin, mhaígh Rialtas na Síne go n-iarrann an Coimisiún faisnéis neamhábhartha agus go bhforchuireann sé ualaí míréasúnta.

(93) Níor aontaigh an Coimisiún leis an ráiteas sin. Measfar go bhfuil 'gá' le faisnéis de réir bhrí Airteagal 28(1) den bhun-Rialachán más amhlaidh go gcuireann sí ar a chumas don Choimisiún torthaí iomchuí a shuí in imscrúdú frith-fhóirdheontais. I ndáil leis sin, measann an Coimisiún go raibh gá leis an bhfaisnéis uile a iarradh. Mheas an Coimisiún freisin nárbh fhéidir an fhaisnéis theoranta a sholáthair Rialtas na Síne agus na maímh a rinneadh ina cheistneoir a fhíorú in aghaidh fianaise thacaíochta bhailí ó tharla gur dhiúltaigh Rialtas na Síne na doiciméid agus na sonraí foluiteacha a iarradh a sholáthar.

(94) Ós rud é nach bhfuair an Coimisiún aon fhaisnéis ó Rialtas na Síne maidir leis na heilimintí a liostaítear thuas, mheas an Coimisiún nach bhfuair sé an fhaisnéis is gá atá ábhartha don imscrúdú agus gurbh éigean dó brath ar fhíorais atá ar fáil dá thorthaí maidir le deontais, árachas creidmheasa onnmhairiúcháin, soláthar ceart úsáide talún ar íocaíocht nach leordhóthanach agus scéimeanna cánach ioncaim.

3.4.4. *Forálacha Airteagal 28(1) den bhun-Rialachán a chur i bhfeidhm maidir leis an táirgeoir LWTP a ndearnadh scrúdú aonair air*

(95) I litir de bhun Airteagal 28 an 6 Bealtaine 2026, chuir an Coimisiún Guanhao Group ar an eolas nach bhfuair sé doiciméid tacaíochta maidir le hinfheistíochtaí cothromais a rinne an chuideachta sealbhaíochta ag barr an ghrúpa – China Chengtong Holding Group Ltd. (CCHG) – in China Investment Corporation (máthairchuideachta GGHT). Dhiúltaigh an chuideachta sealbhaíochta freisin go bhfíorófaí a freagra ar an gceistneoir ag a háitreabh.

(96) An 13 Bealtaine 2026, chuir an grúpa barúlacha isteach maidir leis an litir ón gCoimisiún dar dáta an 6 Bealtaine 2026 lenar léiríodh go raibh sé beartaithe aige na fíorais atá ar fáil a chur i bhfeidhm i gcomhréir le hAirteagal 28 den bhun-Rialachán.

(97) Mhaígh an chuideachta nár cheart caitheamh le CCHG mar pháirtí leasmhar a gceanglaítear air comhoibriú san imscrúdú seo toisc nach bhfuil sé ar cheann de tháirgeoirí onnmhairiúcháin an táirge faoi imscrúdú agus nach bhfuil baint aige lena dhíolacháin ná le táirgeadh sócmhainní seasta ná ionchur a úsáidtear i bpróiseas táirgthe an táirgeora onnmhairiúcháin. Thairis sin, ní sholáthraíonn an chuideachta caipiteal, iasachtaí, ráthaíochtaí ná maoiniú eile don táirgeoir onnmhairiúcháin ná thar a cheann, ná níl baint aici leis an talamh a cheannach thar ceann an táirgeora onnmhairiúcháin ná le talamh a léasú leis an táirgeoir onnmhairiúcháin.

(98) Níor aontaigh an Coimisiún leis an maíomh sin. Is é CCHG an chuideachta sealbhaíochta ag barr an ghrúpa agus is scairshealbhóir indíreach é sa táirgeoir LWTP. Rinneadh imscrúdú air i gcomhthéacs fóirdheonú instealltaí cothromais líomhnaithe. Thairis sin, mar a rinneadh san imscrúdú frith-fhóirdheontais roimhe seo ([44]), bhí imscrúdú á dhéanamh ag an gCoimisiún ar fhóirdheontais a fuair na cuideachtaí sealbhaíochta a bhí ina scairshealbhóirí indíreacha i dtáirgeoirí an táirge faoi imscrúdú. Leithdháileadh sochair faoi na scéimeanna fóirdheontais sin ar na táirgeoirí ina dhiaidh sin.

(99) Mar a shonraítear i Roinn 3.11, ní raibh an Coimisiún in ann teacht ar chonclúid maidir le hin-fhrithchúititheacht instealltaí cothromais.

(100) Mar sin féin, ó tharla nach bhfuair an Coimisiún aon fhaisnéis ón ngrúpa maidir le fóirdheonú CCHG agus nach raibh sé in ann a imscrúdú a thabhairt chun críche ar an láthair, mheas an Coimisiún nach bhfuair sé an fhaisnéis is gá atá ábhartha don imscrúdú agus gurbh éigean dó brath ar na fíorais atá ar fáil dá thorthaí maidir le fóirdheonú na cuideachta sealbhaíochta (trí mhaoiniú fabhrach).

3.5. **Fóirdheontais agus cláir fóirdheontais a ndearnadh imscrúdú orthu**

(101) Ar bhonn an eolais sa Mheabhrán maidir le leordhóthanacht fianaise, san fhógra tionscnaimh agus sna freagraí ar cheistneoirí an Choimisiúin, rinneadh imscrúdú ar na fóirdheontais seo a leanas ó Rialtas na Síne:

— Maoiniú fabhrach agus creidmheasanna dírithe arna soláthar ag bainc bheartais stáit agus bainc thráchtála faoi úinéireacht stáit (e.g. iasachtaí fabhracha, línte creidmheasa, bannaí fabhracha, dréachtaí glacachta bainc, maoiniú agus árachas onnmhairiúcháin fabhrach)

— Cláir dheontais

— Earraí agus seirbhísí arna soláthar ag an rialtas ar íocaíocht nach leordhóthanach

  — Cearta úsáide talún arna soláthar ag an rialtas ar íocaíocht nach leordhóthanach.

  — Leictreachas arna sholáthar ag an rialtas ar íocaíocht nach leordhóthanach.

  — Ionchuir (is é sin laíon adhmaid) arna soláthar ag an rialtas ar íocaíocht nach leordhóthanach.

([44]) Féach mar shampla Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1866 ón gCoimisiún an 3 Iúil 2024 lena bhforchuirtear dleacht frithchúitimh shealadach ar allmhairí feithiclí ceallra-leictreacha nua atá deartha chun daoine a iompar, de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne, (IO L, 2024/1866, 4.7.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/1866/oj) (cás na bhfeithiclí ceallra-leictreacha).

— Ioncam ligthe thar ceal trí chláir um Dhíolúine agus Laghdú Cánach

— Laghdú ar Cháin Ioncaim Fiontar le haghaidh Fiontair Ardteicneolaíochta agus Nua-Theicneolaíochta.

— Costais taighde agus forbartha a asbhaint ar bhonn fabhrach roimh cháin.

— Dímheas luathaithe na n-ionstraimí agus an trealaimh a úsáideann fiontair Ardteicneolaíochta chun forbairt agus táirgeadh ardteicneolaíochta a dhéanamh.

— Díolúine ó dhíbhinní idir fiontair chónaitheacha cháilithe.

— Lacáistí cánach ar onnmhairí

— Asbhaintí agus díolúintí CBL agus taraifí

— Instealltaí cothromais

3.6. **Maoiniú fabhrach**

3.6.1. *Institiúidí airgeadais a sholáthraíonn maoiniú fabhrach*

(102) De réir na faisnéise a sholáthair an grúpa a ndearnadh scrúdú aonair air, sholáthair 12 institiúid airgeadais atá lonnaithe sa tSín maoiniú don táirgeoir onnmhairiúcháin LWTP agus dá chuideachtaí comhlachaithe. Ní dhearna aon cheann de na hinstitiúidí airgeadais, bídís ina gcuideachtaí faoi úinéireacht stáit go hiomlán nó go páirteach nó ina gcuideachtaí príobháideacha, an ceistneoir sonrach a chomhlánú, d'ainneoin iarraidh a rinneadh ar Rialtas na Síne lenar cumhdaíodh na hinstitiúidí airgeadais uile a sholáthair iasachtaí do na cuideachtaí a ndearnadh scrúdú orthu.

(103) Mar a shonraítear in aithris 71, níor chuir Rialtas na Síne an ceistneoir ar aghaidh chuig institiúidí airgeadais agus níor sholáthair sé faisnéis maidir le húinéireacht na n-institiúidí airgeadais a chuir iasachtaí ar fáil do na cuideachtaí sampláilte. Dá bhrí sin, ní raibh an Coimisiún in ann a chinneadh an raibh na hinstitiúidí airgeadais faoi úinéireacht stáit nó faoi úinéireacht phríobháideach.

3.6.1.1. Institiúidí airgeadais faoi úinéireacht stáit ag gníomhú dóibh mar chomhlachtaí poiblí

Caighdeán dlíthiúil

(104) Rinne an Coimisiún amach an raibh nó nach raibh na bainc atá faoi úinéireacht an Stáit ag gníomhú mar chomhlachtaí poiblí de réir bhrí Airteagal 3 agus Airteagal 2(b) den bhun-Rialachán. De réir chásdlí ábhartha EDT ([45]), is eintiteas é comhlacht poiblí 'a shealbhaíonn nó a fheidhmíonn údarás rialtais nó a bhfuil an t-údarás sin dílsithe dó'. Ní mór fiosrúchán comhlachta phoiblí a dhéanamh de réir an cháis, agus aird chuí á tabhairt ar 'príomhthréithe agus feidhmeanna an aonáin ábhartha', 'gaol an eintitis sin leis an rialtas', agus 'an timpeallacht dhlíthiúil agus eacnamaíoch atá i réim sa tír ina n-oibríonn an t-eintiteas a ndearnadh imscrúdú air'. Ag brath ar imthosca sonracha gach cáis, d'fhéadfadh na nithe seo a leanas a bheith san áireamh san fhianaise ábhartha: (i) fianaise go bhfuil 'eintiteas ag feidhmiú feidhmeanna rialtais go deimhin', go háirithe i gcás ina léiríonn an fhianaise sin 'cleachtas marthanach córasach'; (ii) fianaise maidir le 'raon feidhme agus ábhar beartas rialtais a bhaineann leis an earnáil ina n-oibríonn an t-eintiteas atá faoi imscrúdú'; agus (iii) fianaise go bhfeidhmíonn rialtas 'smacht fónta ar eintiteas agus ar a iompar'. Agus fiosrúchán á dhéanamh aige ó chomhlacht poiblí, ní mór d'údarás imscrúdúcháin 'saintréithe ábhartha uile an eintitis a mheas agus aird chuí a thabhairt orthu' agus gach cineál fianaise a scrúdú a d'fhéadfadh a bheith ábhartha maidir leis an meastóireacht sin; Agus é sin á dhéanamh aige, ba cheart go seachnófaí 'díriú go heisiach nó go míchuí ar aon saintréith aonair gan aird chuí a thabhairt ar chinn eile a d'fhéadfadh a bheith ábhartha'.

([45]) WT/DS379/AB/R (SAM – Dleachtanna Frithdhumpála agus Frithchúitimh ar Tháirgí Áirithe ón tSín), Tuarascáil ón gComhlacht Achomhairc an 11 Márta 2011, DS 379, mír 318. Féach freisin WT/DS436/AB/R (SAM – Cruach Carbóin (An India)), Tuarascáil ón gComhlacht Achomhairc an 8 Nollaig 2014, míreanna 4.9 - 4.10, 4.17 – 4.20 agus WT/DS437/AB/R (US – Countervailing Duty Measures on Certain Products from China) Tuarascáil ón gComhlacht Achomhairc an 18 Nollaig 2014, mír 4.92.

(105) Go sonrach, sonraíodh an méid seo a leanas i gcásdlí EDT ([46]): '*Is é an rud tábhachtach an bhfuil údarás dílsithe d'eintiteas chun feidhmeanna rialtais a fheidhmiú, seachas conas a bhaintear é sin amach. Tá go leor bealaí éagsúla ann ina bhféadfadh an rialtas údarás a chur ar fáil, sa chiall chúng, d'eintitis. Dá réir sin, d'fhéadfadh cineálacha éagsúla fianaise a bheith ábhartha chun a thaispeáint gur bronnadh údarás den sórt sin ar eintiteas ar leith. D'fhéadfadh fianaise go bhfuil eintiteas ag feidhmiú feidhmeanna rialtais, go deimhin, a léiriú go bhfuil údarás aige nó gur tugadh údarás rialtais dó, go háirithe i gcás ina léirítear leis an bhfianaise sin cleachtas marthanach córasach. Mar thoradh air sin, dar linn, d'fhéadfadh fianaise a léiriú go bhfeidhmíonn smacht fónta ar eintiteas agus d'fhéadfaí a iompar a mheas, i gcúinsí áirithe, mar fhianaise go bhfuil údarás rialtais ag an eintiteas ábhartha agus go bhfeidhmíonn sé údarás den sórt sin i bhfeidhmiú feidhmeanna rialtais. Cuirimid i dtábhacht, áfach, gur dócha, cé is moite de tharmligean sainráite údaráis in ionstraim dlí, nach leor naisc fhoirmiúla idir eintiteas agus rialtas sa chiall chúng chun seilbh riachtanach údaráis rialtais a bhunú. Dá bhrí sin, mar shampla, ní féidir a léiriú gurb é an scairshealbhóir is mó d'eintiteas é rialtas agus dá réir, go bhfeidhmíonn an rialtas smacht fónta ar iompar an eintitis sin, i bhfad níos lú ná mar a bhronn an rialtas údarás rialtasach air. I gcásanna áirithe, áfach, i gcás ina léiríonn an fhianaise go bhfuil an iliomad comharthaí ann maidir le smacht rialtais, agus go bhfuil fianaise ann freisin gur feidhmíodh smacht den sórt sin ar bhealach fónta, ansin d'fhéadfaí tátal a bhaint as fianaise den sórt sin go bhfuil údarás rialtais á fheidhmiú ag an eintiteas lena mbaineann.*'

(106) Chun eintiteas a thréithriú go cuí mar chomhlacht poiblí i gcás áirithe, d'fhéadfadh sé a bheith ábhartha a mheas '*an bhfuil feidhmeanna nó iompar [an eintitis] de chineál a aicmítear mar fheidhmeanna nó iompar rialtais de ghnáth i ndlíchóras an Chomhalta ábhartha*' ([47]), agus aicmiú agus feidhmeanna eintiteas laistigh de Chomhaltaí EDT i gcoitinne a mheas. Dá bhrí sin, má tá na feidhmeanna nó an t-iompar de chineál a aicmítear mar fheidhmeanna nó iompar rialtais de ghnáth i ndlíchóras an Fheisire ábhartha, d'fhéadfadh sé gur comaoin ábhartha iad chun a chinneadh an comhlacht poiblí é aonán sonrach nó nach ea.

(107) Tá go leor bealaí éagsúla ann ina bhféadfadh an rialtas údarás a chur ar fáil, sa chiall chúng, d'eintitis. Dá réir sin, d'fhéadfadh cineálacha éagsúla fianaise a bheith ábhartha chun a thaispeáint gur bronnadh údarás den sórt sin ar eintiteas ar leith. D'fhéadfadh fianaise go bhfuil eintiteas ag feidhmiú feidhmeanna rialtais, go deimhin, a léiriú go bhfuil údarás aige nó gur tugadh údarás rialtais dó, go háirithe i gcás ina léirítear leis an bhfianaise sin cleachtas marthanach córasach.

(108) D'fhéadfadh fianaise a léiriú go bhfeidhmíonn smacht fónta ar eintiteas agus d'fhéadfaí a iompar a mheas, i gcúinsí áirithe, mar fhianaise go bhfuil údarás rialtais ag an eintiteas ábhartha agus go bhfeidhmíonn sé údarás den sórt sin i bhfeidhmiú feidhmeanna rialtais. Go deimhin, d'fhéadfadh úinéireacht rialtais ar eintiteas, cé nach critéar cinntitheach é, fónamh mar fhianaise, in éineacht le heilimintí eile. Mar sin féin, ní dócha gur leor naisc fhoirmiúla amháin a bheith ann idir eintiteas agus rialtas sa chiall chúng chun údarás rialtais a bhunú. Dá bhrí sin, mar shampla, ní féidir a léiriú gurb é an scairshealbhóir is mó d'eintiteas é rialtas agus dá réir, go bhfeidhmíonn an rialtas smacht fónta ar iompar an eintitis sin, i bhfad níos lú ná mar a bhronn an rialtas údarás rialtasach air. I gcásanna áirithe, áfach, i gcás ina léiríonn an fhianaise go bhfuil an iliomad comharthaí ann maidir le smacht rialtais, agus go bhfuil fianaise ann freisin gur feidhmíodh smacht den sórt sin ar bhealach fónta, ansin d'fhéadfaí tátal a bhaint as fianaise den sórt sin go bhfuil údarás rialtais á fheidhmiú ag an eintiteas lena mbaineann.

(109) Ní hé an fócas lárnach atá ag fiosrúchán ó chomhlacht poiblí ná an bhfuil an t-iompar a líomhnaítear gur cúis le ranníocaíocht airgeadais nasctha go loighciúil le 'feidhm rialtais' aitheanta. I ndáil leis sin, ní fhorordaítear leis an gcaighdeán dlíthiúil do chinntí ó chomhlacht poiblí faoi Airteagal 1.1(a)(1) de Chomhaontú SCM nasc de mhéid nó de chineál ar leith nach mór a bhunú idir feidhm aitheanta rialtais agus an ranníocaíocht airgeadais ar leith atá i gceist. Ina ionad sin, bíonn an fiosrúchán ábhartha ag brath ar an aonán a bhfuil baint aige leis an iompar sin, ar a chroíthréithe, agus ar an gcaidreamh atá aige leis an rialtas. Díríonn sé sin ar an eintiteas, murab ionann agus an t-iompar a líomhnaítear a bheith ina chúis le ranníocaíocht airgeadais, déanann sé comparáid idir 'rialtas' (sa chiall chúng) agus 'comhlacht poiblí' agus 'céim choiteannchta nó forluí ina mbuntréithe' – i.e. is 'rialtais' iad araon.

([46]) WT/DS379/AB/R (SAM – Dleachtanna Frithdhumpála agus Frithchúitimh ar Tháirgí Áirithe ón tSín), Tuarascáil ón gComhlacht Achomhairc an 11 Márta 2011, DS 379, mír 318. Féach freisin WT/DS436/AB/R (SAM – Cruach Carbóin (An India)), Tuarascáil ón gComhlacht Achomhairc an 8 Nollaig 2014, míreanna 4.9 - 4.10, 4.17 - 4.20 agus WT/DS437/AB/R (na Stáit Aontaithe – Bearta Dleachta Frithchúitimh ar Tháirgí Áirithe ón tSín) Tuarascáil ón gComhlacht Achomhairc an 18 Nollaig 2014, mír 4.92.

([47]) WT/DS379/AB/R (US – Anti-dumping and Countervailing Duties on Certain Products from China), Tuarascáil ón mBuanchomhlacht Achomhairc an 11 Márta 2011, DS 379, mír 297.

(110) Is cinnte gurb ionann cineál iompair nó cleachtais eintitis agus fianaise atá ábhartha d'fhiosrúchán comhlachta phoiblí. Go deimhin, is ceann de na cineálacha éagsúla fianaise é iompar eintitis – go háirithe nuair a chuirtear cleachtas marthanach córasach i gceist leis – a d'fhéadfadh, ag brath ar imthosca gach imscrúdaithe, léargas a thabhairt ar chroí-shaintréithe aonáin agus ar a ghaol leis an rialtas sa chiall chúng. Is é is aidhm don mheasúnú ar fhianaise den sórt sin, áfach, freagra a thabhairt ar an gceist lárnach an bhfuil na croí-shaintréithe agus na bunfheidhmeanna ag an eintiteas féin a cháileodh mar chomhlacht poiblí. Mar shampla, bhí faisnéis ar áireamh sa mheasúnú i dtaobh an comhlacht poiblí é eintiteas i gcomhthéacs bainc thráchtála faoi úinéireacht stáit na Síne in DS379 ina léirítear an méid seo a leanas: (i) '[g]urb é an rialtas a cheapann príomhfheidhmeannaigh cheannoifigí na mbanc tráchtála faoi úinéireacht stáit agus go n-imríonn [Páirtí Cumannach na Síne] tionchar mór ar a roghnú i gcónaí'; agus (ii) go bhfuil 'scileanna leordhóthanacha bainistithe riosca agus anailíse fós in easnamh' ag bainc thráchtála faoi úinéireacht stáit. Ní raibh an fhianaise sin teoranta do ghníomhaíocht iasachtaithe na mbanc tráchtála faoi úinéireacht stáit *per se*, ach ba léiriú é ar a ngnéithe eagrúcháin, ar a slabhraí údaráis cinnteoireachta agus ar a gcaidreamh foriomlán le Rialtas na Síne. Dá bhrí sin, thug Comhlacht Achomhairc EDT in DS379 dá aire, cé gur chuir Roinn Tráchtála na Stát Aontaithe ('USDOC') fianaise san áireamh a bhaineann le hiompar banc tráchtála faoi úinéireacht stáit ['iasachtaí a thabhairt'], go ndearna sé amhlaidh faoi chuimsiú a fhiosrúcháin ar chroí-shaintréithe na n-eintiteas sin agus ar a gcaidreamh le Rialtas na Síne. Rinne na SOCBanna sin feidhmeanna rialtais a fheidhmiú thar ceann Rialtas na Síne.

(111) Thairis sin, tá tábhacht tugtha ag an mBord Comhairleach freisin don fhíoras gur theip ar an rialtas atá i gceist comhoibriú le linn an imscrúdaithe. Go deimhin, in DS379, dheimhnigh an Comhlacht Achomhairc cinneadh USDOC gur 'comhlachtaí poiblí' a bhí sna bainc thráchtála faoi úinéireacht stáit san imscrúdú maidir le páipéar brataithe saor ó adhmad de réir na mbreithnithe seo a leanas: (i) an earnáil baincéireachta sa tSín a bheith faoi úinéireacht stáit nach mór go hiomlán; (ii) Airteagal 34 den Dlí maidir le Baincéireacht Tráchtála, lena sonraítear go gceanglaítear ar bhainc '*a ngnó iasachtaithe a dhéanamh de réir riachtanais an gheilleagair náisiúnta agus na forbartha sóisialta agus faoi threoraíocht bheartais thionsclaíocha an Stáit*'; (iii) fianaise ar taifead lena léirítear go bhfuil scileanna leordhóthanacha bainistithe riosca agus anailíse fós in easnamh ag bainc thráchtála faoi úinéireacht stáit; agus (iv) an fíoras '*nach bhfuair [USDOC] an fhianaise ba ghá le linn an imscrúdaithe [sin] chun doiciméadú cuimsitheach a dhéanamh ar an bpróiseas lenar iarradh agus lenar deonaíodh iasachtaí don tionscal páipéir agus lena ndearnadh meastóireacht orthu*' ([48]).

(112) Chun a chinneadh an sealbhaíonn nó an bhfeidhmíonn bainc thráchtála faoi úinéireacht stáit údarás rialtais nó an bhfuil an t-údarás sin dílsithe dóibh, thug an Coimisiún aird chuí ar phríomh-shaintréithe agus príomhfheidhmeanna na mbanc, ar a gcaidreamh leis an rialtas, agus ar an timpeallacht dhlíthiúil agus eacnamaíoch atá i réim sa tír ina n-oibríonn an t-eintiteas faoi imscrúdú. I ndáil leis sin, lorg an Coimisiún faisnéis maidir le húinéireacht stáit chomh maith le comharthaí foirmiúla i dtaca le rialú rialtais sna bainc faoi úinéireacht stáit. Rinne sé anailís freisin ar cé acu a feidhmíodh nó nár feidhmíodh rialú ar bhealach fónta i bhfianaise an chreata normataigh atá i bhfeidhm. Chun na críche sin, b'éigean don Choimisiún a bheith ag brath ar na fíorais a bhí ar fáil mar gheall gur dhiúltaigh Rialtas na Síne na ceistneoirí ábhartha a chur ar aghaidh chuig na hinstitiúidí airgeadais lena mbaineann agus fianaise a sholáthar maidir leis an bpróiseas cinnteoireachta as ar eascair an t-iasachtú fabhrach, mar a leagtar amach i roinn 3.4.2.

3.6.1.2. Príomhthréithe agus príomhfheidhmeanna banc atá faoi úinéireacht an Stáit

(113) Is iad bainc atá faoi úinéireacht an stáit is mó atá in earnáil baincéireachta na Síne, bunaithe ar a bpríomhfheidhmeanna sonracha ar a dtugtar bainc thráchtála faoi úinéireacht stáit nó bainc bheartais stáit de ghnáth (féach aithris 41).

(114) Ós rud é go bhfeidhmíonn an Stát rialú ar na bainc faoi úinéireacht stáit ar bhealaí éagsúla – i dteannta scairshealbhú, áirithíonn sé go bhfuil struchtúir an Pháirtí i láthair sna hinstitiúidí airgeadais agus go n-imríonn siad a dtionchar orthu agus sainordaíonn sé cineálacha áirithe iompair tráchtála ag na bainc trí bhíthin bearta rialála (féach Roinn 3.6.1.44) – tá sé in ann úsáid a bhaint as acmhainní na hearnála airgeadais chun a chuspóirí beartais a shaothrú (féach freisin aithrisí 130 go 132), lena n-áirítear an sprioc uileghabhálach '*forbairt an gheilleagair margaidh shóisialaigh a chur chun cinn*', mar a shonraítear le hAirteagal 1 de Dhlí na mBanc (féach Roinn 3.6.1.4 mar a ndéantar anailís níos mionsonraithe ar Dhlí na mBanc).

([48]) WT/DS379/AB/R (US – Anti-dumping and Countervailing Duties on Certain Products from China), Tuarascáil ón gComhlacht Achomhairc an 11 Márta 2011, DS 379, mír 349.

(115) Dá réir sin, múnlaítear príomhfheidhmeanna institiúidí baincéireachta, go háirithe a mbeartais iasachtaithe chun freastal ar chuspóirí beartais, tá feidhmíocht eacnamaíoch na mbanc faoi réir cheanglais bheartais thionsclaíocha Rialtas na Síne. Leis an gcreat dlíthiúil is infheidhme agus leis an leagan amach institiúideach, áirithítear ina leith sin, nuair a shainaithníonn Rialtas na Síne tosaíochtaí eacnamaíocha, mar shampla forbairt na hearnála LWTP, go seoltar cistí riachtanacha mar thosaíocht chuig tionscadail chomhfhreagracha tríd an earnáil airgeadais. Dá bharr sin, comhlíonann bainc atá faoi úinéireacht an Stáit feidhmeanna rialtais go héifeachtach, a mhéid a cheanglaítear ar a bpríomhphearsanra bainistíochta a bheith cleamhnaithe le Páirtí Cumannach na Síne – agus, dá bhrí sin, a bheith dílis go príomha don Pháirtí – agus a bpríomhghníomhaíochtaí gnó a dhéanamh agus aird chuí á tabhairt ar chuspóirí beartais arna leagan síos ag údaráis an rialtais.

3.6.1.3. Úinéireacht, comharthaí foirmiúla agus feidhmiú smachta ag Rialtas na Síne

(116) Mar a léirítear in aithris (71), dhiúltaigh Rialtas na Síne na ceistneoirí a chur ar aghaidh chuig na bainc ar an bhforas gur sháraigh an iarraidh sin Comhaontú SCM trí fhaisnéis a iarraidh go míchuí ar institiúidí airgeadais na Síne, trí mhí-aicmiú a dhéanamh orthu mar chomhlachtaí poiblí, trí chliseadh fógra cuí a thabhairt dóibh, agus trí neamhaird a thabhairt ar ábhair imní rúndachta faoi dhlí na Síne.

(117) Le linn an imscrúdaithe, shoiléirigh an Coimisiún a theidlíocht sonraí a iarraidh ó institiúidí airgeadais na Síne, lena n-áirítear eintitis faoi úinéireacht stáit, faoi fhormhaoirseacht údaráis na Síne, agus dheimhnigh sé go mbainisteofar aon fhaisnéis rúnda i gcomhréir leis na prótacail rúndachta ábhartha. Ina theannta sin, scoireadh den cheanglas rúndachta, mar a léiríodh leis an údarú i scríbhinn ó na cuideachtaí sampláilte, agus a bpribhléidí rúndachta á dtarscaoileadh go sainráite.

(118) Dá thoradh sin, agus mar a leagtar amach in aithris (76), níor thug aon cheann de na hinstitiúidí airgeadais a sholáthair iasachtaí do na cuideachtaí a ndearnadh scrúdú orthu freagra ar an gceistneoir sonrach.

(119) Níor sholáthair Rialtas na Síne faisnéis maidir le húinéireacht na mbanc, ná maidir lena struchtúr rialachais, measúnú riosca ná samplaí a bhaineann le hiasachtaí sonracha don tionscal LWTP.

(120) Dá bhrí sin, rinne an Coimisiún cinneadh na fíorais atá ar fáil a úsáid chun a chinneadh an gcáilíonn na hinstitiúidí airgeadais sin mar chomhlachtaí poiblí.

(121) In imscrúdú frith-fhóirdheontais roimhe seo ([49]) , shuigh an Coimisiún gur bainc atá faoi úinéireacht an stáit féin, go páirteach nó go hiomlán, nó faoi úinéireacht daoine dlítheanacha i seilbh an stáit iad na bainc a sholáthair iasachtaí do na grúpaí sampláilte de tháirgeoirí onnmhairiúcháin san imscrúdú. Ós rud é nár thug na bainc freagra ar an gceistneoir sonrach, d'úsáid an Coimisiún faisnéis atá ar fáil go poiblí, amhail suíomh gréasáin agus tuarascálacha bliantúla an bhainc, faisnéis atá ar fáil in eolairí bainc nó ar an idirlíon. I gcomhréir le torthaí na n-imscrúduithe sin roimhe seo, deimhníodh sa Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin ([50]) go bhfuil an Stát ceannasach san earnáil baincéireachta ([51]) trí leas urlámhais a choinneáil ar bun i ngach banc tráchtála atá faoi úinéireacht stáit, agus trí bheith ina scairshealbhóir tromlaigh i roinnt bainc thráchtála comhstoic, bíodh sin trí infheistíocht dhíreach ag Central Huijin nó go hindíreach trí eintitis dhlíthiúla eile atá faoi úinéireacht stáit. In éagmais athruithe ó imscrúduithe comhchosúla a rinneadh le déanaí ([52]), measadh gach institiúid airgeadais faoi úinéireacht stáit a sholáthair maoiniú do na cuideachtaí a ndearnadh scrúdú orthu a bheith faoi úinéireacht an stáit féin, go hiomlán nó go páirteach, nó faoi úinéireacht daoine dlítheanacha i seilbh an Stáit.

([49]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1690 ón gCoimisiún an 9 Samhain 2018 lena bhforchuirtear dleachtanna frithchúitimh cinntitheacha ar allmhairí aerbhonn áirithe, iad nua nó atráchtaithe, as rubar, de chineál a úsáidtear ar bhusanna nó ar leoraithe agus ag a bhfuil innéacs ualaigh is mó ná 121 de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1579 ón gCoimisiún lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach agus lena mbailítear go cinntitheach an dleacht shealadach arna forchur ar allmhairí aerbhonn áirithe, iad nua nó atráchtaithe, as rubar, de chineál a úsáidtear ar bhusanna nó ar leoraithe, ag a bhfuil innéacs ualaigh is mó ná 121 de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne agus lena n-aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/163 (IO L 283, 12.11.2018, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2018/1690/oj), aithrisí 210 agus 211.

([50]) Doiciméad Inmheánach Oibre nuashonraithe de chuid an Choimisiúin maidir le Saobhadh Suntasach i nGeilleagar Dhaon-Phoblacht na Síne chun críoch Imscrúduithe Cosanta Trádála, an 10 Aibreán 2024, SWD(2024) 91 final ('Tuarascáil na Síne') – Caibidil 6.3 Earnáil Baincéireachta, lgh. 137-144.

([51]) Féach freisin Chorzempa, M. agus Véron, N., Will China's impending overhaul of its financial regulatory system make a difference?, PIIE, mí an Mhárta 2023, lch. 2; le fáil ag: https://www.piie.com/sites/default/files/2023-03/pb23-1.pdf.

([52]) *Ibidem fonóta 56*.

(122) Maidir leis na comharthaí foirmiúla de rialú rialtais ar bhainc faoi úinéireacht an Stáit, cháiligh an Coimisiún iad mar 'phríomhinstitiúidí airgeadais faoi úinéireacht an Stáit'. Go sonrach, luaitear san fhógra 'Rialacháin Eatramhacha maidir le Boird Maoirseoirí Príomhinstitiúidí Airgeadais faoi Úinéireacht Stáit' ([53]): '*Na príomhinstitiúidí airgeadais faoi úinéireacht stáit a luaitear sna Rialacháin seo, tagraíonn siad do bhainc bheartais, bainc thráchtála, cuideachtaí bainistithe sócmhainní airgeadais, cuideachtaí urrús, cuideachtaí árachais, etc. atá faoi úinéireacht stáit. (dá ngairtear institiúidí airgeadais faoi úinéireacht stáit anseo feasta), a seolann an Chomhairle Stáit boird maoirseoirí chucu*'.

(123) Déantar Bord Maoirseoirí na bpríomhinstitiúidí airgeadais faoi úinéireacht stáit a cheapadh de réir na 'Rialachán Eatramhach maidir le Boird Maoirseoirí Príomhinstitiúidí Airgeadais faoi Úinéireacht Stáit'. Bunaithe ar Airteagail 3 agus 5 de na Rialacháin Eatramhacha seo, shuigh an Coimisiún go seolann an Chomhairle Stáit Comhaltaí an Bhoird Maoirseoirí agus go bhfuil siad cuntasach di, rud a léiríonn an smacht institiúideach atá ag an stát ar ghníomhaíochtaí gnó an bhainc chomhoibríoch atá faoi úinéireacht stáit.

(124) Maidir le bainc thráchtála faoi úinéireacht stáit, thug an Coimisiún faoi deara gur bhain na sé bhanc is mó le breis agus 40 % d'earnáil airgeadais na Síne ó thaobh sócmhainní iomlána de faoi dheireadh 2022 ([54]). Dhá cheann ar a laghad de na sé bhanc tráchtála sin faoi úinéireacht stáit, is iad sin ICBC agus ABC, tá siad i measc na n-institiúidí airgeadais a sholáthair iasachtaí do na cuideachtaí a ndearnadh scrúdú orthu san imscrúdú seo. Tá scair thromlaigh ag an Stát in ICBC ([55]) agus in ABC ([56]) araon. Anuas ar rialú a fheidhmiú ar na sé bhanc tráchtála is mó faoi úinéireacht stáit, coinníonn an Stát scaireanna móra ar bun i roinnt bainc thráchtála eile atá faoi úinéireacht stáit, a mbíonn a rannpháirtíocht iontu indíreach níos minice ná a mhalairt, e.g. trí chuideachtaí faoi úinéireacht stáit.

(125) Shuigh an Coimisiún freisin gur athraigh institiúidí airgeadais faoi úinéireacht stáit a nAirteagail Chomhlachais in 2017 chun ról Pháirtí Cumannach na Síne a mhéadú ar an leibhéal cinnteoireachta is airde sna bainc ([57]).

(126) Sonraítear leis na hAirteagail Chomhlachais nua sin:

— Is é an t-aon duine amháin a bheidh ina Chathaoirleach ar an mBord Stiúrthóirí agus ina Rúnaí Choiste an Pháirtí;

— Is é ról Pháirtí Cumannach na Síne a áirithiú go bhfuil an Banc ag cur bheartais agus threoirlínte an pháirtí agus an stáit chun feidhme agus maoirsiú a dhéanamh air sin; chomh maith le ról ceannaireachta agus garda faire a bheith aige i gceapadh pearsanra (lena n-áirítear bainistíocht shinsearach); agus

— tabharfaidh an Bord Stiúrthóirí éisteacht do thuairimí Choiste an Pháirtí maidir le haon mhórchinneadh a bheidh le déanamh.

(127) In aithris 42 tugtar samplaí sonracha de na hathruithe sin ar na hAirteagail Chomhlachais i ndáil le ICBC agus ABC.

3.6.1.4. Rialú bríoch ag Rialtas na Síne

(128) Lorg an Coimisiún tuilleadh faisnéise maidir le cé acu a d'fheidhmigh nó nár fheidhmigh Rialtas na Síne rialú fóinteach ar iompar institiúidí airgeadais faoi úinéireacht stáit, i ndáil lena mbeartais iasachtaithe agus measúnaithe riosca, i gcás inar sholáthair siad iasachtaí don tionscal LWTP. Cuireadh na doiciméid rialála seo a leanas san áireamh i leith an mhéid sin:

(1) Airteagal 34 de Dhlí na Síne maidir le Bainc Tráchtála ('Dlí na mBanc)

(2) Airteagal 15 de na Rialacha Ginearálta maidir le hIasachtaí (arna gcur chun feidhme ag People's Bank of China)

(3) Cinneadh Uimh. 40

([53]) Foraithne Chomhairle Stáit Dhaon-Phoblacht na Síne (Uimh. 283).
([54]) Féach mar shampla ag: https://www.statista.com/statistics/434566/leading-banks-in-china-assets/.
([55]) Féach ICBC, Tuarascáil Bhliantúil 2021; le fáil ag file.finance.sina.com.cn/211.154.219.97:9494/MRGG/CNSESH_STOCK/2022/2022-3/2022-03-31/7943541.PDF.
([56]) Féach ABC, Tuarascáil Bhliantúil 2021; le fáil ag: https://www.abchina.com/en/investor-relations/performance-reports/annual- reports/202204/P020220427580795705015.pdf.
([57]) https://www.reuters.com/article/us-china-banks-party-idUSKBN1JN0XN.

(4) Bearta Cur Chun Feidhme CBIRC le haghaidh Ábhair Cheadúnúcháin Riaracháin a bhaineann le Bainc Tráchtála ag a bhfuil cistiú ón tSín (Ordú CBIRC [2017] Uimh. 1)

(5) Bearta Cur chun Feidhme CBIRC le haghaidh Ábhair Cheadúnúcháin Riaracháin a bhaineann le bainc ag a bhfuil cistiú eachtrach (Ordú CBIRC [2015] Uimh. 4)

(6) Bearta Riaracháin le haghaidh Cháilíochtaí Stiúrthóirí agus Oifigigh Shinsearacha na nInstitiúidí Airgeadais san Earnáil Baincéireachta (CBIRC [2013] Uimh. 3)

(7) Plean gníomhaíochta trí bliana chun rialachas corparáideach na hearnála baincéireachta agus árachais a fheabhsú (2020-2022) (CBIRC, an 28 Lúnasa 2020)

(8) Notice on the Commercial banks performance evaluation method, (CBIRC, an 15 Nollaig 2020)

(9) Fógra maidir leis na Rialacháin Mhaoirseachta a bhaineann le hiompraíocht scairshealbhóirí móra institiúidí bainc agus árachais (CBIRC, [2021] Uimh. 43).

(129) Agus athbhreithniú á dhéanamh aige ar na doiciméid rialála sin, shuigh an Coimisiún go n-oibríonn institiúidí airgeadais sa tSín laistigh de chreat dlíthiúil lena n-ordaítear dóibh ailíniú le cuspóirí bheartas tionsclaíoch Rialtas na Síne, lena n-áirítear forbairt na hearnála déanta páipéir. Aithnítear LWTP mar chuid den tionscal déanta páipéir, agus cuirtear i dtábhacht é i bpríomhphleananna náisiúnta agus réigiúnacha, lena n-áirítear Cinneadh Uimh. 40, *Made in China 2025*, an 14ú Plean Cúig Bliana, an Chatalóg, agus straitéisí forbartha cúigeacha agus bardasacha éagsúla in Guangdong, Hubei agus Jiangsu. Cuireann na beartais seo tacaíocht airgeadais, dreasachtaí T&F, agus braisliú tionsclaíoch chun cinn, agus spreagtar institiúidí airgeadais chun tosaíocht a thabhairt do chistiú le haghaidh cuideachtaí san earnáil seo.

(130) Ar an leibhéal ginearálta, foráiltear le hAirteagal 34 de dhlí na mBanc, a bhfuil feidhm aige maidir le gach institiúid airgeadais a oibríonn sa tSín, '*go ndéanfaidh bainc thráchtála a ngnó iasachtaithe i gcomhréir le riachtanais na forbartha náisiúnta eacnamaíche agus sóisialta agus faoi threoir bheartais thionsclaíocha an Stáit*'. *Cé go luaitear in Airteagal 4 de Dhlí na mBanc, déanfaidh bainc thráchtála, de bhun an dlí, oibríochtaí gnó a sheoladh gan chur isteach ó aon aonad ná ó aon duine aonair. Gabhfaidh na bainc thráchtála dliteanas sibhialta orthu féin go neamhspleách lena maoin iomlán mar dhuine dlítheanach*', is léir ón imscrúdú go gcuirtear Airteagal 4 de Dhlí na mBanc i bhfeidhm faoi réir Airteagal 34 de Dhlí na mBanc, i.e. i gcás ina mbunaíonn an Stát beartas poiblí, cuireann na bainc chun feidhme é agus leanann siad treoracha Stáit.

(131) Ina theannta sin, foráiltear le hAirteagal 15 de na Rialacha Ginearálta maidir le hIasachtaí, '*I gcomhréir le beartas an Stáit, féadfaidh ranna ábhartha ús ar iasachtaí a fhóirdheonú, d'fhonn fás tionscal áirithe agus forbairt eacnamaíoch i limistéir áirithe a chur chun cinn*'.

(132) Ar an gcaoi chéanna, tugann Cinneadh Uimh. 40 treoir do na hinstitiúidí airgeadais uile tacaíocht chreidmheasa a sholáthar go sonrach do thionscadail 'atáthar a spreagadh'. Mar a míníodh cheana i Roinn 3.3 agus ar bhealach níos sonraí in aithrisí 60 - 68, baineann tionscadail de chuid thionscail TRS leis an gcatagóir 'tionscail atáthar a spreagadh'. Dá bhrí sin, deimhníonn Cinneadh Uimh. 40 an cinneadh roimhe seo maidir le dlí an Bhainc go bhfeidhmíonn bainc údarás rialtais i bhfoirm oibríochtaí creidmheasa fabhracha. Shuigh an Coimisiún freisin go bhfuil údarás forleathan formheasa ag NFRA maidir le gach gné de bhainistiú na n-institiúidí airgeadais uile atá bunaithe sa tSín (lena n-áirítear institiúidí airgeadais faoi úinéireacht phríobháideach agus faoi úinéireacht eachtrach), amhail ([58]):

— ceapachán bhainisteoirí uile na n-institiúidí airgeadais a fhormheas, ar leibhéal na ceanncheathrún agus ar leibhéal na mbrainsí áitiúla araon. Is gá formheas NFRA chun gach leibhéal bainistíochta a earcú, ó na poist is sinsearaí go bainisteoirí brainse, agus áirítear leis sin fiú bainisteoirí a cheaptar i mbrainsí thar lear chomh maith le bainisteoirí atá freagrach as feidhmeanna tacaíochta (mar shampla na bainisteoirí TF); agus

— liosta an-fhada d'fhormheasanna riaracháin, lena n-áirítear formheasanna le haghaidh brainsí a bhunú, le haghaidh línte nua gnó a thosú nó táirgí nua a dhíol, le haghaidh Airteagail Chomhlachais an bhainc a athrú, le haghaidh níos mó ná 5 % dá scaireanna a dhíol, le haghaidh méaduithe caipitil, le haghaidh athruithe ar shainchónaí, le haghaidh athruithe ar fhoirm eagrúcháin, etc.

([58]) De réir Bhearta Cur Chun Feidhme CBIRC le haghaidh Ábhair Cheadúnúcháin Riaracháin a bhaineann le Bainc Tráchtála ag a bhfuil cistiú ón tSín (Ordú CBIRC [2017] Uimh. 1), Bhearta Cur Chun Feidhme CBIRC le haghaidh Ábhair Cheadúnúcháin Riaracháin a bhaineann le bainc ag a bhfuil cistiú eachtrach (Ordú CBIRC [2015] Uimh. 4) agus de réir na mBeart Riaracháin le haghaidh Cháilíochtaí Stiúrthóirí agus Oifigigh Shinsearacha na nInstitiúidí Airgeadais san Earnáil Baincéireachta (CBIRC [2013] Uimh. 3). Níor leasaíodh na bearta cur chun feidhme tar éis NFRA a chur in ionad CBIRC.

(133) Tá dlí na mBanc ceangailteach ó thaobh dlí de. Suíodh cineál éigeantach na bPleananna Cúig Bliana agus Cinneadh Uimh. 40 thuas i Roinn 3.6.1.4. Is í gné éigeantais dhoiciméid rialála NFRA a thugann a chumhachtaí dó mar údarás rialála baincéireachta. Léirítear cineál sainordaitheach na ndoiciméad eile trí na clásail mhaoirseachta agus mheastóireachta, atá iontu.

(134) Le Cinneadh Uimh. 40 ón gComhairle Stáit, tugtar treoir do gach institiúid airgeadais gan tacaíocht chreidmheasa a sholáthar ach do thionscadail infheistíochta a bhaineann leis an gcatagóir atáthar a spreagadh agus gealltar leis go gcuirfear chun feidhme '*beartais fhabhracha eile le haghaidh tionscadail a bhaineann le catagóir na dtionscal atáthar a spreagadh*.' Ar an mbonn sin, ceanglaítear ar bhainc tacaíocht chreidmheasa a sholáthar do thionscal an trealaimh rochtana shoghluaiste mar thionscal atáthar a spreagadh.

(135) Thairis sin, fiú i gcás cinntí príobháideacha baincéireachta tráchtála, ní mór iad a bheith faoi réir mhaoirseacht Pháirtí Cumannach na Síne agus a bheith i gcomhréir le beartais náisiúnta. Ceann de thrí sprioc uileghabhálacha an Stáit maidir le rialachas baincéireachta is ea ceannaireacht an Pháirtí a neartú in earnáil na baincéireachta agus an árachais, lena n-áirítear i ndáil le saincheisteanna oibríochtúla agus bainistíochta i gcuideachtaí. I ndáil leis sin, le Plean Gníomhaíochta Trí Bliana CBIRC le haghaidh 2020 go 2022, is é an treoir a thugtar '*an spiorad a chuimsítear i bpríomhóráid an Ard-Rúnaí Xi Jinping a chur chun feidhme a thuilleadh maidir leis an athchóiriú ar rialachas corparáideach na hearnála airgeadais a chur chun cinn*'. Thairis sin, is é is aidhm do Roinn II den Phlean comhtháthú orgánach cheannaireacht an Pháirtí i rialachas corparáideach a chur chun cinn: '*cuirfimid faoi deara go mbeidh comhtháthú cheannaireacht an Pháirtí sa rialachas corparáideach níos córasaí agus níos caighdeánaithe agus go mbeidh sé bunaithe níos mó ar nósanna imeachta [...] Ní foláir mór-shaincheisteanna oibríochtúla agus bainistíochta a bheith pléite ag Coiste an Pháirtí sula ndéanfaidh an Bord Stiúrthóirí nó an bhainistíocht shinsearach cinneadh maidir leo*.'

(136) Chomh maith leis sin, d'ordaigh Rialtas na Síne le déanaí nach mór do scairshealbhóirí in institiúidí airgeadais feidhmiú smacht Rialtas na Síne a éascú trí chreat rialachais chorparáidigh na hinstitiúide, mar seo a leanas: '*Tacóidh scairshealbhóirí móra institiúidí bainc agus árachais le hinstitiúidí bainc agus árachais struchtúr neamhspleách fónta rialachais chorparáidigh a bhunú lena ngabhfaidh córas éifeachtach srianta agus ceartúchán, agus spreagfaidh siad bainc agus institiúidí árachais agus tacóidh siad leo chun comhtháthú orgánach cheannaireacht an Pháirtí sa rialachas corparáideach a áirithiú*' ([59]).

(137) Ar deireadh, cuirtear san áireamh anois, go háirithe, i gcritéir meastóireachta feidhmíochta NFRA maidir le bainc thráchtála an chaoi a bhfreastalaíonn institiúidí airgeadais '*ar na cuspóirí forbartha náisiúnta agus ar an bhfíorgheilleagar*', agus go háirithe ar an gcaoi a bhfreastalaíonn siad '*ar thionscail straitéiseacha agus ar thionscail atá ag teacht chun cinn*' ([60]).

(138) Dá bhrí sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gur chruthaigh Rialtas na Síne creat normatach arbh éigean do bhainisteoirí agus do mhaoirseoirí an bhainc chomhoibríoch atá faoi úinéireacht stáit cloí leis, ar bainisteoirí agus maoirseoirí iad arna gceapadh ag Rialtas na Síne agus atá freagrach do Rialtas na Síne. Dá bhrí sin, bhí Rialtas na Síne ag brath ar an gcreat normatach sin chun smacht a fheidhmiú ar bhealach fónta ar iompar an bhainc chomhoibríoch atá faoi úinéireacht an Stáit nuair a bhí sé ag cur iasachtaí ar fáil don tionscal LWTP. Príomhfheidhmeanna bainc atá faoi úinéireacht stáit, baineann siad leis na cúraimí sonracha a shannann Rialtas na Síne dó tríd an gcreat normatach sin, rud a fhágann go dtagann sé chun bheith ina uirlis ag Rialtas na Síne chun feidhmeanna rialtais a chomhlíonadh.

(139) Le linn an imscrúdaithe, thagair Rialtas na Síne do léirmhíniú NPC ar Dhlí na mBanc agus d'Airteagal 4 de Dhlí na mBanc, agus é á mhaíomh go n-oibríonn bainc thráchtála sa tSín mar eintitis dhlíthiúla neamhspleácha '*a dhéanann a gcinntí féin*', '*gan cur isteach ó aon aonad ná ó aon duine aonair*' agus '*nach bhféadfaidh aon eintiteas ná aon duine aonair iallach a chur ar bhanc tráchtála iasachtaí a dheonú nó ráthaíocht a sholáthar*'.

(140) Mar a mínítear in aithris 133 thuas, mheas an Coimisiún go bhfuil Dlí Banc na Síne agus Cinneadh Uimh. 40 de chineál éigeantach. Thairis sin, níor thacaigh torthaí an imscrúdaithe seo ná torthaí an Choimisiúin in imscrúduithe roimhe seo maidir leis an gclár fóirdheontais céanna ([61]) leis an maíomh nach gcuireann bainc beartas agus pleananna an rialtais san áireamh agus cinntí maidir le hiasachtaí á ndéanamh acu. Shuigh an Coimisiún, mar shampla, gur thairbhigh an grúpa a ndearnadh scrúdú orthu d'iasachtú fabhrach ar rátaí úis faoi bhun an mhargaidh.

([59]) Airteagal 13 den Fhógra maidir leis na Rialacháin Mhaoirseachta a bhaineann le hiompraíocht scairshealbhóirí móra institiúidí bainc agus árachais (CBIRC, [2021] Uimh. 43).

([60]) Féach Fógra CBIRC maidir le modh meastóireachta feidhmíochta na mbanc tráchtála, arna eisiúint an 15 Nollaig 2020. http://jrs.mof.gov.cn/gongzuotongzhi/202101/t20210104_3638904.htm.

([61]) Féach, mar shampla, cás na dtáirgí cothroma teorollta, cás na mbonn agus cás na rothar leictreach.

(141) Cinneadh san imscrúdú freisin nach bhfuil feidhm ag Airteagal 4 ach amháin a mhéid atá sé i gcomhréir le hAirteagal 33. Ciallaíonn sé sin, cé go bhféadfaidh bainc feidhmiú faoina gcreat dlíthiúil ginearálta, nach mór dóibh beartais stáit a chomhlíonadh nuair a ordaítear dóibh amhlaidh a dhéanamh. Go deimhin, cé gur chuid de Chaibidil I é Airteagal 4 de Dhlí na mBanc, ina leagtar síos na forálacha ginearálta, is cuid de Chaibidil IV é Airteagal 33, lena mbunaítear na bunrialacha lena rialaítear iasachtaí. Foclaíocht Airteagal 33: '*déanann bainc thráchtála a ngnó iasachtaithe de réir riachtanais an gheilleagair náisiúnta agus na forbartha sóisialta agus faoi threoraíocht bheartais thionsclaíocha an Stáit*', rud a léiríonn nach foráil de chineál treorach í an fhoráil sin ach go bhfuil sí éigeantach agus go dtugann sí treoir shoiléir do bhainc beartais thionsclaíocha an Stáit a chur san áireamh agus a ngnó iasachtaithe á dhéanamh acu. Thug an Coimisiún dá aire freisin go dtugann Cinneadh Uimh. 40 ón gComhairle Stáit treoir do na hinstitiúidí airgeadais uile gan tacaíocht chreidmheasa a sholáthar ach do thionscadail atáthar a spreagadh agus go ngeallann sé go gcuirfear chun feidhme '*beartais fhabhracha eile le haghaidh tionscadail a bhaineann le catagóir na dtionscal atáthar a spreagadh*'. Cé go gceanglaítear le hAirteagal 17 den Chinneadh céanna ar bhainc prionsabail chreidmheasa a urramú, shuigh an Coimisiún nach raibh na bainc ag urramú prionsabail chreidmheasa le linn an imscrúdaithe. D'iarr an Coimisiún doiciméid tacaíochta a léiríonn go raibh na prionsabail sin á n-urramú ag na hinstitiúidí airgeadais. Níor chuir Rialtas na Síne ná na hinstitiúidí airgeadais faisnéis den sórt sin ar fáil. Mar thoradh air sin, b'éigean don Choimisiún measúnú den sórt sin a dhéanamh ar bhonn na bhfíoras a bhí ar fáil. Léirigh fíorais den sórt sin gur tugadh iasachtaí do na táirgeoirí onnmhairiúcháin gan beann ar a staid airgeadais ná ar a n-acmhainneacht creidmheasa. Ní toradh nua é sin agus thángthas air cheana in imscrúduithe roimhe seo ([62]) inar léirigh an Coimisiún roimhe seo nach bhfágann Airteagal 17 go bunúsach go bhfuil prionsabal creidmheasa ann do thionscail atáthar a spreagadh. Le linn an imscrúdaithe reatha, ní raibh an Coimisiún in ann comhlíonadh a shuí mar gheall ar easpa comhair, rud lenar treisíodh tuilleadh na hábhair imní maidir le trédhearcacht agus cloí le nósanna imeachta cuí um measúnú creidmheasa.

(142) Ar deireadh, mar a thugtar faoi deara in aithrisí 125 agus 126 thuas, is léiriú freisin ar a dhoichte agus a cheangailtí atá an creat rialála ar oibríochtaí na n-institiúidí airgeadais é an fíoras go ndéanann an Páirtí, atá leabaithe go domhain i struchtúr rialachais chorparáidigh na mbanc, athbhreithniú ar mhór-shaincheisteanna oibríochtúla agus bainistíochta uile an bhainc, agus an fíoras go ndéantar meastóireacht ar fheidhmíocht na mbanc i gcomhréir lena n-iarrachtaí freastal ar fhiontair straitéiseacha agus ar fhiontair atá ag teacht chun cinn amhail an tionscal LWTP.

(143) In éagmais comhair agus fianaise choincréiteach ar mheasúnuithe acmhainneachta creidmheasa, rinne an Coimisiún scrúdú dá bhrí sin ar an timpeallacht dhlíthiúil fhoriomlán mar a leagtar amach thuas in aithrisí 130 go 138, maidir le hiasachtaí a soláthraíodh don ghrúpa a ndearnadh scrúdú air. Bhí an iompraíocht sin i gcodarsnacht lena seasamh oifigiúil toisc sa chleachtas nach raibh bainc faoi úinéireacht an Stáit ag gníomhú bunaithe ar mheasúnuithe riosca margadhbhunaithe críochnúla.

(144) Le linn an imscrúdaithe, shuigh an Coimisiún gur soláthraíodh iasachtaí do na cuideachtaí a ndearnadh scrúdú orthu ar rátaí úis faoi bhun an Bhonnráta Iasachta nó gar dó, mar a d'fhógair an Lárionad Náisiúnta um Chistiú Idirbhainc. Tugadh an Bonnráta Iasachta isteach an 20 Lúnasa 2019, agus cuireadh é in ionad ráta tagarmhairc bainc ceannais Dhaon-Bhanc na Síne a bhí ann roimhe sin ([63]). Trí mhaoiniú a sholáthar ar rátaí faoi bhun ráta úis saor ó riosca na tíre, nó gar don ráta sin, ar an margadh idirbhainc, léirítear go soiléir nár cuireadh riosca san áireamh go leormhaith. In éagmais comhair ó Rialtas na Síne agus ó na hinstitiúidí airgeadais, bhí ar an gCoimisiún úsáid a bhaint as na fíorais a bhí ar fáil agus dá bhrí sin tháinig sé ar an gconclúid gur deonaíodh na hiasachtaí gan

([62]) Féach Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/969 ón gCoimisiún an 8 Meitheamh 2017 lena bhforchuirtear dleachtanna frithchúitimh cinntitheacha ar allmhairí táirgí cothroma teorollta áirithe d'iarann, de chruach neamh-chóimhiotail nó de chruach chóimhiotail eile de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/649 ón gCoimisiún lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí táirgí cothroma teorollta áirithe d'iarann, de chruach neamh-chóimhiotail nó de chruach chóimhiotail eile de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne (IO L 146, 9.6.2017, lch. 17, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2017/969/oj) ('cás na dtáirgí cothroma teorollta'), Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1690 ('cás na mbonn'), Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2287 ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2021 lena bhforchuirtear dleachtanna frithchúitimh cinntitheacha ar allmhairí scragaill tiontaire alúmanaim de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne (IO L 458, 22.12.2021, lch. 344, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2021/2287/oj) ('cás an scragaill tiontaire alúmanaim'), agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/776 ón gCoimisiún an 12 Meitheamh 2020 lena bhforchuirtear dleachtanna frithchúitimh cinntitheacha ar allmhairí fabraicí snáithíní gloine fite agus/nó fuaite áirithe de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne agus na hÉigipte (IO L 189, 15.6.2020, lch. 33, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2020/776/oj) ('cás na bhfabraicí snáithíní gloine'), Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/72 ón gCoimisiún an 18 Eanáir 2022 lena bhforchuirtear dleachtanna frithchúitimh cinntitheacha ar allmhairí cáblaí snáthoptaice de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne (IO L 12, 19.1.2022, lch. 34, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2022/72/oj) ('cás na gcáblaí snáthoptaice'), Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1866 ('cás na bhfeithiclí ceallra-leictreacha'), Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/796 ón gCoimisiún an 24 Aibreán 2025 lena bhforchuirtear dleacht frithchúitimh chinntitheach ar allmhairí trealaimh rochtana shoghluaiste de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/45 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí trealaimh rochtana shoghluaiste de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne (IO L, 2025/796, 25.4.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2025/796/oj) ('cás an trealaimh rochtana shoghluaiste').

([63]) http://www.pbc.gov.cn/zhengcehuobisi/125207/125213/125440/3876551/de24575c/index2.html.

beann ar fhíorstaid airgeadais agus riosca creidmheasa na gcuideachtaí, mar a shuitear i roinn 3.6.3 thíos. Dá bhrí sin, soláthraíodh na hiasachtaí faoi bhun rátaí an mhargaidh i gcomparáid leis an ráta a chomhfhreagraíonn do phróifíl riosca an ghrúpa a ndearnadh scrúdú air.

(145) Ar an mbonn sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gur chruthaigh Rialtas na Síne creat normatach i ndáil le hiasachtú le tionscail atáthar a spreagadh nach mór do bhainisteoirí agus do mhaoirseoirí an bhainc, ar bainisteoirí agus maoirseoirí iad a cheapann Rialtas na Síne agus atá freagrach do Rialtas na Síne, nach mór dóibh cloí leis. Níor fhág an creat normatach sin aon lamháil inlíochta ag bainisteoirí agus maoirseoirí an bhainc maidir leis an gcreat sin a leanúint nó gan é a leanúint i ndáil leis an ngrúpa a ndearnadh scrúdú air, rud a d'fhág bainistíocht an bhainc sin i staid spleáchais.

(146) Dá bhrí sin, bhí Rialtas na Síne ag brath ar an gcreat normatach chun rialú a fheidhmiú ar bhealach fóinteach ar iompar an bhainc nuair a bhí sé ag soláthar iasachtaí don tionscal LWTP.

(147) In éagmais fianaise choincréiteach ar mheasúnuithe riosca creidmheasa, rinne an Coimisiún scrúdú ar an timpeallacht dhlíthiúil fhoriomlán is infheidhme maidir le hiasachtaí a chur ar fáil do thionscail atáthar a spreagadh amhail an tionscal LWTP agus shuigh sé nach raibh an banc ag gníomhú bunaithe ar mheasúnuithe críochnúla margadhbhunaithe ar riosca creidmheasa.

(148) Thairis sin, mar a mhínítear in aithris (140), soláthraíodh iasachtaí do na cuideachtaí a ndearnadh scrúdú orthu ar rátaí úis a bhí faoi bhun an Bhonnráta Iasachta, nó gar dó, gan beann ar staid a riosca airgeadais agus creidmheasa. Dá bhrí sin, i bhfianaise riosca próifíle Guanhao Group a shonraítear i Roinn 3.6.4.3 thíos agus i bhfianaise gur cheart, de réir na hanailíse riosca a rinne an Coimisiún, rátáil chreidmheasa B a bheith faighte aige agus rátaí úis píosa maith os cionn an ráta shaor ó riosca a bheith íoctha aige dá réir, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gur soláthraíodh na hiasachtaí i gceist faoi bhun rátaí an mhargaidh.

(149) Tháinig an Coimisiún ar an gconclúid dá bhrí sin gur fheidhmigh Rialtas na Síne rialú fóinteach ar iompar an bhainc i ndáil lena bheartais iasachtaithe agus lena mheasúnú ar riosca a bhaineann leis an tionscal LWTP.

3.6.1.5. Conclúid maidir leis na hinstitiúidí airgeadais uile atá faoi úinéireacht stáit

(150) Shuigh an Coimisiún go raibh an creat dlíthiúil a leagtar amach thuas curtha chun feidhme ag na bainc faoi úinéireacht stáit agus feidhmeanna rialtais á bhfeidhmiú acu i ndáil leis an earnáil LWTP. Dá bhrí sin, bhí sé ag gníomhú mar chomhlacht poiblí de réir bhrí Airteagal 2(b) den bhun-Rialachán arna léamh i gcomhar le hAirteagal 3(1)(a)(i) den bhun-Rialachán agus i gcomhréir le cásdlí ábhartha na hEagraíochta Domhanda Trádála.

(151) Ina theannta sin, fiú amháin mura measfaí gur comhlachtaí poiblí iad na hinstitiúidí airgeadais faoi úinéireacht an Stáit, shuigh an Coimisiún ar bhonn na faisnéise céanna go measfaí gur chuir Rialtas na Síne cúraimí ar a n-iontaoibh nó gur thug sé treoir dóibh na feidhmeanna a fheidhmiú a bheadh dílsithe de ghnáth sa rialtas de réir bhrí Airteagal 3(1)(a)(iv) den bhun-Rialachán ar na cúiseanna céanna, mar a leagtar amach i Roinn 3.6.2 thíos. Dá bhrí sin, chuirfí a n-iompar síos i leith Rialtas na Síne in aon chás.

3.6.2. *Institiúidí airgeadais príobháideacha a gcuireann Rialtas na Síne cúram orthu nó a dtugann sé ordú dóibh*

(152) Mar a rinneadh in imscrúduithe roimhe seo ([64]) , i gcomhréir leis an anailís chomhfhreagrach a sholáthraítear in aithrisí (128) go (149), measadh go bhfuil na bainc agus na hinstitiúidí airgeadais príobháideacha sin ag oibriú faoi mhaoirseacht NFRA (a cuireadh in ionad CBIRC) agus go gcuireann Rialtas na Síne cúram orthu nó go dtugann sé ordú dóibh. Os rud é nár soláthraíodh aon fhaisnéis a léirigh a mhalairt, chloígh an Coimisiún leis an gconclúid chéanna san imscrúdú seo.

(153) Rinne an Coimisiún anailís féachaint ar chuir Rialtas na Síne de chúram ar na hinstitiúidí airgeadais sin uile nó ar ordaigh sé dóibh fóirdheontais a dheonú don earnáil LWTP de réir bhrí Airteagal 3(1)(a)(iv) den bhun-Rialachán.

([64]) Féach Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/969 ('cás na dtáirgí cothroma teorollta'), Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1690 ('cás na mbonn'), Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2287, agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/776 ('cás na bhfabraicí snáithíní gloine'), Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/72 ('cás na gcáblaí snáthoptaice'), Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1866 ('cás na bhfeithiclí ceallra-leictreacha'), Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/ ('cás an trealaimh rochtana shoghluaiste').

(154) De réir Chomhlacht Achomhairc EDT, tarlaíonn 'cur de chúram' i gcás ina dtugann rialtas freagracht do chomhlacht príobháideach agus tagraíonn 'ordú' do chásanna ina bhfeidhmíonn an rialtas a údarás ar chomhlacht príobháideach ([65]). Sa dá chás, úsáideann an rialtas comhlacht príobháideach mar sheachghníomhaí chun an ranníocaíocht airgeadais a dhéanamh, agus 'i bhformhór na gcásanna, bheadh coinne leis go mbeadh bagairt nó aslach de chineál éigin ag baint leis an gcur de chúram ar chomhlacht príobháideach nó le hordú a thabhairt dó' ([66]) . An tráth céanna, le hAirteagal 3(1)(a)(iv), ní cheadaítear do Chomhaltaí bearta frithchúitimh a fhorchur i leith táirgí 'nuair nach bhfuil an rialtas ach ag feidhmiú a chumhachtaí rialála ginearálta' ([67]) nó i gcás 'ina mbeadh nó nach mbeadh toradh áirithe ar [idirghabháil rialtais] bunaithe ar na dálaí fíorasacha ar leith agus ar shaor-rogha a bheith á feidhmiú ag na gníomhaithe sa mhargadh sin agus orthu sin amháin' ([68]). Ina ionad sin, is éard a thugtar le tuiscint le cur de chúram nó le hordú 'ról an rialtais a bheith níos gníomhaí ná spreagadh a thabhairt agus an méid sin amháin' ([69]).

(155) Thug an Coimisiún dá aire go bhfuil an creat normatach i ndáil leis an tionscal a luaitear thuas in aithrisí 130 go 135 infheidhme maidir le gach institiúid airgeadais sa tSín, lena n-áirítear institiúidí airgeadais atá faoi úinéireacht phríobháideach. Chun é sin a léiriú, cumhdaítear le Dlí na mBanc agus le horduithe éagsúla NFRA (ar a dtugtaí CBIRC roimhe seo) na bainc uile a fhaigheann cistiú ón tSín agus a ndéantar infheistíocht eachtrach iontu agus atá faoi bhainistíocht NFRA.

(156) Thairis sin, bhí coinníollacha fhormhór na gconarthaí iasachta le hinstitiúidí airgeadais príobháideacha comhchosúil le coinníollacha na gconarthaí le bainc faoi úinéireacht stáit, agus bhí na rátaí iasachta a sholáthair na hinstitiúidí airgeadais príobháideacha comhchosúil leis na rátaí a sholáthair na hinstitiúidí airgeadais faoi úinéireacht stáit. Léiríonn sé sin go ndeonaíonn na bainc sin coinníollacha iasachtaithe fabhracha de facto i gcomhréir le rialú Rialtas na Síne ar an earnáil baincéireachta.

(157) Ó tharla nach bhfuarthas aon fhaisnéis éagsúil hinstitiúidí airgeadais príobháideacha, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid, a mhéid a bhaineann leis an tionscal LWTP, gur chuir an Stát de chúram ar gach institiúid airgeadais (lena n-áirítear institiúidí airgeadais príobháideacha) atá ag oibriú sa tSín faoi mhaoirseacht NFRA de réir bhrí Airteagal 3(1)(a)(iv), an chéad fhleasc, den bhun-Rialachán beartais rialtais a shaothrú agus iasachtaí a sholáthar ar rátaí fabhracha don tionscal LWTP ([70]) , ar feidhmeanna iad dá bhrí sin nach bhfuil éagsúil le feidhmeanna a dhéanann rialtais de ghnáth.

3.6.3. *Rátálacha creidmheasa*

(158) In imscrúduithe frith-fhóirdheontais roimhe seo, chinn an Coimisiún cheana féin nach bhfuil na rátálacha creidmheasa intíre a thugtar do chuideachtaí Síneacha iontaofa, bunaithe ar staidéar a d'fhoilsigh an Ciste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta (CAI) ([71]) a léiríonn neamhréireacht idir rátálacha creidmheasa idirnáisiúnta agus rátálacha creidmheasa Síneacha. Go deimhin, dar leis an CAI, tá rátáil ag na gníomhaireachtaí rátála áitiúla ar os cionn 90 % de na bannaí Síneacha ó AA go AAA. Níl sin inchomparáide le margaí eile, amhail an tAontas Eorpach nó Stáit Aontaithe Mheiriceá ('SAM'). Mar shampla, níos lú ná 2 % de ghnólachtaí tairbhiú de na rátálacha is fearr den sórt sin i margadh na Stát Aontaithe. Tá gníomhaireachtaí rátála creidmheasa na Síne thar a bheith claonta, mar sin, i dtreo an taobh is airde den scála rátála. Tá scálaí rátála an-leathan acu agus is gnách leo bannaí a bhfuil rioscaí mainneachtana an-éagsúil acu a chomhthiomsú i gcatagóir rátála leathan amháin ([72]). De réir Léargas ar mhargadh bannaí na Síne 2021 ó Bloomberg ([73]) , tá cúig ghníomhaireacht rátála áitiúla Shíneacha ceannasach ar an margadh bannaí: China Chengxin, Dagong, Lianhe, Shanghai Brilliance, agus rátáil creidmheasa Golden, agus thart ar 90 % de na bannaí rátáil AAA ag gníomhaireachtaí rátála áitiúla. Tá rátáil eisitheora domhanda S&P níos ísle, idir A agus BBB, faighte ag roinnt mhaith de na heisitheoirí áfach ([74]) .

([65]) *WT/DS/296 (DS296 SAM – Imscrúdú dleachta frithchúitimh ar DRAMS ón gCóiré) Buanchomhlacht Achomhairc an 21 Feabhra 2005, mír. 116*.
([66]) Tuarascáil ón gComhlacht Achomhairc, DS 296, mír 116.
([67]) Tuarascáil ón gComhlacht Achomhairc, DS 296, mír 115.
([68]) Tuarascáil ón gComhlacht Achomhairc, DS 296, mír 114 lena n-aontaítear leis an Tuarascáil ón bPainéal, DS 194, mír 8.31. ina leith sin.
([69]) Tuarascáil ón gComhlacht Achomhairc, DS 296, mír 115.
([70]) Féach na cásanna a luaitear i bhfonóta 80 roimhe seo.
([71]) Páipéar Oibre CAI dar teideal *Resolving China's Corporate Debt Problem*, le Wojciech Maliszewski, Serkan Arslanalp, John Caparusso, José Garrido, Si Guo, Joong Shik Kang, W. Raphael Lam, T. Daniel Law, Wei Liao, Nadia Rendak, Philippe Wingender, Jiangyan, mí Dheireadh Fómhair 2016, WP/16/203.
([72]) Livingston, M. Poon, W.P.H. agus Zhou, L. (2017). An bhfuil Rátálacha Creidmheasa Síneacha ábhartha? *A Study of the Chinese Bond Market and Credit Rating Industry*, in: Journal of Banking & Finance, lch. 24.
([73]) Léargas ar mhargadh bannaí na Síne 2021, https://assets.bbhub.io/professional/sites/10/China-bond-market-booklet.pdf,.
([74]) Léargas ar mhargadh bannaí na Síne 2021, Fonóta 59, lch. 31.

(159) Ina theannta sin, is gnách go ndéanann gníomhaireachtaí rátála eachtracha, amhail Standard and Poor's agus Moody's, bonnrátáil chreidmheasa an eisitheora a ardú bunaithe ar mheastachán ar thábhacht straitéiseach an ghnólachta do Rialtas na Síne agus ar neart aon ráthaíochta intuigthe nuair atá bannaí Síneacha arna n-eisiúint ar an gcoigríoch á rátáil acu ([75]) .

(160) Chun an anailís sin a chomhlánú, léirigh cásanna roimhe seo gur féidir le Rialtas na Síne a thionchar a fheidhmiú ar an margadh rátála creidmheasa freisin. ([76])

(161) De réir na faisnéise a sholáthair Rialtas na Síne i gcásanna roimhe seo, bhí 14 ghníomhaireacht rátála creidmheasa gníomhach ar mhargadh bannaí na Síne, lena n-áirítear 12 ghníomhaireacht rátála intíre. Ar an dara dul síos, níl aon bhealach isteach saor in aisce ar mhargadh rátála creidmheasa na Síne. Is margadh iata go bunúsach é ós gá do Choimisiún Rialála Urrús na Síne nó do Dhaon-Bhanc na Síne gníomhaireachtaí rátála a fhormheas sula bhféadfaidh siad dul i mbun oibre ([77]) . D'fhógair Daon-Bhanc na Síne i lár 2017 go gceadófaí do ghníomhaireachtaí rátála creidmheasa ar an gcoigríoch rátálacha creidmheasa a dhéanamh i leith cuid den mhargadh bannaí intíre, faoi choinníollacha áirithe. Leanann na gníomhaireachtaí rátála creidmheasa sin scálaí rátála na Síne, áfach, agus dá bharr sin níl siad inchomparáide go cruinn le rátálacha idirnáisiúnta, mar a mhínítear in aithris (159).

(162) Deimhnítear torthaí an Choimisiúin le taighde a rinne Allianz Global Investors in 2021, ina ndeirtear '*nach bhfuil córas rátála creidmheasa intíre na Síne mar an gcéanna le coinbhinsiúin rátála idirnáisiúnta*. Bannaí intíre a bhfuil rátáil AA + acu, mar shampla, dhéanfaí iad a rátáil mar bhannaí '*"ardtoraidh" ar scála idirnáisiúnta*' de ghnáth ([78]) .

(163) Ar deireadh, chuir ECFE in iúl in 2022 go '[g]*cuireann easnaimh sa mhargadh rátála creidmheasa, lena n-áirítear rátálacha boilscithe agus córais rabhaidh laga, bac ar fhorbairt shláintiúil an mhargaidh bannaí*' ([79]) .

(164) Thairis sin, chinn an Coimisiún freisin ([80]) nach féidir a mheas gurb iad fórsaí an mhargaidh amháin a spreagann córas rátála creidmheasa na Síne agus go n-oibríonn sé ar bhonn saofa.

(165) I bhfianaise na staide a thuairiscítear in aithrisí (158) go (163), tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nach dtugann rátálacha creidmheasa ón tSín meastachán iontaofa ar riosca creidmheasa na bunsócmhainne. Rinne na cuspóirí beartais na rátálacha sin a shaobhadh freisin chun príomhthionscail straitéiseacha a spreagadh, amhail an tionscal LWTP.

3.6.4. *Maoiniú fabhrach: iasachtaí*

3.6.4.1. Cineálacha iasachtaí

Iasachtaí gearrthéarmacha agus fadtéarmacha

(166) Shuigh an Coimisiún gur bhain cuideachtaí in Guanhao Group úsáid as iasachtaí gearrthéarmacha agus fadtéarmacha chun a ngníomhaíochtaí a mhaoiniú. Baineadh úsáid as na hiasachtaí sin go príomha le haghaidh oibríochtaí laethúla, riachtanais chaipitil oibre, tionscadail speisialta agus infheistíochtaí.

([75]) Praghas, A.H., Brightbill T.C., DeFrancesco R.E., Claeys, S.J., Teslik, A. agus Neelakantan, U. (2017). *China's broken promises:* why it is not a market-economy, Wiley Rein LLP, lch. 68.

([76]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2287, aithrisí 210 go 214 ('cás an scragaill tiontaire alúmanaim'), Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/969, aithrisí 159 go 161, ('cás na dtáirgí cothroma teorollta'), Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1690, aithrisí 239 go 241 ('cás na mbonn'), Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/776, aithrisí 279 go 284 ('cás na bhfabraicí snáithíní gloine'), Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/72, aithrisí (274) go 279 ('cás na gcáblaí snáthoptaice') agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1866, aithrisí 474 go 478 ('cás na bhfeithiclí ceallra-leictreacha').

([77]) Féach Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/72, fonóta 71.

([78]) Le fáil ag: https://ch.allianzgi.com/-/media/allianzgi/globalagi/china-microsite/9-things-to-know/9-things-to-know-about-chinas- bond-markets.pdf.

([79]) Féach Suirbhéanna Eacnamaíocha ECFE,: An tSín, Márta 2022, lgh. 34-35; le fáil ag: https://www.oecd-ilibrary.org/docserver/b0e499cf-en.pdf.

([80]) Féach Doiciméad nuashonraithe Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin maidir le Saobhadh Suntasach i nGeilleagar Dhaon-Phoblacht na Síne chun críocha Imscrúduithe Cosanta Trádála, an 10 Aibreán 2024, SWD(2024) 91 final ('Tuarascáil na Síne') – Caibidil 6, lgh. 156-160.

3.6.4.2. Sainiúlacht

(167) Mar a léirítear in aithris (128), tá roinnt doiciméad dlíthiúil ann, lena ndírítear freisin ar na cuideachtaí san earnáil déanta páipéir mar thionscal atáthar a spreagadh, lena n-ordaítear do na hinstitiúidí airgeadais iasachtaí a sholáthar ag rátaí fabhracha don tionscal gléasra cóireála fuíolluisce. Léiríonn na doiciméid sin nach soláthraíonn na hinstitiúidí airgeadais maoiniú fabhrach ach do líon teoranta fiontar nó tionscal, a chomhlíonann beartais ábhartha Rialtas na Síne. Mheas an Coimisiún go bhfuil an tagairt don tionscal déanta páipéir, ar cuid de an tionscal gléasra cóireála ar uiscebhealaí intíre, sách soiléir toisc go sainaithnítear an tionscal sin le tagairt don táirge arna mhonarú ag an ngrúpa tionscail lena mbaineann sé. Dá bhrí sin, ós rud é go dtacaíonn Rialtas na Síne le grúpa teoranta tionscal atáthar a spreagadh, lena n-áirítear an tionscal LWTP, is fóirdheontas sonrach é sin.

3.6.4.3. Méid an fhóirdheontais a ríomh

(168) Rinne an Coimisiún méid an fhóirdheontais in-fhrithchúititheas a ríomh bunaithe ar an sochar a thugtar d'fhaighteoirí le linn na tréimhse imscrúdúcháin. De réir Airteagal 6(b) den bhun-Rialachán, is é an sochar a thugtar d'fhaighteoirí an difríocht idir an méid úis a d'íoc an chuideachta ar an iasacht fhabhrach agus an méid a d'íoc an chuideachta ar iasacht tráchtála inchomparáide, a d'fhéadfadh an chuideachta a fháil ar an margadh.

(169) Mar a mhínítear i Roinn 3.6.1 agus Roinn 3.6.2 thuas, is léiriú iad na hiasachtaí arna soláthar ag institiúidí airgeadais na Síne ar idirghabháil rialtais shuntasach agus ní léirítear leo rátaí a bheadh le fáil i margadh feidhmiúil de ghnáth.

(170) Rinne an Coimisiún measúnú ar staid airgeadais Guanhao Group ar a ndearnadh scrúdú aonair. I ndáil leis sin, lean an Coimisiún an mhodheolaíocht chun maoiniú fabhrach trí iasachtú a ríomh, rud a bhunaítear san imscrúdú frith-fhóirdheontais ar scragall tiontaire alúmanaim de thionscnamh na Síne, san imscrúdú frith-fhóirdheontais ar tháirgí cruach cothroma teorollta de thionscnamh na Síne, agus sna himscrúduithe frith-fhóirdheontais ar bhoinn de thionscnamh na Síne, ar fhabraicí snáithíní gloine fite agus/nó fuaite áirithe de thionscnamh na Síne, ar chláblaí snáthoptaice de thionscnamh na Síne agus ar fheithiclí ceallra-leictreacha nua atá deartha chun daoine a iompair, de thionscnamh na Síne ([81]), mar a mhínítear in aithrisí 180 go 181 thíos. Dá thoradh sin, ríomh an Coimisiún an sochar ón gcleachtas maoiniú fabhrach a thabhairt do Guanhao Group trí iasachtaí agus leithdháil sé an sochar sin ar an táirge faoi imscrúdú.

(171) Mar a shonraítear in aithris 76, níor chuir na hinstitiúidí airgeadais iasachta de chuid na Síne aon fhreagra ar an gceistneoir isteach a d'fhéadfadh soiléiriú a thabhairt ar an measúnú a rinneadh ar acmhainneacht creidmheasa. Dá bhrí sin, chun an sochar a shuí, bhí ar an gCoimisiún measúnú a dhéanamh ar cé acu a bhí nó nach raibh rátaí úis na n-iasachtaí a tugadh do Guanhao Group ar leibhéal an mhargaidh.

(172) Thuairiscigh Guanhao Group staid airgeadais a bhí brabúsach go ginearálta idir 2022 agus 2024. Mar sin féin, tháinig laghdú mór ar a bhrabúsacht le linn na tréimhse imscrúdúcháin inar thuairiscigh an chuideachta caillteanais 2,2 %. Deimhníodh é sin freisin i gcuntais airgeadais iniúchta fhoilsithe na cuideachta le haghaidh 2025 inar shroich na caillteanais 4,2 %.

(173) D'úsáid Guanhao Group fiachas gearrthéarmach agus fadtéarmach chun a oibríochtaí a mhaoiniú. Rinne an Coimisiún measúnú ar leachtacht ghearrthéarmach agus ar staid sócmhainneachta fadtéarmaí an ghrúpa.

(174) Maidir le leachtacht ghearrthéarmach, d'úsáid an Coimisiún an cóimheas reatha agus an mearchóimheas. Leis na cóimheasa sin tomhaistear cumas na cuideachta oibleagáidí gearrthéarmacha a íoc, lena n-áirítear fiachas gearrthéarmach.

(175) Ba é 1,35 cóimheas reatha na cuideachta in 2022, rud a laghdaigh go 1,01 in 2023 agus a laghdaigh arís go 0,97 le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Dá bhrí sin, ní raibh sócmhainní reatha na cuideachta leordhóthanach chun na hoibleagáidí gearrthéarmacha a íoc. Ní thugann sé seo údar le rátáil chreidmheasa ard, ar cheart do chuideachta cóimheas de 2 ar a laghad a thaispeáint ina leith.

([81]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2287, aithris 237 ('Cás an scragaill tiontaire alúmanaim'), Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/969, aithrisí 152 go 244 ('cás na dtáirgí cothroma teorollta'), Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1690, aithris 236 ('cás na mbonn'), Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/776, aithris 300 ('cás na bhfabraicí snáithíní gloine'), Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/72, aithris 294 ('cás na gcáblaí snáthoptaice'), Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1866, aithris 490, ('cás na bhfeithiclí ceallra-leictreacha') agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/796, aithris 190, ('cás an trealaimh rochtana shoghluaiste').

(176) Ba é 0,84 mearchóimheas na cuideachta in 2023, 0,81 in 2024 agus 0,7 ag deireadh na tréimhse imscrúdúcháin, agus meastar gur cóimheas tagartha é mearchóimheas de 1 ar a laghad. Go deimhin, d'fhéadfadh sé nach mbeadh cuideachta a bhfuil cóimheas tapa aige faoi bhun 1 in ann a dliteanais reatha a íoc sa ghearrthéarma. Dá bhrí sin, ní raibh airgead leordhóthanach ar láimh ag an gcuideachta chun a fiachas gearrthéarmach a íoc. I bhfianaise an táscaire leachtachta gearrthéarmaí sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go bhfuil fadhbanna leachtachta gearrthéarmaí ag an gcuideachta i gceist a fhágann go bhfuil próifíl féichiúnaí ardriosca aici.

(177) I dtéarmaí sócmhainneachta, mhéadaigh cóimheas fiachais/cothromais na cuideachta go leanúnach ó 0,40 in 2002 go 0,92 le linn na tréimhse imscrúdúcháin, rud a léiríonn go bhfuil níos mó agus níos mó dá gníomhaíochtaí á maoiniú ag an gcuideachta trí fhiachas go príomha. Fágann giaráil ard den sórt sin go bhfuil an chuideachta leochaileach do rátaí úis atá ag ardú nó do chúluithe eacnamaíocha, toisc go bhféadfadh brú a bheith ar a cumas fiachas a sheirbhísiú. Méadaíonn an spleáchas ar mhaoiniú fiachais an riosca dócmhainneachta, go háirithe má thagann moill ar an bhfás ar ioncam nó ar bhrabúsacht. Is cúis mhór imní í an ghiaráil sin a d'fhéadfadh fóinteacht airgeadais na cuideachta a chur i mbaol.

(178) Dá bhrí sin, i bhfianaise na saincheisteanna leachtachta, sócmhainneachta agus éifeachtúlachta a dtugtar tuairisc orthu in aithrisí 172 go 177, mheas an Coimisiún nach raibh staid láidir airgeadais ag an gcuideachta agus go raibh próifíl ardriosca i gceist léi d'iasachtóirí agus d'infheisteoirí ionchasacha.

(179) Mheas an Coimisiún go gcomhfhreagraíonn staid airgeadais fhoriomlán an ghrúpa do rátáil B, nach gcáilíonn mar 'ghrád infheistíochta'.

(180) Ar bhonn na sonraí atá ar fáil go poiblí ar Bloomberg, bhain an Coimisiún úsáid mar thagarmharc as an bpréimh lena bhfuil coinne ar bhannaí a d'eisigh gnólachtaí a bhfuil rátáil B acu, rud a cuireadh i bhfeidhm ar ráta tagarmhairc iasachta Dhaon-Bhanc na Síne, nó tar éis an 20 Lúnasa 2019 ar an mbonnráta iasachta mar a d'fhógair an Lárionad Náisiúnta um Chistiú Idirbhainc chun ráta an mhargaidh a chinneadh.

(181) Dá bhrí sin, rinneadh an corrlach brabúis sin a chinneadh tríd an raon difríochta coibhneasta idir innéacsanna bhannaí corparáide SAM a bhfuil rátáil AA acu agus bhannaí corparáide SAM a bhfuil rátáil B acu a ríomh bunaithe ar shonraí Bloomberg le haghaidh deighleoga tionsclaíocha. An raon difríochta coibhneasta a ríomhadh ar an gcaoi sin, cuireadh ansin é le ráta tagarmhairc iasachta Dhaon-Bhanc na Síne nó, tar éis an 20 Lúnasa 2019, leis an mbonnráta iasachta a d'fhoilsigh an Lárionad Náisiúnta um Chistiú Idirbhainc, an dáta a deonaíodh an iasacht ([82]) agus ar feadh na tréimhse céanna leis an iasacht atá i gceist. Rinneadh é sin ar bhonn aonair i gcás gach iasachta a soláthraíodh do na cuideachtaí sa ghrúpa a ndearnadh scrúdú orthu.

3.6.4.4. Conclúid maidir le maoiniú fabhrach: iasachtaí

(182) Shuigh an Coimisiún gur thairbhigh Guanhao Group de mhaoiniú fabhrach trí iasachtaí le linn na tréimhse imscrúdúcháin. I bhfianaise ranníocaíocht airgeadais a bheith ann, sochar do na táirgeoirí onnmhairiúcháin agus sainiúlacht, mheas an Coimisiún maoiniú fabhrach trí fhóirdheontas in-fhrithchúitithe a thabhairt trí iasachtaí.

(183) In éagmais comhoibriú ó aon institiúid airgeadais de chuid na Síne, bhí ar an gCoimisiún dul i muinín tagarmharc lasmuigh den tír. Mheas an Coimisiún go raibh margadh na Stát Aontaithe ar mhéid coibhéiseach agus bhí staitisticí ionadaíocha ar fáil ann a mhéid a bhaineann le bannaí rátálacha creidmheasa éagsúla. Thug an Coimisiún dá aire freisin nár mhol aon pháirtí leasmhar tagarmharc malartach bailí lasmuigh den tír ina leith sin.

(184) Ba é 20,29 % an ráta fóirdheontais a suíodh a bheith ann maidir leis an maoiniú fabhrach do Guanhao Group trí iasachtaí le linn na tréimhse imscrúdúcháin.

3.6.5. *Maoiniú fabhrach: cineálacha eile maoiniúcháin*

3.6.5.1. Línte creidmheasa

(185) Is é an cuspóir atá le líne chreidmheasa teorainn iasachta a bhunú is féidir leis an gcuideachta a úsáid ag aon am chun a chuid oibríochtaí reatha a mhaoiniú, rud a chiallaíonn go mbeidh maoiniú caipitil oibre solúbtha agus ar fáil láithreach nuair is gá. Tagraíonn na comhaontuithe líne creidmheasa a dheonaítear do na grúpaí sampláilte do na foirmeacha éagsúla maoinithe atá ar fáil do na cuideachtaí a shíníonn comhaontuithe den sórt sin, lena gcumhdaítear gach cineál maoinithe ghearrthéarmaigh, amhail iasachtaí gearrthéarmacha, glacachtaí bainc,

([82]) I gcás iasachtaí ar ráta seasta úis. I gcás iasachtaí ar ráta comhlúthach, glacadh le ráta tagarmhairc Dhaon-Bhanc na Síne le linn na tréimhse imscrúdúcháin.

litreacha creidmheasa, etc. Ina theannta sin, de réir litríocht airgeadais, tá línte creidmheasa forleathan freisin i bhformhór na gcásanna i ngeilleagair mhargaidh. Is é atá iontu, mar shampla, níos mó ná 80 % den mhaoiniú bainc a sholáthraítear do ghnólachtaí poiblí na Stát Aontaithe ([83]). Thairis sin, i gCeanada, mar a bhfuil glacachtaí bainc ina ndliteanas díreach neamhchoinníollach ar an mbanc glactha (mar is amhlaidh sa tSín), ní ghlacfadh bainc de ghnáth ach le dréachtaí glacachta bainc ó iasachtaithe corparáideacha a bhfuil líne chreidmheasa bhunaithe acu leis an mbanc sin ([84]). Dá bhrí sin, mheas an Coimisiún gur cheart, i bprionsabal, maoiniú gearrthéarmach na gcuideachtaí a rinneadh iniúchadh orthu, amhail iasachtaí gearrthéarmacha, dréachtaí glacachta bainc etc., a chumhdach le hionstraim um líne chreidmheasa. ([85])

(a) Torthaí an imscrúdaithe

(186) Shuigh an Coimisiún gur sholáthair institiúidí airgeadais na Síne línte creidmheasa do na cuideachtaí de chuid Guanhao Group a ndearnadh scrúdú orthu i ndáil le maoiniú a sholáthar. Creat-chomhaontuithe a bhí i gceist leo sin, faoina ligeann an banc do chuideachtaí sampláilte ionstraimí fiachais éagsúla a úsáid, amhail iasachtaí caipitil oibre, dréachtaí maidir le glacadh bainc agus cineálacha eile maoinithe trádála laistigh d'uasmhéid áirithe.

(187) Mar a luaitear in aithris (185) thuas, ba cheart gach maoiniú gearrthéarmach a chumhdach le líne chreidmheasa. Dá bhrí sin, rinne an Coimisiún comparáid idir méid na línte creidmheasa a bhí ar fáil do na cuideachtaí comhoibríocha le linn na tréimhse imscrúdúcháin agus méid an mhaoinithe ghearrthéarmaigh a d'úsáid na cuideachtaí sin le linn na tréimhse céanna chun a fháil amach ar cumhdaíodh gach maoiniú gearrthéarmach le líne chreidmheasa. I gcás inar sháraigh méid an mhaoinithe ghearrthéarmaigh an uasteorainn líne creidmheasa, rinne an Coimisiún méid na líne creidmheasa a bhí ann cheana a mhéadú faoin méid os cionn na huasteorann líne creidmheasa sin a d'úsáid na táirgeoirí onnmhairiúcháin iarbhír.

(b) Sochar

(188) Faoi ghnáthdhálaí an mhargaidh, bheadh línte creidmheasa faoi réir táille 'socraithe' nó 'ghealltanais' mar a thugtar uirthi chun costais agus rioscaí an bhainc tráth oscailte líne creidmheasa a chúiteamh ([86]). Cumhdaítear leis na táillí sin costais riaracháin, amhail an costas a bhaineann leis an iarratas a phróiseáil, agus le seiceálacha slándála a dhéanamh, chomh maith leis an gcostas a eascraíonn as na ceanglais stuamachta a fhorchuirtear ar bhainc, ós rud é go laghdaíonn an caipiteal arna ghealladh faoi líne chreidmheasa cóimheasa caipitil an bhainc, nithe nach mór dó a choinneáil ar bun chun a áirithiú go mbeidh sé cosanta ar rioscaí sistéamacha. Shuigh an Coimisiún, áfach, gur bhain na cuideachtaí de chuid Guanhao Group a ndearnadh scrúdú orthu tairbhe as línte creidmheasa a soláthraíodh saor in aisce. Dá bhrí sin, tugadh sochar de réir bhrí Airteagal 6(d) den bhun-Rialachán do na cuideachtaí de chuid Guanhao Group a ndearnadh scrúdú orthu.

(c) Sainiúlacht

(189) Mar a luaitear in aithris 132, de réir Chinneadh Uimh. 40, soláthróidh institiúidí airgeadais tacaíocht chreidmheasa do thionscail atáthar a spreagadh.

(190) Mheas an Coimisiún, ós rud é go bhfuil línte creidmheasa nasctha go dlúth le gach cineál maoinithe ghearrthéarmaigh a sholáthraítear do na cuideachtaí de chuid Guanhao Group a ndearnadh scrúdú orthu, gur cheart iad a mheas a bheith ina gcineál tacaíochta fabhraí airgeadais ó institiúidí airgeadais do thionscail atáthar a spreagadh amhail an earnáil LWTP. Mar atá sonraithe i Roinn 3.3 thuas, tá an earnáil LWTP i measc na dtionscal atáthar a spreagadh agus dá bhrí sin tá sí incháilithe do gach tacaíocht airgeadais is féidir.

([83]) https://www.bde.es/f/webbde/SES/Secciones/Publicaciones/PublicacionesSeriadas/DocumentosTrabajo/08/Fic/dt0821e.pdf
([84]) https://www.bankofcanada.ca/wp-content/uploads/2018/06/SDP-2018-6.pdf
([85]) Féach aithris (346) de chás na bhfabraicí snáithíní gloine agus aithris (530) de chás na bhfeithiclí ceallra-leictreacha (an Rialachán sealadach).
([86]) Féach mar shampla: https://en.wikipedia.org/wiki/Line_of_credit, https://users.ssc.wisc.edu/~jchoi266/Choi_Jason_JMP.pdf, https://pages.stern.nyu.edu/~sternfin/vacharya/public_html/pdfs/working-papers/ARFE_ContingentCredit_AJS.pdfARFE_ContingentCredit_AJS.pdf (nyu.edu), https://www.business.hsbc.uk/-/media/library/business-uk/pdfs/156-business-banking-price-list.pdf .

(d) Méid an fhóirdheontais a ríomh

(191) I gcomhréir le hAirteagal 6(d)(ii) den bhun-Rialachán, mheas an Coimisiún gurb é atá sa sochar a bronnadh ar na faighteoirí an difríocht idir an méid a d'íoc siad mar tháille as línte creidmheasa a d'oscail institiúidí airgeadais na Síne, agus an méid a d'íocfaidís as líne chreidmheasa tráchtála inchomparáide a gheofaí ar ráta neamhshaofa an mhargaidh.

(192) Níor íoc aon cheann de na cuideachtaí de chuid Guanhao Group a ndearnadh scrúdú orthu táille as a líne chreidmheasa. Ar an gcaoi chéanna, níor aimsigh an Coimisiún in imscrúduithe roimhe seo go raibh aon táille líne creidmheasa intíre ann. Is cosúil go dtugtar le fios leis an bhfaisnéis atá ar fáil go poiblí go ngearrtar muirir líne creidmheasa ar chuideachtaí sa tSín i gcásanna áirithe ([87]) , ach níorbh fhéidir teacht ar leibhéal na dtáillí sin. Dá bhrí sin, lorg an Coimisiún táille tagarmhairc iomchuí lasmuigh den tSín. Suíodh na rátaí le haghaidh na táille socraithe dá réir sin ag 1,75 % faoi threoir sonraí a bhí ar fáil go poiblí ([88]).

(193) I bprionsabal, tá na táillí socraithe iníoctha ar bhonn cnapshuime tráth a osclaítear líne chreidmheasa nua nó tráth a dhéantar líne chreidmheasa atá ann cheana a athnuachan faoi seach. Mar sin féin, chun críoch ríomha, chuir an Coimisiún san áireamh línte creidmheasa a osclaíodh nó a athnuadh roimh an tréimhse imscrúdúcháin, ach a bhí ar fáil do na cuideachtaí a ndearnadh scrúdú orthu le linn na tréimhse imscrúdúcháin chomh maith leis na línte creidmheasa a osclaíodh le linn na tréimhse imscrúdúcháin.

3.6.5.2. Billí lascainithe

(a) Torthaí an imscrúdaithe

(194) Léirigh an t-imscrúdú go ndearna institiúidí airgeadais na Síne infháltais a lascainiú do Guanhao Group mar mhalairt ar airgead tirim.

(195) Tríd an oibríocht sin, rinne idirghabhálaithe airgeadais réamhíocaíocht ar mhéideanna infháltas roimh a ndáta dlite. Fuair na cuideachtaí luathchistí trí chearta infháltas todhchaí a aistriú chuig institiúidí airgeadais tar éis táillí agus na rátaí lascaine is infheidhme a asbhaint. Leis an ráta lascaine is infheidhme, ba cheart cúiteamh sonrach a dhéanamh sa riosca mainneachtana, ar a bhfuil tionchar mór ag rátáil chreidmheasa an eintitis dheireanaigh atá faoi dhliteanas an oibleagáid íocaíochta a chomhlíonadh.

(b) Sochar

(196) Mar a suíodh in imscrúduithe roimhe seo ([89]), faoi ghnáthdhálaí an mhargaidh, ba cheart costais agus rioscaí an bhainc a chúiteamh leis an ráta lascaine is infheidhme. Mar a mhínítear i Ranna 3.5.1 agus 3.5.2 thuas, tá na hiasachtaí arna soláthar ag institiúidí airgeadais na Síne ina léiriú ar idirghabháil shubstaintiúil rialtais, a dhéanann difear go háirithe do rátáil chreidmheasa na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin, agus ní léiríonn siad rátaí a gheofaí de ghnáth i margadh feidhmiúil

(197) Is é an sochar a thabharfaí do na faighteoirí dá réir sin an difríocht idir an ráta lascaine a chuireann institiúidí airgeadais na Síne i bhfeidhm agus an ráta lascaine is infheidhme maidir le hoibríocht inchomparáide ar an margadh, iasacht mar shampla.

(c) Sainiúlacht

(198) Maidir le sainiúlacht, mar a luaitear in aithris 189 de réir Chinneadh Uimh. 40, soláthróidh institiúidí airgeadais tacaíocht chreidmheasa do thionscail atáthar a spreagadh.

([87]) Féach mar shampla Bank of China: *Credit Line* https://www.bankofchina.com/en/cbservice/cb2/cb22/200806/t20080630_1324055.htm (bankofchina.com)

([88]) https://www.metrobankonline.co.uk/business/borrowing/products/business-overdrafts/ a ndeachthas i gcomhairle leis an 24.02.2025.

([89]) Féach aithrisí 413 go 419 de chás na bhfabraicí snáithíní gloine.

(199) Mar a suíodh in imscrúduithe roimhe seo ([90]), mheas an Coimisiún go bhfuil billí lascainithe ina gcineál eile tacaíochta fabhraí airgeadais ó institiúidí airgeadais do thionscail atáthar a spreagadh amhail an earnáil LWTP. Go deimhin, mar a shonraítear i Roinn 3.3 thuas, tá an earnáil LWTP i measc na dtionscal atáthar a spreagadh agus dá bhrí sin tá sí incháilithe do gach tacaíocht airgeadais is féidir. Is cuid den chóras tacaíochta fabhraí airgeadais ó institiúidí airgeadais do thionscail atáthar a spreagadh, amhail an tionscal LWTP, iad billí lascainithe, mar chineál maoinithe.

(200) Níor soláthraíodh aon fhianaise gur féidir le haon ghnóthas i nDaon-Phoblacht na Síne (seachas laistigh de thionscail atáthar a spreagadh) tairbhiú de bhillí lascainithe faoi na téarmaí agus na coinníollacha fabhracha céanna.

(d) Méid an fhóirdheontais a ríomh

(201) Mar a shonraítear in aithris 194, shuigh an Coimisiún gur bhain an grúpa a ndearnadh scrúdú air úsáid as billí lascainithe chun aghaidh a thabhairt ar a riachtanais maoinithe ghearrthéarmaigh.

(202) I gcomhréir le hAirteagal 6(b) den bhun-Rialachán, ós cineál maoinithe ghearrthéarmaigh iad billí lascainithe agus go bhfuil an cuspóir céanna acu go héifeachtach agus atá ag iasachtaí gearrthéarmacha caipitil oibre, mheas an Coimisiún gurb é atá sa sochar a bronnadh dá réir sin ar na faighteoirí an difríocht idir an ráta lascaine a íocadh iarbhír agus an méid ba cheart a íoc trí ráta úis maoinithe ghearrthéarmaigh a chur i bhfeidhm.

(203) Chinn an Coimisiún an sochar a thiocfadh as neamh-íocaíocht costais maoinithe ghearrthéarmaigh. Mheas an Coimisiún gur cheart billí lascainithe a bheith ar chostas a bheadh coibhéiseach le maoiniú iasachta gearrthéarmaí. Dá bhrí sin, chuir an Coimisiún an mhodheolaíocht chéanna i bhfeidhm agus a chuirtear i bhfeidhm maidir le maoiniú iasachtaí gearrthéarmacha a ainmnítear in CNY, a dtugtar tuairisc air i Roinn 3.6.4.3.

3.6.5.3. Conclúid maidir le cineálacha eile maoinithe fhabhraigh

(204) Shuigh an Coimisiún gur thairbhigh an chuideachta a ndearnadh scrúdú uirthi de mhaoiniú fabhrach i bhfoirm línte creidmheasa agus billí lascainithe. Toisc gurbh ann do ranníocaíocht airgeadais, do thairbhe do na táirgeoirí onnmhairiúcháin agus do shainiúlacht, mheas an Coimisiún gur fóirdheontas in-fhrithchúitithe a bhí sna cineálacha sin maoinithe fhabhraigh.

(205) Ba é 2,82 % an ráta fóirdheontais a suíodh a bheith ann maidir leis an maoiniú fabhrach do Guanhao Group, mar a shonraítear thuas, le linn na tréimhse imscrúdúcháin.

3.7. **Árachas fabhrach: árachas creidmheasa onnmhairiúcháin**

(206) Líomhain an gearánach gur sholáthair Sinosure árachas creidmheasa onnmhairiúcháin fabhrach, ar bhonn lamháltais do thionscail atáthar a spreagadh, amhail an tionscal TRS. Ar a shuíomh gréasáin ginearálta, deir Sinosure go gcuireann sé onnmhairiú earraí na Síne chun cinn, go háirithe onnmhairiú táirgí ardteicneolaíochta. De réir staidéar a rinne an Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta ('ECFE'), fuair tionscal ardteicneolaíochta na Síne, ar cuid de é an tionscal LWTP, 21 % den árachas creidmheasa onnmhairiúcháin iomlán arna sholáthar ag Sinosure ([91]). Thairis sin, tá ról gníomhach glactha ag Sinosure maidir le comhlíonadh an tionscnaimh *Made in China 2025*, agus é ag treorú fiontar chun acmhainní creidmheasa náisiúnta a úsáid, ag déanamh nuálaíocht eolaíoch agus theicneolaíoch agus uasghrádú teicneolaíoch, agus ag cuidiú le fiontair 'amach' teacht chun bheith níos iomaíche sa mhargadh domhanda ([92]).

(a) Bunús dlí

(1) Fógra maidir le Cur Chun Feidhme na Straitéise maidir leis an Trádáil a chur chun cinn tríd an Eolaíocht agus an Teicneolaíocht trí bhíthin Úsáid Árachais Creidmheasa Onnmhairiúcháin (Shang Ji Fa [2004] Uimh. 368), arna eisiúint ag MMAEOM agus Sinosure i gcomhpháirt;

([90]) Féach aithrisí 413 go 419 de chás na bhfabraicí snáithíní gloine

([91]) Staidéar ECFE maidir le beartais agus cláir chreidmheasa onnmhairiúcháin na Síne, leathanach 7, mír 32, ar fáil ag https://www.oecd.org/officialdocuments/publicdisplaydocumentpdf/?cote=TAD/ECG(2015)3&doclanguage=en, arna rochtain go deireanach an 18 Lúnasa 2021.

([92]) Féach suíomh gréasáin Sinosure , próifíl na Cuideachta, a thacaíonn le 'Made in China', https://www.sinosure.com.cn/en/Resbonsiblity/smic/index.shtml , arna rochtain go deireanach an 17 Lúnasa 2021.

(2) 840 plean san áireamh san Fhógra ón gComhairle Stáit an 27 Bealtaine 2009.

(3) Fógra maidir le Saothrú agus Forbairt ón gComhairle Stáit maidir le Dlús a chur leis na Tionscail atá ag teacht chun cinn i dtaca le Cinneadh Straitéiseach (GuoFa [2010] Uimh. 32 an 18 Deireadh Fómhair 2010), arna eisiúint ag an gComhairle Stáit agus a Treoirlínte Cur Chun Feidhme (GuoFa [2011] Uimh. 310 an 21 Deireadh Fómhair 2011).

(4) Fógra ar eisiúint leagan 2006 de Chatalóg Onnmhairiú Tháirgí Ardteicneolaíochta na Síne, Uimh. 16 ón Roinn Náisiúnta Eolaíochta agus Teicneolaíochta (2006).

(b) Torthaí an imscrúdaithe

(207) Bhí comhaontuithe árachais onnmhairiúcháin le Sinosure gan íoc ag an táirgeoir onnmhairiúcháin LWTP a ndearnadh scrúdú air le linn na tréimhse imscrúdúcháin.

(208) Mar a shonraítear in aithris (85) thuas, níor sholáthair Sinosure faisnéis maidir leis an toradh ar chaipiteal a tuairiscíodh ina thuarascáil bhliantúil, fianaise maidir le saincheisteanna a bhaineann lena ráiteas airgeadais amhail costais oibriúcháin, ioncam, torthaí ar chaipiteal, an tsuim fhoriomlán árachaithe, suim árachaithe earnáil an tionscail déanta páipéir; faisnéis faoina airteagail chomhlachais, faisnéis maidir le táirgeoirí a ndearnadh scrúdú orthu d'ainneoin údaruithe ábhartha cuideachta a bheith ann agus faisnéis tacaíochta maidir le neamhspleáchas a chórais measúnaithe riosca creidmheasa.

(209) Dá bhrí sin, b'éigean don Choimisiún cur leis an bhfaisnéis a soláthraíodh leis na fíorais a bhí ar fáil.

(210) De réir na faisnéise a soláthraíodh in imscrúduithe frith-fhóirdheontais roimhe seo ([93]) agus de réir shuíomh gréasáin Sinosure ([94]), is cuideachta árachais atá faoi úinéireacht stáit agus dírithe ar bheartas é Sinosure, ar bhunaigh an Stát é agus a dtugann sé tacaíocht di chun tacú le forbairt agus comhar eachtrach na Síne i gcúrsaí eacnamaíocha agus trádála. Tá an chuideachta 100 % faoi úinéireacht an Stáit. Tá bord stiúrthóirí agus bord maoirseoirí aici. Tá sé de chumhacht ag an Rialtas bainisteoirí sinsearacha na cuideachta a cheapadh agus a bhriseadh as a bpost. Bunaithe ar an bhfaisnéis sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go bhfuil comharthaí foirmiúla ann maidir le rialú rialtais i ndáil le Sinosure.

(211) Lorg an Coimisiún tuilleadh faisnéise maidir le cé acu a d'fheidhmigh nó nár fheidhmigh Rialtas na Síne rialú fóinteach ar iompar Sinosure i ndáil leis an tionscal LWTP.

(212) Dé réir an Fhógra maidir le heisiúint leagan 2006 de Chatalóg Onnmhairiúcháin Táirgí Ardteicneolaíochta na Síne, Uimh. 16, *'d'fhéadfadh táirgí a áirítear in eagrán 2006 den Chatalóg Onnmhairiúcháin a bheith faoi réir beartais fhabhracha arna ndeonú ag an Stát maidir le honnmhairiú táirgí ardteicneolaíochta'*.

(213) Thairis sin, de réir an Fhógra maidir le Cur Chun Feidhme na Straitéise um Chur Chun Cinn na Trádála tríd an Eolaíocht agus an Teicneolaíocht agus Árachas Creidmheasa Onnmhairiúcháin á Úsáid ([95]), ba cheart do Sinosure cur leis an tacaíocht a thugann sé do phríomhthionscail agus do phríomhtháirgí trína thacaíocht fhoriomlán d'onnmhairiú táirgí ardteicneolaíochta agus nuatheicneolaíochta, lena n-áirítear táirgí 'faisnéise agus cumarsáide', a neartú. Ba cheart dó a aird ghnó a dhíriú ar thionscail ardteicneolaíochta agus nuatheicneolaíochta, amhail an tionscal LWTP, a liostaítear i gCatalóg Onnmhairiúcháin Táirgí Ardteicneolaíochta na Síne, agus tacaíocht chuimsitheach a sholáthar i dtéarmaí nósanna imeachta frithgheallta, formheas faoi réir teorainneacha, luas próiseála éileamh agus solúbthacht rátaí. Maidir le solúbthacht rátaí, is í an lascaine uasta préimhráta laistigh den raon comhlúthach arna sholáthar ag an gcuideachta árachais creidmheasa ba cheart dó a thabhairt do tháirgí.

(214) Ar an mbonn sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gur chruthaigh Rialtas na Síne creat normatach nach mór do bhainisteoirí agus do mhaoirseoirí, ar bainisteoirí agus maoirseoirí iad a cheapann Rialtas na Síne agus atá freagrach do Rialtas na Síne, nach mór dóibh cloí leis. Dá bhrí sin, bhraith Rialtas na Síne ar chreat normatach den sórt sin chun rialú a fheidhmiú ar bhealach fiúntach ar iompar Sinosure.

([93]) Féach cás na mbonn a luaitear i bhfonóta 5, aithris 429.
([94]) https://www.sinosure.com.cn/en/Sinosure/Profile/index.shtml, arna rochtain go deireanach an 18 Lúnasa 2021.
([95]) http://www.mMAEom.gov.cn/aarticle/b/g/200411/20041100300040.html, arna rochtain go deireanach an 12 Lúnasa 2021.

(215) Chomh maith leis sin, lorg an Coimisiún cruthúnas coincréiteach ar fheidhmiú an rialaithe ar bhealach fiúntach bunaithe ar chomhaontuithe árachais coincréiteacha. Le linn na cuairte fíorúcháin, d'áitigh Rialtas na Síne go raibh préimheanna Sinosure dírithe ar an margadh sa chleachtas agus bunaithe ar phrionsabail measúnaithe riosca. Mar sin féin, níor soláthraíodh aon sampla sonrach maidir leis an tionscal LWTP ná maidir leis na cuideachtaí a ndearnadh scrúdú orthu cé gur sholáthair an grúpa a ndearnadh scrúdú air údarú ábhartha lenar ceadaíodh rochtain ar dhoiciméadacht ábhartha.

(216) In éagmais fianaise choincréiteach, rinne an Coimisiún scrúdú dá bhrí sin ar iompraíocht choincréiteach Sinosure maidir leis an árachas a soláthraíodh do na cuideachtaí a ndearnadh scrúdú orthu. Bhí an iompraíocht seo difriúil leis an seasamh oifigiúil mar nach raibh siad ag gníomhú bunaithe ar phrionsabail an mhargaidh.

(217) Tar éis don Choimisiún na héilimh iomlána a íocadh a chur i gcomparáid leis na méideanna iomlána faoi árachas, bunaithe ar na sonraí i dTuarascáil Bhliantúil Sinosure 2023 ([96]), tháinig sé ar an gconclúid go mbeadh ar Sinosure 0,29 % den mhéid faoi árachas a ghearradh ar an meán mar phréimh chun costas na n-éileamh a chumhdach (gan forchostais á gcur san áireamh fiú).

(218) Ina theannta sin, thug an Coimisiún dá aire gur thuairiscigh Sinosure glanchaillteanas óna ghníomhaíochtaí oibriúcháin in 2022 agus 2023 ([97]); i.e. soláthar árachais creidmheasa onnmhairiúcháin, agus go mbeadh caillteanas i gceist leis ar an iomlán mura gcuirfeadh sé ioncam suntasach ó ioncam ar infheistíocht in áirithe. Mar a luaitear in aithris (85), níor sholáthair Sinosure faisnéis maidir leis an ioncam infheistíochta sin.

(219) Dá bhrí sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go bhfuil an creat dlíthiúil atá leagtha amach thuas á chur chun feidhme ag Sinosure i bhfeidhmiú feidhmeanna rialtais i leith earnáil LWTP. Ghníomhaigh Sinosure mar chomhlacht poiblí sa chiall atá ag Airteagal 2(b) den bhun-Rialachán á léamh i gcomhar le hAirteagal 3(1)(a)(i) den bhun-Rialachán agus i gcomhréir le cásdlí ábhartha na hEagraíochta Trádála Domhanda. Thairis sin, fuair na cuideachtaí de chuid Guanhao Group a ndearnadh scrúdú orthu sochar ó tharla gur soláthraíodh an t-árachas ag rátaí faoi bhun na híostáille a theastaigh ó Sinosure chun go gcumhdódh sé a chostais oibriúcháin.

(c) Sochar

(220) Mheas an Coimisiún gurb é atá sa sochar a bronnadh ar na faighteoirí, an difríocht idir an méid a d'íoc an chuideachta i ndáiríre mar phréimh árachais agus an méid ba cheart di a íoc trí an ráta préimhe tagarmhairc sheachtraigh, a luaitear in aithris (222), a chur i bhfeidhm.

(d) Sainiúlacht

(221) Chinn an Coimisiún gur fóirdheontais shonracha iad na fóirdheontais a soláthraíodh faoin gclár árachais onnmhairiúcháin, toisc nach bhféadfaí iad a fháil gan onnmhairiú a dhéanamh agus, dá bhrí sin, go mbraitheann siad ar onnmhairiú de réir bhrí Airteagal 4(4)(a) den bhun-Rialachán.

(e) Méid an fhóirdheontais a ríomh

(222) Toisc go raibh suíomh ceannasach margaidh ag Sinosure le linn na tréimhse imscrúdaithe, níorbh fhéidir leis an gCoimisiún préimh árachais intíre bunaithe ar an margadh a aimsiú. Dá bhrí sin, i gcomhréir le himscrúduithe frith-fhóirdheontais roimhe sin, d'úsáid an Coimisiún an tagarmharc seachtrach is iomchuí, a raibh faisnéis maidir leis ar fáil go héasca, i.e. na rátaí préimhe a chuir Banc Easpórtála-Iompórtála Stáit Aontaithe Mheiriceá i bhfeidhm ar institiúidí neamhairgeadais le haghaidh onnmhairiúcháin chuig tíortha ECFE.

(f) Conclúid

(223) Ba é 0,69 % an ráta fóirdheontais a suíodh a bheith ann maidir leis an scéim sin i dtaca le Guanhao Group le linn na tréimhse imscrúdúcháin.

([96]) Tuarascáil Bhliantúil Sinosure 2023, lch. 3. www.sinosure.com.cn/images/xwzx/ndbd/2024/07/09/961D4764432B71CF10660C000F29D9F9.pdf.

([97]) Ní áirítear tuarascáil airgeadais i dTuarascáil Bhliantúil Sinosure do 2024, arna soláthar ag Rialtas na Síne mar thaispeántas C-32

3.8. **Cláir Dheontais**

(a) Bunús dlí

(224) Deontais a suíodh a bheith tugtha do Guanhao Group a ndearnadh scrúdú air, soláthraíodh iad ar bhonn na nithe seo a leanas:

— Ciste Speisialta Cúige Bhiúró Airgeadais Chrios Forbartha Eacnamaíche agus Teicneolaíochta Zhanjiang chun Forbairt Eacnamaíoch Ardcháilíochta a Chur Chun Cinn le haghaidh Claochlú Teicneolaíoch Fiontar, Zhan Cai Gong (2021) Uimh. 89;

— Ciste Speisialta Cúige Bhiúró Airgeadais Chrios Forbartha Eacnamaíche agus Teicneolaíochta Zhanjiang chun Ardtionscal Monaraíochta a Fhorbairt (2023) Uimh. 37;

— Fógra maidir le Leanúint de Chur Chun Feidhme an Bheartais Árachais Dífhostaíochta chun Tacú le Fiontair agus chun Fostaíocht a Chobhsú, arna eisiúint go comhpháirteach ag Roinn Chúige Guangdong um Acmhainní Daonna agus Slándáil Shóisialta,

— Roinn Airgeadais Chúige Guangdong, agus Seirbhís Cánach Chúige Guangdong de chuid Riarachán Cánach an Stáit (Yue Ren She Gui [2024] Uimh. 16);

— Ciorclán ó Dhaon-Rialtas Bardasach Zhanjiang maidir le Moladh Fiontar a bhfuil an Dara Gradam Cáilíochta ó Rialtas Bardasach Zhanjiang Buaite Acu (Zhan Fu Han [2023] Uimh. 135);

— Bearta Riarachán Bardasach Zhanjiang um Rialáil Margaidh (an Oifig Maoine Intleachtúla) maidir le Fóirdheontais a Thacaíonn le Cur Chun Cinn Maoine Intleachtúla (Zhan Shi Jian Gui Zi [2020] Uimh. 2);

— Fógra ó Bhiúró Tráchtála Bardasach Zhanjiang maidir le hEisiúint an Phlean Tionscadail le haghaidh Chiste Speisialta 2024 lena dTacaítear le Forbairt Trádála Eachtraí (Zhan Shang Wu [2024] Uimh. 318);

— Fógra ó Bhiúró Airgeadais Bardasach Zhanjiang maidir le Coigeartú agus Leithdháileadh an Chiste Speisialta Cúige um Leibhéal Forbartha Geilleagair Oscailte a Chur Chun Cinn (Ocht mBeart chun Trádáil Eachtrach a Chobhsú) (An Chéad Bhaisc) (Zhan Cai Gong [2024] Uimh. 46);

— Fógra ó Bhiúró Tráchtála Bardasach Zhanjiang maidir le hEisiúint an Phlean Tionscadail le haghaidh Chiste Speisialta 2023 lena dTacaítear le Forbairt Trádála Eachtraí (Zhan Shang Wu [2024] Uimh. 162).

(b) Torthaí an imscrúdaithe

(225) Shuigh an Coimisiún gur thairbhigh Guanhao Group de roinnt clár deontais. Ba iad údaráis chúige agus bhardasacha a dhámh na deontais, nó dámhadh iad laistigh de Chrios Forbartha Eacnamaíche agus Teicneolaíochta Zhanjiang. Fianaise ar dheontais a bheith ann agus gur deonaíodh iad ar leibhéil éagsúla de Rialtas na Síne, ba í an chuideachta a ndearnadh scrúdú uirthi a sholáthair ar dtús í agus deimhníodh í lena ráitis airgeadais agus le linn na gcuairteanna fíorúcháin.

(226) Maidir le táirgeoirí eile LWTP, níor nochtadh don Choimisiún sonraí maidir le deontais ná aon bhunús dlí leo. Mar a luaitear in aithris (84), níor sholáthair Rialtas na Síne faisnéis den sórt sin ach an oiread.

(c) Sochar

(227) Ba fhóirdheontais iad na deontais sin de réir bhrí Airteagal 3(1)(a)(i) agus Airteagal 3(2) den bhun-Rialachán, toisc gur tharla aistriú cistí ó Rialtas na Síne i bhfoirm deontas chuig na grúpaí sampláilte cuideachtaí lenar tugadh sochar a bhí cothrom le méid an deontais.

(d) Sainiúlacht

(228) Rinne an Coimisiún measúnú ar na deontais uile a fuair na cuideachtaí a ndearnadh scrúdú orthu agus shuigh sé nár bhain gach ceann acu go sonrach le táirgeadh LWTP. Mar sin féin, measadh gur deontais shonracha de réir bhrí Airteagail 4(2)(a) agus 4(3) den bhun-Rialachán iad na deontais a bhaineann le teicneolaíocht, nuálaíocht agus forbairt, laghdú dífhostaíochta, agus tacaíocht agus cur chun cinn tionsclaíoch ós cosúil go bhfuil siad teoranta do chuideachtaí áirithe, do thionscail áirithe, nó do thionscadail shonracha i réigiúin shonracha.

(229) Thairis sin, measadh go raibh cuid de na deontais sonrach de réir bhrí Airteagal 4(4)(a) den bhun-Rialachán ós cosúil go bhfuil siad ag brath ar fheidhmíocht onnmhairiúcháin.

(e) Méid an fhóirdheontais a ríomh

(230) Ríomhadh an sochar mar an méid a fuarthas sa tréimhse imscrúdúcháin nó a leithdháileadh ar an tréimhse imscrúdúcháin i gcás inar dímheasadh an méid i gcaitheamh shaolré úsáide na sócmhainne seasta lenar bhain an deontas a fuarthas roimh an tréimhse imscrúdúcháin. Mar sin féin, bunaithe ar na Treoirlínte maidir le Méid an Fhóirdheontais in Imscrúduithe Dleachta Frithchúitimh a Ríomh ([98]), rinneadh fóirdheontais neamh-athfhillteacha a fuarthas le linn na tréimhse imscrúdúcháin, arbh é a bhí iontu níos lú ná 1 % *ad valorem*, a chostasú fiú i gcás ina raibh siad nasctha le ceannach sócmhainní seasta. Tá an modh leithdháilte sin i gcomhréir go hiomlán le tuarascáil EDT ón ngrúpa neamhfhoirmiúil saineolaithe lena bhforáiltear gur cheart deontais arb é is cuspóir dóibh sócmhainní seasta a cheannach a leithdháileadh agus *'measadh gurbh iomchuí, go príomha ar mhaithe le háisiúlacht riaracháin, fóirdheontais an-bheag a chostasú gan beann ar a gcineál nó ar thosca eile. Is é leibhéal is lú ná 0,5 faoin gcéad de dhíolacháin i gcás aon fhóirdheontas aonair a mholtar le haghaidh na tairsí sin'* ([99]).

(f) Conclúid

(231) Ba é 0,13 % an ráta fóirdheontais a suíodh a bheith ann maidir leis an scéim sin i dtaca le Guanhao Group le linn na tréimhse imscrúdúcháin.

3.9. **Earraí agus seirbhísí arna soláthar ag an rialtas ar íocaíocht nach leordhóthanach**

3.9.1. *Cearta úsáide talún arna soláthar ag an rialtas ar íocaíocht nach leordhóthanach*

(232) Tá an talamh uile sa tSín faoi úinéireacht an Stáit nó faoi úinéireacht comharghnó, comhdhéanta de shráidbhailte nó bailecheantair, sula bhféadfar teideal dlíthiúil nó teideal cothromais na talún a phaitinniú nó a dheonú d'úinéirí corpraithe nó d'úinéirí aonair. Is leis an Stát gach dáileacht talún i limistéir uirbeacha agus is leis na sráidbhailte nó na bailte móra gach dáileacht talún i limistéir thuaithe.

(233) De bhun Bhunreacht na Síne agus an Dlí Talún, áfach, féadfaidh cuideachtaí agus daoine aonair 'cearta úsáide talún' a cheannach. I gcás talamh tionsclaíoch, maireann an léasacht 50 bliain de ghnáth, agus í in-athnuaite go ceann 50 bliain eile.

(234) Thug Rialtas na Síne le fios nach earraí (maoin phearsanta inláimhsithe nó shochorraithe seachas airgead ([100])) ná seirbhísí iad cearta úsáide talún, agus dá réir sin ní hé atá sa chlár líomhnaithe 'earraí nó seirbhísí arna soláthar ar íocaíocht nach leordhóthanach' de réir Airteagal 3(1)(a)(iii) den bhun-Rialachán.

(235) Níor aontaigh an Coimisiún leis an líomhain sin. Ar an gcéad dul síos, sa Lámhleabhar um Staitisticí i ndáil le Trádáil Idirnáisiúnta Seirbhísí ('an Lámhleabhar') ar a mbraitheann Rialtas na Síne chun líomhain nach seirbhísí iad cearta úsáide talún, tá catagóir a bhaineann le *'... seirbhísí rialtais nach n-áirítear in aon áit eile'* a shainaithnítear mar phríomh-chomhpháirteanna seirbhísí caighdeánacha. Ina theannta sin, gan beann ar na modhanna dlíthiúla trína bhfaightear an talamh, is amhlaidh fós gur soláthar talún *in fine* é soláthar ceart úsáide talún. I ndáil leis sin, dheimhnigh an Comhlacht um Réiteach Díospóidí cheana féin go measter gur earra 'dochorraithe' é talamh agus go bhféadfadh feidhm a bheith ag Airteagal 1.1(a)(1)(iii) de Chomhaontú SCM ([101]). Dá bhrí sin, is soláthar earraí nó seirbhísí é cearta úsáide talún a sholáthar.

([98]) 98/C 394/04 (IO C 394, 17.12.1998, lch. 6).
([99]) G/SCM/W/Rev.2*.
([100]) Tuarascáil IV ón bPainéal maidir le Bogadhmad, míreanna 7.23-7.24
([101]) Tuarascáil ó Phainéal EDT, Na Stáit Aontaithe - Réamhchinntí maidir le Bogadhmad Áirithe ó Cheanada, WT/DS236/R, míreanna 5.4 et seq, (arna ghlacadh an 1 Samhain 2002).

(a) *Bunús dlí/Creat Rialála*

(236) Tagann an fhoráil maidir le ceart úsáide talún sa tSín faoi Dhlí Riaracháin Talún Dhaon-Phoblacht na Síne ([102]). Ina theannta sin, tá na doiciméid seo a leanas mar chuid den bhunús dlí freisin:

(1) Airteagail 205-462 den Chód Sibhialta a tháinig i bhfeidhm i mí Eanáir 2021, agus go háirithe Airteagail 246, 260-261 agus 330-361;

(2) Dlí Riaracháin Talún na Síne (Ordú ó Uachtarán Dhaon-Phoblacht na Síne Uimh. 28) ([103]) arna leasú go deireanach in 2019 le hOrdú ó Uachtarán na Síne Uimh. 32;

(3) Dlí Dhaon-Phoblacht na Síne maidir le Riarachán Réadmhaoine Uirbí (Ordú Uimh. 29 ó Uachtarán Dhaon-Phoblacht na Síne) ([104])arna leasú in 2019 agus arna fhoilsiú le hOrdú ó Uachtarán na Síne Uimh. 32;

(4) Rialacháin Eatramhacha Dhaon-Phoblacht na Síne maidir le Sannadh agus Aistriú an Chirt chun Talamh faoi Úinéireacht Stáit i Limistéir Uirbeacha a Úsáid (Foraithne Uimh. 55 ó Chomhairle Stáit Dhaon-Phoblacht na Síne) ([105]) arna leasú an 29 Samhain 2020 mar fhoraithne Uimh. 732 ón gComhairle Stáit;

(5) Rialachán maidir le Cur Chun Feidhme Dhlí Riaracháin Talún Dhaon-Phoblacht na Síne (Ordú ó Chomhairle Stáit Dhaon-Phoblacht na Síne [2014] Uimh. 653) ([106]) arna leasú in 2021 le hOrdú ón gComhairle Stáit Uimh. 743);

(6) Foráil maidir le Sannadh an Chirt Úsáide i leith Talamh Tógála faoi Úinéireacht Stáit trí Chuireadh Tairisceana, Ceant agus Luachan (Fógra Uimh. 39 de Choimisiún Rialála Urrús na Síne) ([107]); agus

(7) Fógra ón gComhairle Stáit maidir leis na Saincheisteanna Ábhartha a Bhaineann le Neartú an Rialaithe Talún (Guo Fa (2006) Uimh. 31) ([108]).

(a) Torthaí an imscrúdaithe

(237) De réir Airteagal 10 den Fhoráil maidir le Sannadh an Chirt Úsáide i leith Talamh Tógála faoi Úinéireacht Stáit trí Chuireadh Tairisceana, Ceant agus Luachan, socraíonn údaráis áitiúla praghsanna talún de réir chóras luachála na talún uirbí, córas a ndéantar a nuashonrú gach 3 bliana, agus de réir bheartas tionsclaíoch an rialtais.

(238) In imscrúduithe a rinneadh roimhe seo ([109]), shuigh an Coimisiún nach raibh na praghsanna a íocadh ar chearta úsáide talún sa tSín ionadaíoch ar phraghas margaidh arna chinneadh de réir soláthar agus éileamh ar an margadh saor, óir suíodh go raibh an córas ceantála doiléir, neamh-thrédhearcach agus nach raibh sé ag feidhmiú sa chleachtas, agus suíodh go ndearna na húdaráis praghsanna a shocrú go treallach. Mar a luaitear san aithris roimhe seo, shocraigh na húdaráis na praghsanna de réir chóras meastóireachta na talún uirbí, a thugann treoir dóibh i measc critéir eile beartas tionsclaíoch a mheas freisin agus an praghas ar thalamh tionsclaíoch á shocrú acu.

(239) Bréagnaíonn an fhianaise thuas maímh Rialtas na Síne go bhfuil na praghsanna a íocadh ar chearta úsáide talún sa tSín ionadaíoch ar phraghas margaidh, arna chinneadh de réir soláthar agus éileamh ar an margadh saor.

(240) Mheabhraigh an Coimisiún freisin nár sholáthair Rialtas na Síne faisnéis maidir le héadáil talún ag táirgeoirí/onnmhaireoirí LWTP. Mar a mhínítear in aithris (87), bhí na teipeanna sin i measc na bpointí a ardaíodh i Litir Airteagal 28.

([102]) Féach Dlí Riaracháin Talún na Síne an 25 Meitheamh 1986, arna leasú, le fáil ag: https://www.fao.org/faolex/results/details/en/c/LEX-FAOC003560.
([103]) Féach an Rialachán maidir le Dlí Riaracháin Talúnt na Síne a Chur Chun Feidhme an 27 Nollaig 1998, arna leasú, le fáil ag: https://www.fao.org/faolex/results/details/en/c/LEX-FAOC170451.
([104]) Féach https://law.pkulaw.com/chinalaw/d8db5e659bc282b9bdfb.html.
([105]) Féach https://law.pkulaw.com/chinalaw/66cde758ad66f43bbdfb.html.
([106]) Féach https://law.pkulaw.com/chinalaw/6ef282863f024c04bdfb.html.
([107]) Féach https://law.pkulaw.com/chinalaw/58891db210496a5fbdfb.html?keyword=%E5%9B%BD%E6%9C%89%E5%BB%BA%E8%AE%BE%E7%94%A8%E5%9C%B0%E4%BD%BF%E7%94%A8%E6%9D%83.
([108]) Féach https://www.gov.cn/zwgk/2006-09/05/content_378186.htm.
([109]) Féach aithrisí 295 go 299 de chás HRF, aithrisí 488 go 490 de chás na mBonn, aithrisí 500 go 502 de chás GFF, aithrisí 541 go 543 de chás OFC, aithrisí 540 go 548 de chás ACF, aithrisí 681 go 683 de chás BEV.

(b) Sochar

(241) Léiríonn torthaí an imscrúdaithe go bhfuil an cás maidir le héadáil ceart úsáide talún sa tSín neamh-thrédhearcach agus gur shocraigh na húdaráis na praghsanna go treallach.

(242) Dá bhrí sin, ba cheart a mheas gur fóirdheontas de réir bhrí Airteagal 3(1)(a)(iii) agus Airteagal 3(2) den bhun-Rialachán i bhfoirm soláthar earraí é cearta úsáide talún a bheith á soláthar ag Rialtas na Síne, rud a thugann tairbhe do na cuideachtaí is faighteoirí. Mar a mhínítear in aithrisí 232 go 233 agus 237 go 239 thuas, níl aon mhargadh feidhmiúil ann le haghaidh talún sa tSín, agus léirítear le húsáid tagarmhairc sheachtraigh (féach aithris (246) go bhfuil an méid a d'íoc na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte as cearta úsáide talún i bhfad faoi bhun ghnáthráta an mhargaidh.

(c) Sainiúlacht

(243) I gcomhthéacs rochtain fhabhrach ar thalamh tionsclaíoch do chuideachtaí a bhaineann le tionscail áirithe, thug an Coimisiún dá aire nach mór beartas tionsclaíoch an rialtais a chur san áireamh sa phraghas a shocraíonn na húdaráis áitiúla, mar a shonraítear thuas in aithris (238). Laistigh den bheartas tionsclaíoch sin, is tionscal atáthar a spreagadh é an tionscal LWTP mar chuid den tionscal déanta páipéir. Ina theannta sin, de réir Chinneadh Uimh. 40 ón gComhairle Stáit, déanfaidh údaráis phoiblí a chur san áireamh 'An Chatalóg Threorach maidir le hAthstruchtúrú Tionsclaíochta' agus na beartais tionsclaíochta agus talamh á soláthar. In Airteagal XVIII de Chinneadh Uimh. 40 cuirtear in iúl go soiléir nach mbeidh rochtain ar chearta úsáide talún ag tionscail atá 'srianta'. Fágann sé sin go bhfuil an fóirdheontas sonrach de réir Airteagal 4(2)(a) agus 4(2)(c) den bhun-Rialachán toisc go bhfuil soláthar fabhrach na talún teoranta do chuideachtaí a bhaineann le tionscail áirithe, an tionscal LWTP sa chás seo, agus go bhfuil cleachtais an rialtais sa réimse sin doiléir agus neamh-thrédhearcach.

(d) Méid an fhóirdheontais a ríomh

(244) Mar a tharla in imscrúduithe roimhe seo ([110]) agus i gcomhréir le hAirteagal 6(d)(ii) den bhun-Rialachán, baineadh úsáid as praghsanna talún ó Chríoch Chustaim Leithleach na Téaváine, Penghu, Kinmen agus Matsú ('Taipei na Síne') mar thagarmharc seachtrach ([111]). An sochar a bhronntar ar na faighteoirí, ríomhtar é trína chur san áireamh an difríocht idir an méid a d'íoc gach ceann de na táirgeoirí onnmhairiúcháin a ndearnadh scrúdú orthu iarbhír (i.e., an praghas a íocadh iarbhír mar a shonraítear sa chonradh agus, i gcás inarb infheidhme, an praghas a luaitear sa chonradh arna laghdú faoi mhéid na n-aisíocaíochtaí/ndeontas rialtais áitiúil) as cearta úsáide talún agus an méid ba cheart a bheith íoctha de ghnáth ar bhonn thagarmharc Taipei na Síne.

(245) Measann an Coimisiún gur tagarmharc seachtrach oiriúnach í Taipei na Síne ar na cúiseanna seo a leanas:

— leibhéal inchomparáide na forbartha eacnamaíche, na holltáirgeachta intíre (OTI) agus an struchtúir eacnamaíoch in Taipei na Síne agus i bhformhór na gcúigí agus na gcathracha sa tSín ina bhfuil na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte bunaithe;

— a chóngaraí atá an tSín agus Taipei na Síne dá chéile;

— an t-ardleibhéal bonneagair tionscail in Taipei na Síne agus i roinnt mhaith de chúigí na Síne;

— na naisc láidre eacnamaíocha agus an trádáil láidir trasteorann idir Taipei na Síne agus an tSín;

— an dlús ard daonra i roinnt mhaith de chúigí na Síne agus in Taipei na Síne;

— an chosúlacht idir an cineál talún agus na n-idirbheart a úsáidtear chun an tagarmharc ábhartha a fhorbairt i Taipei na Síne agus iad sin sa tSín; agus

— na saintréithe coiteanna déimeagrafacha, teanga agus cultúrtha in Taipei na Síne agus sa tSín.

([110]) Féach cás na mbonn, cás GFF, cás OFC, agus cás ACF.

([111]) Sheas an Chúirt Ghinearálta leis i gCás T-444/11 Gold East Paper agus Gold Huacheng Paper i gcoinne na Comhairle, Breithiúnas ón gCúirt Ginearálta an 11 Meán Fómhair 2014 ECLI:EU:T:2014:773.

(246) De réir na modheolaíochta a cuireadh i bhfeidhm in imscrúduithe roimhe seo ([112]), d'úsáid an Coimisiún an meánphraghas talún in aghaidh an mhéadair chearnaigh atá bunaithe in Taipei na Síne, arna cheartú i leith boilsciú agus forás OTI ó dhátaí na gconarthaí ceart úsáide talún faoi seach. An fhaisnéis a bhaineann le praghsanna talún tionsclaíche ó 2015, fuarthas í ó shuíomh gréasáin Bhiúró Tionscail Aireacht Gnóthaí Eacnamaíocha na Téaváine ([113]). I gcás na mblianta roimhe seo, ceartaíodh na praghsanna agus úsáid á baint as na rátaí boilscithe agus as forás OTI *per capita* ag praghsanna reatha in USD le haghaidh Taipei na Síne mar a d'fhoilsigh CAI do 2015.

(247) Mhaígh Rialtas na Síne nach bhfuil an tagarmharc thuas ceart toisc go bhfuil an Coimisiún ag cur an phraghais ar úinéireacht talún in Taipei na Síne i gcomparáid le praghas na gceart úsáide talún ar feadh na tréimhse teoranta sa tSín.

(248) I ndáil leis sin, thug an Coimisiún dá aire go raibh roghnú Taipei na Síne mar thagarmharc bunaithe ar scrúdú a rinneadh ar roinnt imthosca a liostaítear in aithris (245). Thug an Coimisiún dá aire, áfach, fiú dá mbeadh difríochtaí áirithe i ndálaí an mhargaidh idir cearta úsáide talún ar mhórthír na Síne agus díol na talún in Taipei na Síne, nach mbeidís difriúil a ndóthain chun roghnú Taipei na Síne mar thagarmharc bailí a chur ó bhailíocht. Níorbh fhéidir leis an gCoimisiún aon tagarmharc leordhóthanach eile ná modh coigeartaithe a shainaithint le linn an imscrúdaithe lena léireofaí go leormhaith na difríochtaí sin ar dhálaí an mhargaidh.

(e) Conclúid

(249) Ba é 0,13 % an ráta fóirdheontais a suíodh a bheith ann maidir leis an scéim sin i dtaca le Guanhao Group le linn na tréimhse imscrúdúcháin.

3.10. **Ioncam ligthe thar ceal trí dhíolúintí cánach agus trí chláir laghdaithe**

3.10.1. *Laghdú ar Cháin Ioncaim Fiontair le haghaidh Fiontair Ardteicneolaíochta agus Nuatheicneolaíochta*

(250) De réir Dhlí Dhaon-Phoblacht na Síne um Cháin Ioncaim Fiontair ('an Dlí um Cháin Ioncaim Fiontair'), fiontair ardteicneolaíochta agus nuatheicneolaíochta ar gá don Stát príomhthacaíocht a thabhairt dóibh, tairbhíonn siad de ráta laghdaithe cánach ioncaim fiontair, is é sin 15 % seachas an gnáthráta 25 %.

(a) Bunús dlí

(251) Is é bunús dlí an chláir sin Airteagal 28 den Dlí um Cháin Ioncaim Fiontair agus Airteagal 93 de na Rialacha Cur Chun Feidhme maidir le Dlí Dhaon-Phoblacht na Síne um Cháin Ioncaim Fiontair ([114]), chomh maith leis na nithe seo a leanas:

— Ciorclán ón Aireacht Eolaíochta agus Teicneolaíochta, ón Aireacht Airgeadais agus ón Údarás Stáit um Chánachas maidir le Bearta Riaracháin le haghaidh Aithint Fiontar Ardteicneolaíochta a athbhreithniú agus a eisiúint (Uimh. 32 de 2016);

— Ciorclán ón Aireacht Eolaíochta agus Teicneolaíochta, ón Aireacht Airgeadais agus ón Údarás Stáit um Chánachas maidir leis na Treoirlínte le haghaidh Riaradh Creidiúnaithe Fiontar Ardteicneolaíochta a Athbhreithniú agus a Eisiúint, (Uimh. 195 de 2016);

— Fógra ón Údarás Stáit um Chánachas maidir le Beartais Chánach Ioncaim Fhabhracha a Chur i bhFeidhm maidir le Fiontair Ardteicneolaíochta (Fógra Uimh. 24 de 2017);

— Catalóg 2016 de Réimsí Ardteicneolaíochta a dTacaíonn an Stát leo ([115]).

(252) Tá forálacha i gCaibidil IV den Dlí um Cháin Ioncaim Fiontair maidir le 'Cóir Fhabhrach Chánach'. Foráiltear le hAirteagal 25 den Dlí um Cháin Ioncaim Fiontair, a fheidhmíonn mar achoimre ar Chaibidil IV, go '[dt]*airgfidh an Stát fabhair cánach ioncaim d'Fhiontair a ghabhann do thionscail nó do thionscadail a dtugann an Stát tacaíocht agus spreagadh speisialta dá bhforbairt*'. Foráiltear in Airteagal 28 den Dlí um Cháin Ioncaim Fiontair go '*laghdófar go 15 % an ráta cánach ioncaim fiontair a ghearrfar ar fhiontair ardteicneolaíochta agus nuatheicneolaíochta a dteastaíonn tacaíocht speisialta ón Stát uathu*'.

([112]) Féach cásanna GFF, OCS, painéil ghréine, OFC agus BEV.
([113]) https://lvr.land.moi.gov.tw.
([114]) Rialacháin Cur Chun Feidhme Dhlí Dhaon-Phoblacht na Síne maidir le Cáin Ioncaim Fiontair (Athbhreithnithe in 2019) - Ordú ó Chomhairle Stáit Dhaon-Phoblacht na Síne Uimh. 714.
([115]) http://kj.quanzhou.gov.cn/wsbs/xgxz/201703/t20170322_431820.htm.

(253) In Airteagal 93 de na Rialacha Cur Chun Feidhme maidir leis an Dlí um Cháin Ioncaim Fiontair, soiléirítear mar a leanas:

'Na fiontair ardteicneolaíochta agus nuatheicneolaíochta thábhachtacha a bhfuil tacaíocht le fáil acu ón stát dá dtagraítear i gClásal 2 d'Airteagal 28 den Dlí um Cháin Ioncaim Fiontair, tagraíonn siad do na fiontair ar leo príomhchearta maoine intleachtúla agus a chomhlíonann na coinníollacha seo a leanas:

1. *Comhlíonann raon feidhme na bPríomhlimistéar Teicneolaíochta ar ardleibhéal agus nua a fhaigheann tacaíocht ón Stát;*

2. *Ní lú an cion den chostas taighde agus forbartha a bheidh san ioncam díola ná an cion forordaithe;*

3. *Ní bheidh an cion den ioncam ó theicneolaíocht/táirge/seirbhís ardteicneolaíochta in ioncam iomlán an fhiontair níos lú ná an chionúireacht fhorordaithe;*

4. *Ní bheidh cion an phearsanra theicniúil i measc fostaithe ar fad an fhiontair níos lú ná an chionúireacht fhorordaithe;*

5. *Coinníollacha eile arna bhforordú sna Bearta chun Sainaithint Fiontair Ardteicniúil a Riar.*

Déanfaidh na ranna teicneolaíochta, airgeadais agus cánachais faoin gComhairle Stáit bearta maidir le Sainaithint Fiontar Ardteicniúil agus Príomh-Limistéir Teicneolaíochta Stát-thacaithe agus Teicneolaíochta Nua a fhoirmliú i gcomhpháirt agus tiocfaidh siad i bhfeidhm tar éis don Chomhairle Stáit iad a fhormheas'.

(254) Sonraítear go soiléir sna forálacha thuasluaite go bhfuil an ráta laghdaithe cánach ioncaim fiontair forchoimeádta do '*fhiontair thábhachtacha ardteicneolaíochta agus nuatheicneolaíochta a bhfuil tacaíocht le fáil ón Stát acu*' ar leo príomhchearta maoine intleachtúla agus a chomhlíonann coinníollacha áirithe amhail '*comhlíonadh raon feidhme na bPríomhréimsí Ardteicneolaíochta agus Nuatheicneolaíochta a dTacaíonn an Stát leo*'.

(255) De réir Airteagal 11 de na Bearta Riaracháin maidir le Fiontair Ardteicneolaíochta a Aithint, chun aitheantas a fháil mar fhiontair ardteicneolaíochta, ní mór d'fhiontar coinníollacha áirithe a chomhlíonadh i gcomhthráth, a bhfuil na coinníollacha seo a leanas ina measc: '*fuair sé úinéireacht ar chearta maoine intleachtúla a bhfuil ról lárnach acu maidir le tacaíocht theicniúil a thabhairt dá phríomhtháirgí (seirbhísí), trí thaighde, aistriú, deontas, cumaisc agus éadálacha neamhspleácha, etc.*' agus '*tá an teicneolaíocht a bhfuil ról lárnach aici maidir le tacaíocht theicniúil a thabhairt dá phríomhtháirgí (seirbhísí) laistigh den raon réamhchinntithe sna 'réimsí ardteicneolaíochta a dtacaíonn an stát leo*'.

(256) Ní mór do chuideachtaí a thairbhíonn den bheartas sin a dtuairisceán cánach ioncaim agus na hiarscríbhinní ábhartha a chur isteach. Áirítear méid iarbhír an tsochair sa tuairisceán cánach.

(b) Torthaí an imscrúdaithe

(257) Shuigh an Coimisiún gur cháiligh an táirgeoir LWTP a ndearnadh scrúdú air mar chuideachta ardteicneolaíochta le linn na tréimhse imscrúdúcháin agus gur tugadh ráta laghdaithe cánach ioncaim fiontair 15 % dó dá réir.

(c) Sochar

(258) Mheas an Coimisiún gur fóirdheontas de réir bhrí Airteagal 3(1)(a)(ii) agus Airteagal 3(2) den bhun-Rialachán é an fritháireamh cánach i dtrácht, ós ann do ranníocaíocht airgeadais i bhfoirm ioncam arna tharscaoileadh ag Rialtas na Síne lena mbronntar sochar ar na cuideachtaí lena mbaineann. Tá an sochar do na faighteoirí comhionann leis an gcoigilteas cánach.

(d) Sainiúlacht

(259) Tá an fóirdheontas sin sonrach de réir bhrí Airteagal 4(2)(a) den bhun-Rialachán é toisc go ndéanann an reachtaíocht féin cur i bhfeidhm na scéime sin a theorannú d'fhiontair a oibríonn i réimsí ardteicneolaíochta tosaíochta áirithe arna gcinneadh ag an Stát. Is tosaíocht ardteicneolaíochta den sórt sin é an tionscal LWTP.

(260) Dá bhrí sin, leis an reachtaíocht ar dá bun a fheidhmíonn an t-údarás deonúcháin, déantar rochtain ar fhóirdheontas a theorannú go sainráite do chuideachtaí agus d'earnálacha áirithe.

(e) An méid a ríomh

(261) Rinneadh méid an fhóirdheontas in-fhrithchúitithe a ríomh i dtéarmaí an tsochair a bronnadh ar na faighteoirí le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Ríomhadh an sochar sin mar an difríocht idir an cháin iomlán is iníoctha de réir an ghnáthráta cánach agus an cháin iomlán is iníoctha faoin ráta cánach laghdaithe.

(f) Conclúid

(262) Ba é 0,45 % an ráta fóirdheontais a suíodh a bheith ann maidir leis an scéim sin i dtaca le Guanhao Group le linn na tréimhse imscrúdúcháin.

3.10.2. *Costais taighde agus forbartha a asbhaint ar bhonn fabhrach roimh cháin*

(263) Leis an bhfritháireamh cánach i dtaca le taighde agus forbairt, tá cuideachtaí i dteideal cóir fhabhrach chánach a fháil dá ngníomhaíochtaí T&F i réimsí ardteicneolaíochta tosaíochta áirithe arna gcinneadh ag an Stát agus i gcás ina mbaintear amach tairseacha áirithe caiteachais T&F.

(264) Go sonrach, costais T&F arna dtabhú ag fiontar nuair a dhéanann sé aon ghníomhaíocht T&F, asbhainfear 100 % breise de mhéid na gcostas T&F arna dtabhú iarbhír roimh cháin a íoc, i dteannta asbhaint na gcostas iarbhír mar a fhorordaítear, ón 1 Eanáir 2023, ar choinníoll nach ndéanfar na costais sin a thiontú ina sócmhainní doláimhsithe agus nach n-áireofar iad sna brabúis agus caillteanais reatha.

(265) Má tiontaíodh na costais sin ina sócmhainní doláimhsithe, féadfar na costais sin a amúchadh ag ráta 200 % de chostais na sócmhainní doláimhsithe roimh cháin a íoc ón 1 Eanáir 2023.

(a) Bunús dlí

(266) Is é bunús dlí an chláir Airteagal 30(1) den Dlí um Cháin Ioncaim Fiontair, i gcomhar le hairteagal 95 de na Rialacha Cur Chun Feidhme maidir le Dlí Dhaon-Phoblacht na Síne um Cháin Ioncaim Fiontair, chomh maith leis na fógraí seo a leanas:

— Fógra ón Údarás Stáit um Chánachas maidir le Saincheisteanna a bhaineann le Raon Feidhme Aitreabúideach den Asbhaint Ualaithe Réamhchánach le haghaidh Chostais T&F; (Fógra Uimh. 40 de 2017);

— Fógra ón Aireacht Airgeadais agus ón Údarás Stáit um Chánachas maidir le Tuilleadh Feabhais a Chur ar na Beartais maidir le hAsbhaint Ualaithe Réamhchánach Costas T&F (Fógra Uimh. 7 de 2023).

(267) Foráiltear le hAirteagal 25 den Dlí um Cháin Ioncaim Fiontair, a fheidhmíonn mar achoimre ar Chaibidil IV 'Beartais Fhabhracha Chánach', go '[dt]*airgfidh an Stát fabhair cánach ioncaim d'Fhiontair a ghabhann do thionscail nó do thionscadail a dtugann an Stát tacaíocht agus spreagadh speisialta dá bhforbairt*'.

(b) Torthaí an imscrúdaithe

(268) Rinne an Coimisiún amach gur thairbhigh na cuideachtaí de chuid Guanhao Group a ndearnadh scrúdú orthu d'asbhaint bhreise as costais taighde agus forbartha arna dtabhú ón taighde ar theicneolaíochtaí nua, táirgí nua agus teicnící nua agus óna bhforbairt.

(c) Sochar

(269) Mheas an Coimisiún gur fóirdheontas de réir bhrí Airteagal 3(1)(a)(ii) agus Airteagal 3(2) den bhun-Rialachán é an fritháireamh cánach i dtrácht, ós ann do ranníocaíocht airgeadais i bhfoirm ioncam arna tharscaoileadh ag Rialtas na Síne lena mbronntar sochar ar na cuideachtaí lena mbaineann. Tá an sochar do na faighteoirí comhionann leis an gcoigilteas cánach.

(d) Sainiúlacht

(270) Tá an fóirdheontas sin sonrach de réir bhrí Airteagal 4(2)(a) den bhun-Rialachán toisc go ndéanann an reachtaíocht féin cur i bhfeidhm an bhirt sin a theorannú d'fhiontair a thabhaíonn costais T&F i réimsí ardteicneolaíochta tosaíochta áirithe arna gcinneadh ag an Stát, amhail an earnáil LWTP. Dá bhrí sin, leis an reachtaíocht ar dá bun a fheidhmíonn an t-údarás deonúcháin, teorannaítear go sainráite rochtain ar fhóirdheontas d'fhiontair agus d'earnálacha áirithe.

(271) D'áitigh Rialtas na Síne nach bhfuil 'oll-asbhaintí taighde agus forbartha' sonrach toisc gur beartas cánach uilíoch é sin arb é is cuspóir dó fiontair a spreagadh chun a n-infheistíocht i ngníomhaíochtaí T&F a mhéadú. De réir Rialtas na Síne, tá critéir agus coinníollacha oibiachtúla ann maidir le cur i bhfeidhm an chláir, agus cuirtear an clár i bhfeidhm go huathoibríoch nuair a chomhlíontar na coinníollacha comhfhreagracha.

(272) Níor aontaigh an Coimisiún le léamh Rialtas na Síne ar na dlíthe agus ar na bearta cur chun feidhme, lena léirítear go bhfuil an clár teoranta d'earnálacha agus d'fhiontair áirithe a dtacaíonn Rialtas na Síne leo ar bhonn critéar nach cosúil go bhfuil siad oibiachtúil ná neodrach, amhail go gcomhlíonann siad raon feidhme na 'bPríomhréimsí Ardteicneolaíochta agus Nuatheicneolaíochta a dTacaíonn an Stát Leo'. Tá an fóirdheontas sin sonrach de réir bhrí Airteagal 4(2)(a) den bhun-Rialachán, toisc nach bhfuil feidhm aige ach amháin maidir le fiontair a oibríonn i réimsí ardteicneolaíochta áirithe, amhail an tionscal LWTP. Thairis sin, foráiltear le hAirteagal 30 den Dlí um Cháin Ioncaim Fiontair go bhféadfar costais T&F arna dtabhú ag fiontair as teicneolaíochtaí nua, táirgí nua agus teicnící nua a fhorbairt a asbhaint freisin tráth a ríomhtar ioncam inchánach, mínítear in Airteagal 95 de na Rialacha Cur Chun Feidhme maidir leis an Dlí um Cháin Ioncaim Fiontair a bhfuil san asbhaint, agus liostaítear in Airteagal 4 den Fhógra maidir le Feabhas a Chur ar Laghdú Costas Forbartha T&F na tionscail nach bhfuil an asbhaint réamhchánach infheidhme maidir leo (agus méid áirithe discréide ann, ós rud é go ndeirtear ag deireadh an liosta '*...agus aon tionscal eile arna shonrú ag an Aireacht Airgeadais agus ag an Údarás Stáit um Chánachas*').

(e) Méid an fhóirdheontais a ríomh

(273) Rinneadh méid an fhóirdheontas in-fhrithchúititheach a ríomh i dtéarmaí an tsochair a bronnadh ar na faighteoirí le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Ríomhadh an tairbhe sin mar an difríocht idir an cháin iomlán is iníoctha de réir an ghnáthráta cánach agus an cháin iomlán is iníoctha tar éis na hasbhainte breise 100 % de na speansais iarbhír ar thaighde agus forbartha.

(f) Conclúid

(274) Ba é 0,22 % an ráta fóirdheontais a suíodh a bheith ann maidir leis an scéim sin i dtaca le Guanhao Group le linn na tréimhse imscrúdúcháin.

3.10.3. *Díolúine ó dhíbhinní idir fiontair chónaitheacha cháilithe*

(275) Leis an Dlí um Cháin Ioncaim Fiontair cuirtear fabhair cánach ioncaim ar fáil d'Fhiontair a ghabhann do thionscail nó do thionscadail a dtugann an Stát tacaíocht agus spreagadh speisialta dá bhforbairt agus, go háirithe, déantar an t-ioncam ó infheistíocht chothromais, amhail díbhinní agus bónais, idir fiontair chónaitheacha incháilithe a dhíolmhú ó cháin.

(a) Bunús dlí

(276) Is é bunús dlí an chláir Airteagal 26(2) den Dlí um Cháin Ioncaim Fiontair, i gcomhar le hAirteagal 83 de na Rialacha Cur Chun Feidhme maidir le Dlí Dhaon-Phoblacht na Síne um Cháin Ioncaim Fiontair.

(277) Foráiltear le hAirteagal 25 den Dlí um Cháin Ioncaim Fiontair, a fheidhmíonn mar achoimre ar Chaibidil IV 'Beartais Fhabhracha Chánach', go '[dt]*airgfidh an Stát fabhair cánach ioncaim d'Fhiontair a ghabhann do thionscail nó do thionscadail a dtugann an Stát tacaíocht agus spreagadh speisialta dá bhforbairt*'. Thairis sin, sonraítear le hAirteagal 26(2) go bhfuil feidhm ag an díolúine ó cháin maidir le hioncam ó infheistíochtaí cothromais idir '*fiontair chónaitheacha incháilithe*', rud a fhágann gur cosúil go bhfuil raon feidhme an chur i bhfeidhm teoranta d'fhiontair chónaitheacha áirithe.

(b) Torthaí an imscrúdaithe

(278) Shuigh an Coimisiún go bhfuair cuideachta amháin sa ghrúpa a ndearnadh scrúdú air díolúine ó cháin ar ioncam díbhinne idir fiontair chónaitheacha cháilithe.

(c) Sochar

(279) Mheas an Coimisiún gur fóirdheontas faoi Airteagal 3(1)(a)(ii) agus Airteagal 3(2) den bhun-Rialachán í an scéim sin ós ann do ranníocaíocht airgeadais i bhfoirm ioncam arna tharscaoileadh ag Rialtas na Síne lena mbronntar sochar ar na cuideachtaí lena mbaineann. Tá an sochar do na faighteoirí comhionann leis an gcoigilteas cánach.

(280) Mhaígh Rialtas na Síne gurbh é ba chuspóir don chlár sin cánachas dúbailte a sheachaint agus, dá bhrí sin, nár dheonaigh sé sochair chánach bhreise d'fhiontair trí ioncam a bheadh dlite murach sin a ligean thar ceal nó gan é a bhailiú.

(281) Cé gur aontaigh an Coimisiún gur cleachtas cánach a aithnítear go hidirnáisiúnta é díothú cánachais dhúbailte, níl chuirtear i bhfeidhm go comhionann é i ngach tír. Níor léirigh Rialtas na Síne an chaoi a seachnaíonn an asbhaint i gceist an cánachas dúbailte go sonrach (is é sin, a léiriú go ngearrtar cáin ar na díbhinní atá faoi réir na díolúine áiteanna eile agus nach ngabhtar leis an riail ach cásanna de chánachas dúbailte). Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh.

(d) Sainiúlacht

(282) Tá an fóirdheontas sin sonrach de réir bhrí Airteagal 4(2)(a) den bhun-Rialachán toisc go ndéanann an reachtaíocht féin cur i bhfeidhm na díolúine sin a theorannú d'fhiontair chónaitheacha cháilithe a dtugann an Stát mórthacaíocht dóibh agus a spreagann sé a bhforbairt. Dá bhrí sin, leis an reachtaíocht ar dá bun a fheidhmíonn an t-údarás deonúcháin, teorannaítear go sainráite rochtain ar fhóirdheontas d'fhiontair agus d'earnálacha áirithe.

(e) Méid an fhóirdheontais a ríomh

(283) Rinne an Coimisiún méid an fhóirdheontais a ríomh tríd an ngnáthráta cánach a chur i bhfeidhm maidir leis an ioncam ó dhíbhinní a asbhaineadh ón ioncam inchánach.

(f) Conclúid

(284) Ba é 2,04 % an ráta fóirdheontais a suíodh a bheith ann maidir leis an scéim sin i dtaca le Guanhao Group le linn na tréimhse imscrúdúcháin.

3.10.4. *Asbhaint bhreise CBL d'fhiontair ardmhonaraíochta*

(285) Faoin scéim sin, ón 1 Eanáir 2023 go dtí an 31 Nollaig 2027, ceadaítear d'fhiontair ardmhonaraíochta, mar a thugtar orthu, asbhaint bhreise 5 % ar CBL in-asbhainte ar ionchur a dtréimhse reatha a éileamh in aghaidh a CBL iníoctha (Beartas Asbhainte Breise).

(a) Bunús dlí

(286) Is é bunús dlí an chláir an Fógra maidir le Beartas Asbhainte Breise CBL do Ardfhiontair Mhonaraíochta MOF/STA Fógra [2023] Uimh. 43.

(b) Torthaí an imscrúdaithe

(287) Shuigh an Coimisiún go bhfuair cuideachtaí Guanhao Group a ndearnadh scrúdú orthu asbhaintí CBL faoin scéim sin.

(c) Sochar

(288) Measann an Coimisiún gur fóirdheontas í an scéim sin faoi Airteagal 3(1)(a)(ii) agus Airteagal 3(2) den bhun-Rialachán mar gurb ann do ranníocaíocht airgeadais i bhfoirm ioncam arna tharscaoileadh ag Rialtas na Síne lena dtugtar tairbhe do na cuideachtaí lena mbaineann. Tá an sochar do na faighteoirí comhionann leis an gcoigilteas cánach.

(d) Sainiúlacht

(289) Tá an fóirdheontas sin sonrach de réir bhrí Airteagal 4(2)(a) den bhun-Rialachán toisc go ndéanann an reachtaíocht féin cur i bhfeidhm na hasbhainte sin a theorannú do 'fhiontair ardmhonaraíochta', mar a thugtar orthu, ar fiontair ardteicneolaíochta agus nuatheicneolaíochta iad iarbhír, a aithnítear ar bhonn an Fhógra ón Aireacht Eolaíochta agus Teicneolaíochta, ón Aireacht Airgeadais, agus ón Údarás Stáit um Chánachas maidir le hAthbhreithniú agus Eisiúint na mBeart Riaracháin um Fhiontair Ardteicneolaíochta agus Nuatheicneolaíochta a Aithint (Guokefahuo [2016] Uimh. 32).

(290) Thairis sin, de réir Fhógra [2023] Uimh. 43. '*Is iad ranna tionscail agus teicneolaíochta faisnéise gach cúige, gach réigiúin fhéinrialaithigh, gach bardais atá go díreach faoin Rialtas Láir agus gach cathrach a bhfuil stádas pleanála neamhspleách aici a chinneann liostaí sonracha d'fhiontair ardmhonaraíochta i gcomhar leis na ranna eolaíochta agus teicneolaíochta, airgeadais agus cánach ar an leibhéal céanna.*'

(291) Dá réir sin, leis an reachtaíocht ar dá bun a fheidhmíonn an t-údarás deonúcháin, déantar rochtain ar fhóirdheontas a theorannú go sainráite d'fhiontair agus d'earnálacha áirithe.

(e) Méid an fhóirdheontais a ríomh

(292) Ríomh an Coimisiún méid an fhóirdheontais mar an méid a fuair an chuideachta sa tréimhse imscrúdúcháin i bhfoirm aisíocaíocht bhreise CBL ar ionchur faoin asbhaint sin.

(f) Conclúid

(293) Ba é 0,37 % an ráta fóirdheontais a suíodh a bheith ann maidir leis an scéim sin i dtaca le Guanhao Group le linn na tréimhse imscrúdúcháin.

3.11. **Scéimeanna Eile**

(294) Sa mheabhrán maidir le leordhóthanacht fianaise, liostaíodh scéimeanna eile a raibh fianaise leordhóthanach ina leith sa ghearán a léirigh de ghnáth go raibh fóirdheontais in-fhrithchúititheann a bhí ar fáil do tháirgeoirí onnmhairiúcháin LWTP. Áirítear ar liosta na gclár sin na nithe seo a leanas, ach níl sé teoranta dóibh:

— Leictreachas arna sholáthar ag an rialtas ar íocaíocht nach leordhóthanach

— Laíon adhmaid arna sholáthar ag an rialtas ar íocaíocht nach leordhóthanach

— Ioncam ligthe thar ceal i bhfoirm dímheas luathaithe ar ionstraimí agus ar threalamh a úsáideann fiontair ardteicneolaíochta le haghaidh forbairt agus táirgeadh ardteicneolaíochta

— Ioncam ligthe thar ceal i bhfoirm lacáistí cánach onnmhairiúcháin

— Ioncam ligthe thar ceal i bhfoirm CBL agus díolúine ó tharaifí ar earraí caipitiúla allmhairithe

— Instealltaí cothromais

(295) I gcomhthéacs an imscrúdaithe sin, ní raibh an Coimisiún in ann teacht ar chonclúid maidir le hin-fhrithchúititheacht na gclár sin. Tá an méid sin gan dochar don Choimisiún a scrúdóidh na bearta sin tráth athbhreithnithe amach anseo, lena n-áirítear athbhreithnithe de bhun Airteagal 19 den bhun-Rialachán.

3.12. **Conclúid maidir le fóirdheonú**

(296) Rinne an Coimisiún méid na bhfóirdheontas in-fhrithchúititheann do Guanhao Group a ndearnadh scrúdú aonair air a ríomh i gcomhréir le forálacha an bhun-Rialacháin trí scrúdú a dhéanamh ar gach fóirdheontas nó clár fóirdheontais, agus shuimigh sé na figiúirí sin chun méid iomlán an fhóirdheonaithe don ghrúpa a ríomh le haghaidh na tréimhse imscrúdúcháin. Chun an fóirdheontas iomlán a ríomh, ríomh an Coimisiún céatadán an fhóirdheonaithe ar dtús: méid an fhóirdheontais mar chéatadán de láimhdeachas na cuideachta nó de láimhdeachas onnmhairiúcháin na cuideachta. Úsáideadh an céatadán sin ansin chun méid an fhóirdheontais a ríomh a leithdháileadh ar onnmhairí den táirge lena mbaineann chuig an Aontas le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Sloinneadh méid an fhóirdheontais ina dhiaidh sin mar chéatadán de luach Costais, Árachais agus Last-táille ('CAL') an onnmhairithe chéanna.

(297) I bhfianaise leibhéal an-íseal comhair ó na táirgeoirí onnmhairiúcháin (ar leo a bhain 6 % d'onnmhairí iomlána na Síne den táirge lena mbaineann chuig an Aontas) agus comhar neamhleor ó Rialtas na Síne, ríomhadh an corrlach fóirdheontais iarmharach ar bhonn na bhfíoras a bhí ar fáil de bhun Airteagal 28 den bhun-Rialachán mar a leanas:

(a) Rinne an Coimisiún scéimeanna fóirdheontais arna n-úsáid ag an táirgeoir onnmhairiúcháin (neamh-chomhoibríoch) is mó agus ag a chuideachtaí comhlachaithe a shainaithint ar bhonn a ráiteas airgeadais iniúchta agus a gcomharduithe trialach a cuireadh isteach mar réamhfhreagairt tar éis tionscnaimh sular scoir siad den chomhar (féach aithris (19) agus fonóta 6). Ba iad seo a leanas na scéimeanna sin: cearta úsáide talún agus leictreachas a sholáthar ar íocaíocht nach leordhóthanach, iasachtaí, maoiniú fabhrach eile, ráthaíochtaí onnmhairiúcháin agus árachas, deontais agus sochair cánach ioncaim.

(b) Chuir an Coimisiún na corrlaigh aonair is airde i bhfeidhm maidir le gach ceann de na scéimeanna fóirdheontais mar a shainaithnítear faoi a) a suíodh i gcás na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha sampláilte uile sna sé chás frith-fhóirdheontais is déanaí in aghaidh na Síne. Ba iad seo a leanas na cásanna sin: AS641 (Boinn trucailí), AS656 (Fabraicí snáithíní gloine), AS675 (Scragall tiontaire alúmanaim), AS677 (Cáblaí snáthoptaice), AS689 (Feithiclí ceallra-leictreacha) agus AS704 (Trealamh rochtana soghluaiste) ([116]).

(298) Ó tharla gur tréigeadh an tsampláil sa chás seo i bhfianaise na heaspa comhair ó na cuideachtaí a sampláladh ar dtús agus an leibhéil an-ard neamh-chomhoibrithe, níorbh fhéidir aon mheándleacht ar chuideachtaí neamhshampláilte comhoibríocha a ríomh.

(299) Ar an mbonn sin, is iad seo a leanas méideanna na bhfóirdheontas in-fhrithchúitithe mar chéatadán den phraghas CAL ag teorainn an Aontais, agus an dleacht neamhíoctha:

Cuideachta	Corrlach frithchúitimh sealadach
Guandong Guanhao High-Tech Co.	28,82 %
Gach allmhaire eile de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne	70,55 %

4. DÍOBHÁIL

4.1. Sainmhíniú ar thionscal an Aontais agus ar tháirgeacht an Aontais

(300) Le linn na tréimhse imscrúdúcháin, rinne cúig tháirgeoir de chuid an Aontais an táirge comhchosúil a mhonarú ([117]). Is iad atá i gceist le 'tionscal an Aontais' de réir bhrí Airteagal 4(1) den bhun-Rialachán.

(301) Maidir le táirgeacht iomlán an Aontais le linn na tréimhse imscrúdúcháin, suíodh go raibh sí thart ar 275 469 dtona. Shuigh an Coimisiún an figiúr ar bhonn na faisnéise uile a bhí ar fáil maidir le tionscal an Aontais, is é sin an freagra a thug ETPA ar an gceistneoir, arna chros-seiceáil in aghaidh na bhfreagraí fíoraithe a thug táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais ar an gceistneoir.

(302) Mar a léirítear in aithris 10, roghnaíodh trí tháirgeoir de chuid an Aontais le haghaidh an tsampla, a bhfuil níos mó ná 80 % de tháirgeacht iomlán an táirge chomhchosúil san Aontas acu.

([116]) Féach Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1690 ('cás na mbonn'), Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2287 ('cás an scragaill tiontaire alúmanaim'), agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/776 ('cás na bhfabraicí snáithíní gloine'), Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/72 ('cás na gcáblaí snáthoptaice'), Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2754 ón gCoimisiún an 29 Deireadh Fómhair 2024 lena bhforchuirtear dleacht frithchúitimh chinntitheach ar allmhairí feithiclí ceallra-leictreacha nua atá deartha chun daoine a iompar, de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne, IO L, 2024/2754, 29.10.2024 ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/2754/oj ('cás na bhfeithiclí ceallra-leictreacha'), Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/796 ('cás an trealaimh rochtana shoghluaiste').

([117]) Bhí sé tháirgeoir ann go dtí deireadh 2024, nuair a scoir táirgeoir amháin d'oibríochtaí mar gheall ar imeachtaí dócmhainneachta.

4.2. **Tomhaltas an Aontais**

(303) Shuigh an Coimisiún tomhaltas an Aontais ar bhonn an méid seo a leanas: a) sonraí fhreagra ETPA ar an gceistneoir maidir le díolacháin an táirge chomhchosúil ag tionscal an Aontais, arna gcros-seiceáil in aghaidh an mhéid díolachán a thuairiscigh táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais ina bhfreagraí fíoraithe ar an gceistneoir; agus b) allmhairí an táirge faoi imscrúdú mar a thaifead Eurostat.

(304) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar thomhaltas an Aontais:

Tábla 1

Tomhaltas an Aontais

	2022	2023	2024	An tréimhse imscrúdúcháin
Tomhaltas iomlán an Aontais (tonaí)	202 716	180 635	189 440	183 413
Innéacs	*100*	*89*	*93*	*90*

Foinse: Eurostat, macraicheistneoir fíoraithe.

(305) Le linn na tréimhse faoi bhreathnú, tháinig laghdú 10 % ar thomhaltas an Aontais. Ba cheart an éabhlóid sin a mheas i gcomhthéacs an éilimh fhíorláidir a taifeadadh in 2022, éileamh a thagann i ndiaidh an téarnaimh ó chur isteach phaindéim COVID-19. Le linn na tréimhse imscrúdúcháin, bhí tomhaltas an Aontais ar leibhéal a bhí mórán ar aon dul leis an leibhéal a bhí ann in 2018 ([118]). San Aontas, fágann an digitiú go laghdaítear an t-éileamh ar LWTP le haghaidh a phríomhfheidhme (i.e. úsáidí díolphointe).

4.3. **Allmhairí ón tír lena mbaineann**

4.3.1. *Méid agus sciar de mhargadh na n-allmhairí ón tír lena mbaineann*

(306) Shuigh an Coimisiún méid na n-allmhairí ar bhonn staitisticí Eurostat. Suíodh an sciar den mhargadh a bhí ag allmhairí na Síne trí na méideanna allmhairí a chur i gcomparáid le tomhaltas mhargadh an Aontais.

(307) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar allmhairí isteach san Aontas ón tír lena mbaineann:

Tábla 2

An méid allmhairí agus an sciar den mhargadh

	2022	2023	2024	An tréimhse imscrúdúcháin
An méid allmhairí ón tSín (tonaí)	2 865	7 742	12 573	14 983
Innéacs	*100*	*270*	*439*	*523*
Sciar den mhargadh (%)	1,4	4,3	6,6	8,2
Innéacs	*100*	*303*	*470*	*578*

Foinse: Eurostat.

(308) Le linn na tréimhse faoi bhreathnú, tháinig méadú 423 % ar an méid allmhairí den táirge lena mbaineann ón tSín agus tháinig méadú ar a sciar den mhargadh ó 1,4 % in 2022 go 8,2 % sa tréimhse imscrúdúcháin, ar mhéadú nach mór 7 bpointe céatadáin é.

([118]) Tábla 1 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1330 ón gCoimisiún an 29 Meitheamh 2023 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí páipéir theirmigh éadroim áirithe de thionscnamh Phoblacht na Cóiré tar éis athbhreithniú éaga de bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 166, 30.6.2023, lch. 76, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2023/1330/oj), a bhfuil an raon táirge ann beagán níos cúinge ná an raon táirge san imscrúdú seo.

4.3.2. *Praghsanna na n-allmhairí ón tír lena mbaineann agus sladghearradh praghais*

(309) Shuigh an Coimisiún praghsanna na n-allmhairí ar bhonn staitisticí Eurostat.

(310) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar mheánphraghas na n-allmhairí isteach san Aontas ón tír lena mbaineann:

Tábla 3

Praghas allmhairiúcháin

	2022	2023	2024	An tréimhse imscrúdúcháin
Daon-Phoblacht na Síne (EUR/tona)	2 244	1 966	1 736	1 500
Innéacs	*100*	*88*	*77*	*67*

Foinse: Eurostat.

(311) De réir an ghearáin, le haghaidh 2023 agus 2024, d'fhéadfadh sé nach léireodh Eurostat praghsanna idirbhirt iarbhír go cruinn toisc nach ngabhtar leis lascainí iarchurtha agus coigeartuithe praghais cúlghabhálacha eile arna ndeonú tar éis allmhairiúcháin. Mar thoradh air sin, d'fhéadfadh neamhréireachtaí teacht chun cinn i meánphraghsanna míosúla chomh maith le méaduithe tobanna gan mhíniú ar mheánmhéideanna agus ar mheánphraghsanna míosúla allmhairí. Mheas an Coimisiún nach ndearna luaineachtaí den sórt sin i meánphraghsanna míosúla difear don chomparáid agus go raibh Eurostat fós ar an bhfaisnéis is fearr a bhí ar fáil chun anailís a dhéanamh ar phraghsanna.

(312) Le linn na tréimhse faoi bhreathnú, tháinig laghdú 33 % ar mheánphraghas na n-allmhairí ón tSín, agus iad ag sroicheadh leibhéal EUR 1 500/tona le linn na tréimhse imscrúdúcháin, is é sin EUR 724/tona níos lú ná in 2022.

(313) Chinn an Coimisiún an sladghearradh praghais le linn na tréimhse imscrúdúcháin trí chomparáid a dhéanamh idir na nithe seo a leanas:

— na meánphraghsanna díola ualaithe in aghaidh an chineáil táirge i gcás na n-allmhairí ón táirgeoir onnmhairiúcháin comhoibríoch de chuid na Síne arna ngearradh ar an gcéad chustaiméir neamhspleách ar mhargadh an Aontais, a suíodh ar bhonn costais, árachais agus last-táille (CAL), mar aon le coigeartuithe iomchuí i leith dleachtanna custaim agus costais iar-allmhairiúcháin; agus

— na meánphraghsanna díola ualaithe comhfhreagracha in aghaidh an chineáil táirge i gcás na dtrí tháirgeoir shampláilte de chuid an Aontais arna ngearradh ar chustaiméirí neamhchomhlachaithe ar mhargadh an Aontais, a coigeartaíodh de réir an phraghais díreach ón monarcha.

(314) Rinneadh an chomparáid praghsanna ar bhonn an chineáil idirbhirt ar an leibhéal trádála céanna, arna gcoigeartú go cuí i gcás inar gá, agus tar éis lacáistí agus lascainí a asbhaint. Sloinneadh toradh na comparáide mar chéatadán de láimhdeachas teoiriciúil na dtáirgeoirí sampláilte san Aontas le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Ar bhonn a bhfuil thuas, suíodh meánchorrlach sladghearrtha ualaithe 10.4 % le haghaidh allmhairí na Síne ar tugadh fóirdheontas ina leith ar mhargadh an Aontais. Suíodh go raibh sladghearradh i gceist le 100 % de na méideanna allmhairithe.

(315) Gan beann ar shladghearradh praghais a bheith ann, shuigh an Coimisiún freisin go ndearna na hallmhairí ón tSín sochtadh nach beag ar phraghsanna cuid de thionscal an Aontais, arbh éigean di earraí a dhíol faoi bhun a gcostas le linn na tréimhse imscrúdúcháin.

4.4. **Staid eacnamaíoch thionscal an Aontais**

4.4.1. *Barúlacha ginearálta*

(316) Sa scrúdú ar thionchar na n-allmhairí fóirdheonaithe ar thionscal an Aontais áiríodh meastóireacht ar gach táscaire eacnamaíoch a d'imir tionchar ar staid thionscal an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

(317) Mar a luaitear i roinn 1.4.1, úsáideadh sampláil chun staid eacnamaíoch thionscal an Aontais a mheasúnú.

(318) Maidir le cinneadh na díobhála, rinne an Coimisiún idirdhealú idir táscairí díobhála maicreacnamaíocha agus micreacnamaíocha. Rinne an Coimisiún meastóireacht ar na táscairí maicreacnamaíocha ar bhonn sonraí sa fhreagra ar an macraicheistneoir a cuireadh isteach thar ceann thionscal an Aontais. Bhain na sonraí sin le táirgeoirí uile an Aontais. Rinne an Coimisiún meastóireacht ar na táscairí micreacnamaíocha ar bhonn na sonraí sna freagraí a thug na táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais ar an gceistneoir. Bhain na sonraí sin leis na táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais. Fuarthas go raibh an dá thacar sonraí ionadaíoch ar staid eacnamaíoch thionscal an Aontais.

(319) Is iad seo a leanas na táscairí maicreacnamaíocha: táirgeacht, acmhainneacht táirgeachta, úsáid acmhainneachta, an méid díolachán, sciar den mhargadh, fás, fostaíocht, táirgiúlacht, méid an chorrlaigh fóirdheontais agus téarnamh ó chleachtais éagóracha roimhe seo.

(320) Seo a leanas na táscairí micreacnamaíocha: meánphraghsanna in aghaidh an aonaid, costas aonaid, costais saothair, fardail, brabúsacht, sreabhadh airgid, infheistíochtaí, toradh ar infheistíochtaí agus an cumas caipiteal a thiomsú.

4.4.2. *Táscairí maicreacnamaíocha*

4.4.2.1. Táirgeacht, acmhainneacht táirgeachta agus úsáid acmhainneachta

(321) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar tháirgeacht, acmhainneacht táirgeachta agus úsáid acmhainneachta iomlán an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 4

Táirgeacht, acmhainneacht táirgeachta agus úsáid acmhainneachta

	2022	2023	2024	An tréimhse imscrúdúcháin
Méid táirgeachta (tonaí)	345 446	278 863	294 774	275 469
Innéacs	*100*	*81*	*85*	*80*
Cumas táirgeachta (tonaí)	396 656	358 047	355 151	347 956
Innéacs	*100*	*90*	*90*	*88*
Úsáid acmhainneachta (%)	87	78	83	79
Innéacs	*100*	*89*	*95*	*91*

Foinse: macraicheistneoir fíoraithe

(322) Le linn na tréimhse faoi bhreathnú, tháinig laghdú 20 % ar mhéid táirgeachta thionscal an Aontais go 275 469 dtona sa tréimhse imscrúdúcháin. D'imir an laghdú táirgeachta tionchar diúltach ar úsáid acmhainneachta, ar tháinig laghdú 9 % uirthi le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

(323) Tháinig laghdú 12 % ar an acmhainneacht táirgeachta. Is é is cúis leis sin, go páirteach, gur scoir an táirgeoir de chuid an Aontais Fjord Paper dá oibríochtaí faoi dheireadh 2024.

(324) Thug an Coimisiún dá aire nach gcuirtear i láthair i dTábla 4 ach 'an acmhainneacht atá tiomnaithe' do LWTP. A mhéid atá tionscal an Aontais in ann cineálacha eile páipéir a tháirgeadh ar an innealra céanna, bheadh an 'acmhainneacht theoiriciúil' beagnach dhá oiread níos mó ná an 'acmhainneacht thiomnaithe' ar an toimhde go mbeidh an t-innealra uile atá in ann LWTP a tháirgeadh á dhéanamh sin ar a lánacmhainneacht.

4.4.2.2. An méid díolachán agus an sciar den mhargadh

(325) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar an méid díolachán a bhí ag tionscal an Aontais agus a sciar den mhargadh le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 5

An méid díolachán agus an sciar den mhargadh

	2022	2023	2024	An tréimhse imscrúdúcháin
An méid díolachán ar mhargadh an Aontais (tonaí)	188 472	150 033	155 842	149 254
Innéacs	*100*	*80*	*83*	*79*
Sciar den mhargadh (t %)	93	83,1	82,3	81,4
Innéacs	*100*	*89*	*88*	*88*

Foinse: macraicheistneoir fíoraithe, freagraí fíoraithe ar cheistneoirí ó na táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais

(326) Le linn na tréimhse faoi bhreathnú, tháinig laghdú 21 % ar mhéideanna díolachán tháirgeoirí an táirge faoi imscrúdú san Aontas. Bhí an laghdú sin i bhfad níos géire ná an laghdú 10 % ar thomhaltas an Aontais (féach Tábla 1), rud a d'fhág gur cailleadh sciar 12 % den mhargadh do tháirgeoirí an Aontais. I gcásanna áirithe, thug táirgeoirí de chuid an Aontais méideanna suas ar mhaithe le brabús a uasmhéadú.

4.4.2.3. Fás

(327) Le linn na tréimhse faoi bhreathnú, tháinig laghdú 10 % ar thomhaltas an táirge lena mbaineann ach ní raibh tionscal an Aontais in ann a shuíomh a choinneáil ar bun. Sa tréimhse chéanna, tháinig laghdú 12 % ar an sciar den mhargadh a bhí ag tionscal an Aontais, ach tháinig méadú 478 % ar an sciar den mhargadh a bhí ag allmhairí an táirge lena mbaineann ón tSín.

4.4.2.4. Fostaíocht agus táirgiúlacht

(328) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar fhostaíocht agus táirgiúlacht le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 6

Fostaíocht agus táirgiúlacht

	2022	2023	2024	An tréimhse imscrúdúcháin
An líon fostaithe	868	862	877	818
Innéacs	*100*	*99*	*101*	*94*
Táirgiúlacht (tonaí/ coibhéis lánaimseartha)	398	324	336	337
Innéacs	*100*	*81*	*84*	*85*

Foinse: macraicheistneoir fíoraithe.

(329) Le linn na tréimhse faoi bhreathnú, tháinig laghdú 6 % ar an bhfostaíocht san Aontas, síos go 818 bpost choibhéiseacha lánaimseartha. Is é is cúis leis sin, go páirteach, gur scoir an táirgeoir de chuid an Aontais Fjord Paper dá oibríochtaí faoi dheireadh 2024. Mar gheall ar chineál leanúnach an phróisis táirgthe LWTP, tá sé deacair do tháirgeoirí an fhoireann a laghdú go fóinteach. Mar sin féin, rinneadh athstruchtúrú (lena n-áirítear laghdú ar an lucht saothair agus ar am oibre) agus múchadh sealadach ([119]).

(330) Tháinig laghdú 15 % ar tháirgiúlacht, arbh é an laghdú mór ar tháirgeacht an Aontais (-20 %) sa tréimhse chéanna ba mhó ba chúis leis (féach Tábla 4).

4.4.2.5. Méid an chorrlaigh fóirdheontais agus téarnamh ó chleachtais éagóracha roimhe seo

(331) Na corrlaigh fóirdheontais a suíodh, bhí siad i bhfad os cionn an leibhéil *de minimis*. Ba mhór an tionchar a bhí ag méid an fhóirdheonaithe ar thionscal an Aontais, i bhfianaise mhéid agus phraghsanna na n-allmhairí ón tír lena mbaineann.

(332) De dheasca allmhairí leanúnacha ar phraghas éagórach ó Phoblacht na Cóiré, cuireadh cosc ar thionscal an Aontais téarnamh ó chleachtais dumpála arna ndéanamh roimhe seo ag tíortha seachas an tír lena mbaineann. Mar sin féin, d'imir na bearta a bhí i bhfeidhm tionchar dearfach ar thionscal an Aontais, mar a thugtar faoi deara go háirithe i roinn 4.6 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1330 ón gCoimisiún.

4.4.3. *Táscairí micreacnamaíocha*

4.4.3.1. Praghsanna agus tosca lena ndéantar difear do phraghsanna

(333) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar mheánphraghsanna díola aonaid ualaithe na dtáirgeoirí sampláilte san Aontas le custaiméirí neamhchomhlachaithe san Aontas le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 7

Praghsanna díola agus costas táirgthe san Aontas

	2022	2023	2024	An tréimhse imscrúdúcháin
Meánphraghas díola in aghaidh an aonaid díreach ón monarcha san Aontas (EUR/tona)	2 142	2 133	1 905	1 736
Innéacs	*100*	*100*	*89*	*81*
Costas aonaid an táirgthe (EUR/tonna)	1 880	1 952	1 779	1 742
Innéacs	*100*	*104*	*95*	*93*

Foinse: freagraí fíoraithe ar cheistneoirí ó tháirgeoirí sampláilte an Aontais.

(334) Tá táirgeadh páipéir theirmigh éadroim dian ar fhuinneamh. Le linn na tréimhse faoi bhreathnú, tháinig méadú substaintiúil ar phraghsanna príomhthosca táirgeachta, is iad sin laíon (de dheasca infhaighteacht ghann) agus fuinneamh (de dheasca chogadh foghach na Rúise in aghaidh na hÚcráine). Sa dara cuid den tréimhse faoi bhreathnú, normalaíodh praghsanna na mór-ionchur cé go raibh fós ní ba chostasaí ná roimhe sin. Chuir sé sin le costas táirgthe in aghaidh an aonaid a bhí ní b'airde ná an costas san am a chuaigh thart ([120]). Tugtar faoi deara freisin gur athraíodh an meascán táirgí le himeacht ama, ós rud é gur tréigeadh gráid ina bhfuil BPA agus go bhfuil ceimiceáin mhalartacha níos costasaí.

([119]) https://www.euwid-paper.com/news/companies/mitsubishi-hitec-paper-to-cut-jobs-at-bielefeld-site-090425/.

([120]) I bhfianaise Thábla 8 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1330, ní raibh an costas táirgthe in aghaidh an aonaid as táirge comhchosúil sa tréimhse 2018-2021 ní ba mhó riamh ná EUR 1 557/tona.

(335) Le linn na tréimhse imscrúdúcháin, bhí an costas táirgthe in aghaidh an aonaid ní b'airde ná na meánphraghsanna díola in aghaidh an aonaid ag tionscal an Aontais le custaiméirí neamhchomhlachaithe san Aontas. Léirigh sé sin go raibh tionscal an Aontais faoi réir sochtadh suntasach praghsanna, toisc nach raibh sé in ann a phraghsanna díola a mhéadú chun a chostais a aisghabháil.

(336) Le linn na tréimhse faoi bhreathnú, tháinig laghdú níos lú (-7 %) ar mheánchostas táirgthe thionscal an Aontais ná na meánphraghsanna díola in aghaidh an aonaid ag tionscal an Aontais le custaiméirí neamhchomhlachaithe san Aontas (-19 %). Bhí ar thionscal an Aontais a phraghsanna a shocrú ar leibhéal íseal nach raibh inbhuanaithe sa chaoi nach gcaillfeadh sé an iomarca dá sciar den mhargadh i gcomhthéacs allmhairí ón tSín a bhí ag méadú (+ 478 %, de réir Thábla 2) ar phraghsanna a bhí go mór faoi bhun phraghsanna thionscal an Aontais (féach Tábla 3). Mar sin féin, ní fhéadfadh tionscal an Aontais na praghsanna sin a mheaitseáil go hiomlán gan tuilleadh caillteanas a thabhú. Chuir an brú praghsanna sin cosc ar thionscal an Aontais praghsanna a mhéadú i gcomhréir leis na costais mhéadaitheacha.

4.4.3.2. Costais saothair

(337) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar mheánchostais saothair na dtáirgeoirí sampláilte san Aontas le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 8

Meánchostais saothair in aghaidh an fhostaí

	2022	2023	2024	An tréimhse imscrúdúcháin
Meánchostais saothair in aghaidh an fhostaí (EUR)	79 188	82 459	82 087	92 211
Innéacs	*100*	*104*	*104*	*116*

Foinse: freagraí fíoraithe ar cheistneoirí ó na táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais.

(338) Le linn na tréimhse faoi bhreathnú, tháinig méadú 16 % ar na meánchostais saothair in aghaidh an fhostaí, i gcomhréir leis na méaduithe bliantúla ar chostais saothair sa Ghearmáin agus san Fhionlainn ([121]). An tráth céanna, tháinig laghdú ar fhostaíocht thionscal an Aontais, uaireanta trí mhúchadh sealadach agus am oibre laghdaithe (agus costais laghdaithe ar an táirgeoir de chuid an Aontais), ach uaireanta eile tríd an bhfoireann ba chostasaí a scaoileadh chun bealaigh mar mhalairt ar chostais dífhostaithe.

4.4.3.3. Fardail

(339) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar leibhéil stoic na dtáirgeoirí sampláilte san Aontas le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 9

Fardail

	2022	2023	2024	An tréimhse imscrúdúcháin
Stoic dheiridh (tonaí)	19 650	14 324	18 847	19 335
Innéacs	*100*	*73*	*96*	*98*
Stoic dheiridh mar chéatadán den táirgeacht	6,5	5,7	7,1	7,8
Innéacs	*100*	*87*	*109*	*120*

Foinse: freagraí fíoraithe ar cheistneoirí ó na táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais.

([121]) https://ec.europa.eu/eurostat/statistics-explained/SEPDF/cache/3784.pdf.

(340) Le linn na tréimhse faoi bhreathnú, d'athraigh leibhéal an stoic deiridh. Le linn na tréimhse imscrúdúcháin, bhí sé 2 % ní b'ísle ná mar a bhí in 2022. Tháinig méadú 20 % ar an stoc deiridh mar chéatadán den táirgeacht le linn na tréimhse faoi bhreathnú, is é sin mar thoradh ar leibhéil táirgeachta ní b'ísle.

(341) Bhí cobhsaíocht choibhneasta na leibhéal stoic ina toradh ar an bpróiseas leanúnach táirgthe páipéir agus ar an táirgeadh a bheith ar ordú de ghnáth. D'fhéadfadh leibhéil stoic luainiú ar chúiseanna éagsúla, bíodh sin roimh thréimhsí cothabhála nó ina ndiaidh nó mar gheall ar bharrfheabhsú sceideal táirgthe d'fhonn athruithe leanúnacha ar líne tháirgthe a theorannú. Ní mheastar gurb iad an táscaire díobhála is fóintí don chineál sin tionscail iad leibhéil stoic *per se*.

4.4.3.4. Brabúsacht, sreabhadh airgid, infheistíochtaí, an toradh ar infheistíochtaí agus an cumas caipiteal a chruinniú

(342) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar bhrabúsacht, sreabhadh airgid, infheistíochtaí agus an toradh ar an infheistíochtaí ag na táirgeoirí sampláilte san Aontas le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 10

Brabúsacht, sreabhadh airgid, infheistíochtaí agus toradh ar infheistíochtaí

	2022	2023	2024	An tréimhse imscrúdúcháin
Brabúsacht díolachán san Aontas le custaiméirí neamhchomhlachaithe (%)	15,2	11,9	9,5	1,9
Innéacs	*100*	*78*	*62*	*13*
Sreabhadh airgid (EUR 000)	127 969	76 648	50 842	17 670
Innéacs	*100*	*60*	*40*	*14*
Infheistíochtaí (000 EUR)	9 582	10 540	10 228	10 090
Innéacs	*100*	*110*	*107*	*105*
Toradh ar infheistíochtaí (%)	102	38	35	- 1
Innéacs	*100*	*37*	*34*	*- 1*

Foinse: freagraí fíoraithe ar cheistneoirí ó na táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais.

(343) Shuigh an Coimisiún brabúsacht na dtáirgeoirí sampláilte san Aontas trí ghlanbhrabús roimh cháin ó dhíolacháin an táirge chomhchosúil le custaiméirí neamhchomhlachaithe san Aontas a shloinneadh mar chéatadán de láimhdeachas na ndíolachán sin.

(344) In 2024, bhí an méadú ar allmhairí ar phraghsanna ísle ón tSín ag déanamh difear cheana féin do staid airgeadais thionscal an Aontais. Mar a mhínítear i Roinn 4.4.3.1, d'fhág an brú praghsanna ó allmhairí éagóracha ar mhargadh an Aontais gur cuireadh cosc ar thionscal an Aontais praghsanna a mhéadú i gcomhréir leis an méadú ar chostais. Dá thoradh sin, cuireadh iallach ar thionscal an Aontais a phraghsanna a shocrú ar leibhéal íseal nach raibh inbhuanaithe ionas go gcoinneodh sé méid leordhóthanach díolachán ar bun.

(345) Chuaigh staid airgeadais thionscal an Aontais in olcas go mór le linn na tréimhse imscrúdúcháin, óir laghdaigh an bhrabúsacht go 1,9 %. Cé nár thosaigh tionscal an Aontais ag tabhú caillteanais, bhí a bhrabúsacht i bhfad faoi bhun an spriocbhrabúis 11,5 %, mar a suíodh san imscrúdú frithdhumpála maidir le táirge an-chomhchosúil de thionscnamh Phoblacht na Cóiré ([122]).

([122]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/2005 ón gCoimisiún an 16 Samhain 2016 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála shealadach ar allmhairí páipéir theirmigh éadroim áirithe de thionscnamh Phoblacht na Cóiré (IO L 310, 17.11.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2016/2005/oj, aithris 140.

(346) Is ionann an glansreabhadh airgid agus cumas tháirgeoirí an Aontais a ngníomhaíochtaí a fhéinmhaoiniú. Bhí an treocht sa ghlansreabhadh airgid mórán ar aon dul leis an treocht sa bhrabúsacht, agus chonacthas an laghdú ba ghéire ar shreabhadh airgid le linn na tréimhse imscrúdúcháin.

(347) Is tionscal atá dian ar shócmhainní é táirgeadh páipéir theirmigh éadroim. Bhí infheistíochtaí réasúnta cobhsaí i gcaitheamh na tréimhse fiú má bhí luachanna éagsúla ann mar thoradh ar sceidil chothabhála agus athsholáthair na dtáirgeoirí éagsúla a bheith éagsúil le chéile nó comhuaineach. Bhí sé d'aidhm ag formhór na n-infheistíochtaí na hacmhainneachtaí atá ann cheana a choinneáil agus na sócmhainní táirgthe is gá a athsholáthar.

(348) Is éard atá sa toradh ar infheistíochtaí an brabús mar chéatadán de ghlanluach na n-infheistíochtaí de réir na leabhar. I gcomhréir leis an mbrabúsacht, tháinig laghdú air le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

(349) Rinne an bhrabúsach agus an sreabhadh airgid laghdaitheach dochar don chumas caipiteal a thiomsú.

4.4.3.5. Conclúid maidir le díobháil

(350) Le linn na tréimhse faoi bhreathnú, tháinig meath ar fhormhór na dtáscairí díobhála. Go háirithe, tháinig laghdú ar tháirgeacht, ar mhéid na ndíolachán, ar an sciar den mhargadh, ar bhrabúsacht, ar shreabhadh airgid agus ar úsáid acmhainneachta i gcomparáid lena leibhéal in 2022.

(351) Tháinig laghdú 21 % ar dhíolacháin ar mhargadh an Aontais, ach níor tháinig ach laghdú 10 % ar thomhaltas an Aontais, rud a d'fhág gur cailleadh sciar suntasach den mhargadh do thionscal an Aontais. Le linn na tréimhse céanna, tháinig méadú suntasach ar allmhairí ón tSín ó thaobh méide agus sciar den mhargadh de araon. Tháinig meath suntasach ar bhrabúsacht agus ar shreabhadh airgid freisin, agus thit úsáid acmhainneachta de réir mar a tháinig laghdú ar mhéideanna táirgeachta.

(352) Ar bhonn a bhfuil thuas, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid ag an gcéim sin gur bhain díobháil ábhartha do thionscal an Aontais de réir bhrí Airteagal 8(4) den bhun-Rialachán.

5. CÚISÍOCHT

(353) I gcomhréir le hAirteagal 8(5) den bhun-Rialachán, scrúdaigh an Coimisiún an ndearnadh díobháil ábhartha do thionscal an Aontais de dheasca na n-allmhairí dumpáilte ón tír lena mbaineann. I gcomhréir le hAirteagal 8(6) den bhun-Rialachán, scrúdaigh an Coimisiún freisin an bhféadfadh sé go ndearna tosca aitheanta eile dochar do thionscal an Aontais san am céanna. Maidir le haon díobháil go mb'fhéidir go ndearnadh le fachtóirí eile seachas leis na hallmhairí ar tugadh fóirdheontais ina leith ón tír lena mbaineann, d'áirithigh an Coimisiún nár measadh gurbh iad na hallmhairí ba chúis leis an díobháil chéanna. Rinne an Coimisiún scrúdú ar allmhairí ó thríú tíortha, na hallmhairí neamh-fhóirdheontais ón tSín agus ar fheidhmíocht onnmhairiúcháin thionscal an Aontais. Níorbh eol gurb ann d'aon toisc eile a d'fhéadfadh a bheith ina cúis leis an díobháil do thionscal an Aontais.

5.1. Éifeachtaí allmhairí ar tugadh fóirdheontas ina leith

(354) Mar a leagtar amach i Roinn 4.5.1, tháinig méadú suntasach ar mhéideanna allmhairí an táirge lena mbaineann ón tSín le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Chuir coinníollacha fabhracha sa tSín borradh faoi chumas na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin a n-onnmhairí chuig an Aontas a mhéadú faoi chúig le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Cé gur tháinig laghdú 11,6 pointe céatadáin ar an sciar den mhargadh a bhí ag tionscal an Aontais sa tréimhse sin, tháinig méadú 6,8 pointe céatadáin ar an sciar den mhargadh a bhí ag allmhairí ón tSín. Thairis sin, rinne praghsanna na n-allmhairí sin ón tSín sladghearradh 10,4 % ar an meán ar phraghsanna thionscal an Aontais. Dá bhrí sin, bhí tionchar suntasach ag na hallmhairí sin ar mhéid díolachán thionscal an Aontais agus ar a sciar den mhargadh araon, agus ar a phraghsanna agus ar a bhrabúsacht, ar beag an tionchar a bhí acu ar 1,9 %. Tháinig meath freisin ar tháirgeacht, úsáid acmhainneachta agus sreabhadh airgid le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

(355) I bhfianaise a bhfuil thuas, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gur imir allmhairí fóirdheonaithe drochthionchar ábhartha ar staid thionscal an Aontais.

5.2. Éifeachtaí tosca eile

(356) Scrúdaigh an Coimisiún freisin an raibh tosca aitheanta eile, ina n-aonar nó i dteannta a chéile, in ann an nasc cúisíoch a suíodh idir na hallmhairí ar tugadh fóirdheontas ina leith a mhaolú sa chaoi nach mbeadh an nasc sin fíor ná substaintiúil a thuilleadh.

5.2.1. *Allmhairí ó thíortha eile*

(357) Rinne an Coimisiún na hallmhairí ó thríú tíortha eile a shuí ar bhonn sonraí ó Eurostat.

(358) Cé is moite den tSín, allmhairíodh an táirge faoi imscrúdú isteach san Aontas ó roinnt tíortha eile a raibh 10,5 % den sciar den mhargadh acu i dteannta a chéile le linn na tréimhse imscrúdúcháin:

Tábla 11

Allmhairí ó thíortha eile

Tír		2022	2023	2024	An tréimhse imscrúdúcháin
Poblacht na Cóiré	Méid (i dtonaí)	5 694	15 769	16 646	15 731
	Innéacs	*100*	*277*	*292*	*276*
	Sciar den mhargadh (%)	2,8	8,7	8,8	8,6
	Meánphraghas (EUR/tona)	1 850	1 770	1 816	1 716
	Innéacs	*100*	*96*	*98*	*93*
na Stáit Aontaithe	Méid (i dtonaí)	1 804	2 039	2 463	2 511
	Innéacs	*100*	*113*	*137*	*139*
	Sciar den mhargadh (%)	0,9	1,1	1,3	1,4
	Meánphraghas (EUR/tona)	3 546	4 564	4 707	4 490
	Innéacs	*100*	*129*	*133*	*127*
Tríú tíortha eile	Méid (i dtonaí)	3 882	5 052	1 916	934
	Innéacs	*100*	*130*	*49*	*24*
	Sciar den mhargadh (%)	1,9	2,8	1	0,5
	Meánphraghas (EUR/tona)	3 790	2 382	3 737	4 664
	Innéacs	*100*	*63*	*99*	*123*
Iomlán na dtríú tíortha uile seachas an tSín	Méid (i dtonaí)	11 379	22 860	21 025	19 176
	Innéacs	*100*	*201*	*185*	*169*
	Sciar den mhargadh (%)	5,6	12,7	11,1	10,5
	Meánphraghas (EUR/tona)	2 781	2 155	2 330	2 223
	Innéacs	*100*	*77*	*84*	*80*

Foinse: Eurostat (tonaí agus EUR/tona).

(359) Tháinig méadú 69 % ar allmhairí ó thríú tíortha eile le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Le linn na tréimhse imscrúdúcháin, shroich siad sciar 10,5 % den mhargadh.

(360) Cé is moite den tSín, ba iad Poblacht na Cóiré agus na Stáit Aontaithe an dá phríomhthír onnmhairiúcháin chuig an Aontas. Go mór, ba í Poblacht na Cóiré an phríomhfhoinse allmhairiúcháin, a bhí fós ina foinse dhíobhálach allmhairí i bhfianaise na dtorthaí maidir le dumpáil agus sladghearradh leanúnach ag allmhairí na Cóiré ar thángthas orthu in athbhreithniú éaga R768 ([123]) in 2023.

(361) Allmhairí de thionscnamh tíortha eile seachas an Chóiré, tháinig siad isteach san Aontas ar phraghsanna a bhí níos airde ná praghsanna díola tháirgeoirí an Aontais le custaiméirí neamhchomhlachaithe san Aontas.

(362) Tháinig an Coimisiún ar an gconclúid dá bhrí sin nach raibh aon éifeacht ábhartha ag allmhairí ó thíortha eile, seachas ag allmhairí ón gCóiré, ar an díobháil a bhain do tháirgeoirí an Aontais. Maidir le hallmhairí ón gCóiré, a raibh a méideanna le linn na tréimhse imscrúdúcháin comhchosúil leis na méideanna allmhairí ón tSín agus a raibh a bpraghsanna i bhfad níos airde ná praghsanna na Síne ach faoi bhun phraghsanna thionscal an Aontais, suíodh gur chuir siad sin leis an díobháil a bhain do thionscal an Aontais, ach níor mhaolaigh siad an nasc cúisíoch idir allmhairí dumpáilte ón tSín agus an díobháil a bhain do thionscal an Aontais i margadh an Aontais ina dhiaidh sin.

5.2.2. *An chaoi ar athraigh tomhaltas an Aontais*

(363) Tháinig laghdú mór 10 % ar thomhaltas an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Mar sin féin, murach gur tháinig méadú as cuimse ar allmhairí ar phraghas íseal ón tSín, ní bheadh níos mó ná 39 000 tona díolachán caillte ag an Aontas, arb é atá ann sciar 10,6 % den mhargadh i margadh an Aontais, nó ní bheadh iallach curtha air brabúsacht ar na díolacháin a bhí fágtha aige a thabhairt suas. Ina theannta sin, d'imir an t-éileamh eisceachtúil ar an táirge faoi imscrúdú in 2022 tionchar mór ar an laghdú ar thomhaltas i gcomparáid le 2022. Tugtar faoi deara nár tháinig laghdú, ar an meán, ar thomhaltas an Aontais go stairiúil. Le linn na tréimhse imscrúdúcháin, bhí tomhaltas an Aontais ar leibhéal a bhí mórán ar aon dul leis an leibhéal a bhí ann in 2018 ([124]).

(364) Ar an mbonn sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nár suíodh gur mhaolaigh an laghdú ar thomhaltas le linn na tréimhse faoi bhreathnú an fíornasc substaintiúil idir an díobháil ábhartha a bhain do thionscal an Aontais i margadh an Aontais agus allmhairí fóirdheonaithe ón tSín ar phraghas íseal.

5.2.3. *Feidhmíocht onnmhairiúcháin thionscal an Aontais*

(365) Rinne an Coimisiún measúnú ar an méid onnmhairí bunaithe ar an bhfaisnéis a chuir na gearánaigh isteach. Cinneadh praghsanna onnmhairiúcháin ar bhonn na bhfreagraí ar an gceistneoir ó tháirgeoirí sampláilte an Aontais.

(366) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar mhéid agus ar phraghsanna na n-onnmhairí ó thionscal an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 12

Feidhmíocht onnmhairiúcháin thionscal an Aontais

	2022	2023	2024	An tréimhse imscrúdúcháin
An méid onnmhairí (tonaí)	149 564	128 693	129 813	118 418
Innéacs	*100*	*86*	*87*	*79*
Meánphraghas (EUR/tona)	2 272	1 948	1 791	1 582
Innéacs	*100*	*86*	*79*	*70*

Foinse: freagra fíoraithe ar an macraicheistneoir (tonaí), freagraí fíoraithe ar cheistneoirí ó tháirgeoirí sampláilte an Aontais (EUR/tona)

([123]) Féach Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1330.
([124]) Tábla 1 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1330.

(367) Le linn na tréimhse faoi bhreathnú, i gcomhréir le díolacháin thionscal an Aontais san Aontas, tháinig laghdú 21 % ar mhéideanna onnmhairí thionscal an Aontais. Bhí díolacháin onnmhairiúcháin thionscal an Aontais tábhachtach mar is é a bhí iontu 44 % de dhíolacháin iomlána thionscal an Aontais le linn na tréimhse imscrúdúcháin.

(368) Cé gur tháinig laghdú 19 % ar phraghsanna thionscal an Aontais san Aontas, tháinig laghdú níos mó fós, laghdú 30 %, ar phraghsanna ar na margaí onnmhairiúcháin. Go deimhin, ar na margaí onnmhairiúcháin freisin bhí ar thionscal an Aontais aghaidh a thabhairt ar bhrú praghsanna arbh í iomaíocht ghéar ó ghníomhaithe eile ba chúis leis. I ndáil leis sin, léiríodh san imscrúdú gur tháinig athrú ar chinn scríbe onnmhairiúcháin thionscal an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú agus go mbaineann díolacháin onnmhairiúcháin ar an iomlán le meascán táirgí (níos saoire) atá éagsúil leis an meascán táirgí a dhíoltar san Aontas.

(369) Mar sin féin, i bhfianaise a méideanna móra, bhí feidhmíocht onnmhairiúcháin thionscal an Aontais ina modh chun úsáid acmhainneachta a fheabhsú. Dá bhrí sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go bhféadfadh sé gur chuir a fheidhmíocht onnmhairiúcháin leis an díobháil ach nach bhféadfadh an laghdú ar dhíolacháin onnmhairiúcháin an nasc cúisíoch idir an díobháil a bhain do thionscal an Aontais i margadh an Aontais agus insreabhadh allmhairí fóirdheonaithe ón tSín ar phraghas íseal a mhaolú.

5.3. **Conclúid maidir le cúisíocht**

(370) I bhfianaise na mbreithnithe thuas, shuigh an Coimisiún go bhfuil nasc cúisíoch idir an díobháil a bhain do thionscal an Aontais agus na hallmhairí fóirdheonaithe ón tSín, nasc nár bhris na tosca a luaitear thuas arna mbreithniú ina n-aonar nó i dteannta a chéile. Bhí tionchar diúltach ag tosca eile, go háirithe allmhairí ón gCóiré agus laghdú ar dhíolacháin onnmhairiúcháin, ar fheidhmíocht fhoriomlán thionscal an Aontais agus d'fhéadfadh sé dá réir sin gur chuir siad leis an díobháil, ach níor mhaolaigh na tosca sin, ina n-aonar ná i dteannta a chéile, an fíornasc substaintiúil a suíodh a bheith idir an díobháil ábhartha a bhain do thionscal an Aontais san Aontas agus na hallmhairí fóirdheonaithe ón tSín.

6. **LEAS AN AONTAIS**

(371) Scrúdaigh an Coimisiún, seachas cinneadh a dhéanamh maidir le dumpáil dhíobhálach, an mbeadh forchur beart i gcoinne leas an Aontais i gcomhréir le hAirteagal 31 den bhun-Rialachán. Rinneadh cinneadh maidir le leas an Aontais agus aird á tabhairt ar leasanna na bpáirtithe éagsúla uile lena mbaineann, lena n-áirítear leasanna thionscal an Aontais, allmhaireoirí neamhchomhlachaithe agus úsáideoirí.

6.1. **Leas thionscal an Aontais**

(372) Tá táirgeoirí uile an Aontais ina gcomhaltaí de ETPA. Thacaigh siad leis an ngearán agus chomhoibrigh siad leis an imscrúdú.

(373) Dá bhforchuirfí na bearta, d'fhéadfaí fostaíocht a chosaint, infheistíochtaí níos mó a chur chun cinn agus brabúsacht thionscal an Aontais a mhéadú go leibhéil a mheastar a bheith ina ngnáthleibhéil don tionscal sin atá dian ar chaipiteal. In éagmais beart, d'fhéadfaí inmharthanacht thionscal an Aontais amach anseo a chur i mbaol.

(374) Dá bhforchuirfí na bearta, chuideofaí le cothrom iomaíochta a athbhunú san Aontas agus thabharfaí le fios nach mór saorthrádáil a dhéanamh faoi dhálaí iomaíocha cothroma.

(375) Dá bhrí sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go bhfuil forchur na mbeart chun leas thionscal an Aontais.

6.2. **Allmhaireoirí neamhchomhlachaithe a shampláil**

(376) Níor tháinig aon allmhaireoir chun cinn ná níor chomhoibrigh sé leis an imscrúdú.

(377) I bhfianaise an sciar den mhargadh atá ag na foinsí éagsúla soláthair, na dóchúlachta go mbeidh allmhaireoirí ag brath ar roinnt foinsí soláthair agus leibhéal na mbeart, meastar nach n-imreoidh forchur dleachtanna drochthionchar ar allmhaireoirí go feadh méid a bheadh ní ba mhó ná éifeachtaí dearfacha na mbeart ar thionscal an Aontais.

6.3. **Leas úsáideoirí**

(378) Níor tháinig aon úsáideoir chun cinn ná níor chomhoibrigh siad leis an imscrúdú.

(379) I bhfianaise an sciar den mhargadh atá ag na foinsí éagsúla soláthair, na dóchúlachta go mbeidh úsáideoirí ag brath ar roinnt foinsí soláthair agus leibhéal na mbeart, meastar nach n-imreoidh forchur dleachtanna drochthionchar ar úsáideoirí go feadh méid a bheadh ní ba mhó ná éifeachtaí dearfacha na mbeart ar thionscal an Aontais.

6.4. **An chonclúid maidir le leas an Aontais**

(380) Ar bhonn a bhfuil thuas, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid sa deireadh nach raibh aon chúis áititheach ann lena cheapadh nach mbeadh sé chun leasa an Aontais bearta frithchúitimh a fhorchur ar allmhairí páipéir theirmigh éadroim de thionscnamh na Síne.

7. **BEARTA FRITHCHÚITIMH SEALADACHA**

(381) I bhfianaise na gconclúidí ar thángthas orthu maidir le fóirdheonú, díobháil, cúisíocht agus leas an Aontais, ba cheart dleachtanna frithchúitimh sealadacha a fhorchur chun deireadh a chur leis an díobháil ábhartha a rinneadh do thionscal an Aontais de dheasca allmhairí fóirdheonaithe an táirge lena mbaineann ón tSín.

7.1. **Leibhéal na mbeart frithchúitimh sealadach**

(382) Luaitear sa tríú fomhír d'Airteagal 15(1) den bhun-Rialachán nach sáróidh méid na dleachta frithchúitimh méid na bhfóirdheontas in-fhrithchúitithe arna shuí.

(383) Luaitear an méid seo a leanas in Airteagal 15(1), an ceathrú fomhír: '*I gcás inar féidir leis an gCoimisiún, ar bhonn na faisnéise a chuirtear isteach, teacht ar chonclúid go soiléir nach chun leasa an Aontais é méid na mbeart a chinneadh i gcomhréir leis an tríú fomhír, beidh méid na dleachta frithchúitimh níos lú dá mba leor an dleacht níos lú sin chun deireadh a chur leis an díobháil do thionscal an Aontais.*'

(384) Níor cuireadh aon fhaisnéis den sórt sin faoi bhráid an Choimisiúin, agus dá bhrí sin socrófar leibhéal na mbeart frithchúitimh ag tagairt don tríú fomhír d'Airteagal 15(1).

(385) Ós rud é go mbeidh na bearta sealadacha sa chás seo bunaithe ar mhéid na bhfóirdheontas in-fhrithchúitithe a suíodh, níor suíodh an corrlach díobhála.

(386) Ar bhonn a bhfuil thuas, na dleachtrátaí frithchúitimh sealadacha, arna sloinneadh ar phraghas CAL ag teorainn an Aontais, le dleacht chustaim neamhíoctha, ba cheart iad a bheith mar seo a leanas:

Cuideachta ([125])	Dleacht frithchúitimh shealadach
Guandong Guanhao High-Tech Co.	28,8 %
Gach allmhaire eile de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne	70,5 %

([125]) Breithníodh Guanhao Group sa scrúdú aonair. Mar sin féin, ní raibh ach táirgeoir LWTP amháin i ngrúpa. Dá bhrí sin, tá na bearta le forchur ar chuideachtaí aonair cé go n-áirítear i gcorrlach fóirdheontais freisin fóirdheontais áirithe a fhaigheann cuideachtaí comhlachaithe sa ghrúpa (máthairchuideachtaí, soláthróirí comhlachaithe, trádálaithe, cuideachtaí maoiniúcháin etc.).

(387) Ós rud é gur tréigeadh an tsampláil sa chás seo i bhfianaise na heaspa comhair ó na cuideachtaí a sampláladh ar dtús agus an leibhéil an-ard neamh-chomhoibrithe, ní fhéadfaí aon mheándleacht a ríomh do chuideachtaí neamhshampláilte comhoibríocha (féach aithris 298 thuas).

(388) An dleachtráta frithchúitimh do chuideachtaí aonair a shonraítear sa Rialachán seo, suíodh é ar bhonn thorthaí an imscrúdaithe seo. Dá bhrí sin, léiríonn siad an staid a suíodh a bheith ann le linn an imscrúdaithe seo maidir leis an gcuideachta sin. Tá na dleachtrátaí sin infheidhme go heisiach maidir le hallmhairí an táirge lena mbaineann de thionscnamh na tíre lena mbaineann agus arna tháirgeadh ag an eintiteas dlítheanach ainmnithe. Maidir le hallmhairí an táirge lena mbaineann arna dtáirgeadh ag aon chuideachta eile nach luaitear go sonrach i gcuid oibríochtúil an Rialacháin seo, lena n-áirítear eintitis atá comhlachaithe leo siúd a luaitear go sonrach, ba cheart iad a bheith faoi réir an dleachtráta is infheidhme maidir le 'gach allmhaire eile de thionscnamh Dhaon-Phoblacht Síne'.

(389) Féadfaidh cuideachta a iarraidh go gcuirfí na dleachtrátaí aonair sin i bhfeidhm má athraíonn sí ainm a heintitis ina dhiaidh sin. Ní mór an iarraidh a chur faoi bhráid an Choimisiúin. Ní mór an fhaisnéis ábhartha uile a bheith san iarraidh ionas gur féidir a léiriú nach ndéanann an t-athrú difear do cheart na cuideachta tairbhiú den dleachtráta is infheidhme. Más amhlaidh nach ndéanann an t-athrú ar ainm na cuideachta difear do cheart na cuideachta tairbhiú den dleachtráta is infheidhme maidir léi, foilseofar rialachán maidir leis an athrú ainm in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

8. **CLÁRÚ**

(390) Mar a shonraítear i Roinn 1.2, chuir an Coimisiún allmhairí LWTP faoi réir a gcláraithe. Rinneadh an clárú chun go mbeadh an fhéidearthacht ann dleachtanna a bhailiú go cúlghabhálach faoi Airteagal 16(4) den bhun-Rialachán.

(391) I bhfianaise na dtorthaí ag an gcéim shealadach, ba cheart scor de chlárú na n-allmhairí.

(392) Ní dhearnadh aon chinneadh ag an gcéim seo de na himeachtaí maidir le bearta frithchúitimh a d'fhéadfaí a chur i bhfeidhm go cúlghabhálach.

9. **NOCHTADH**

(393) Cuireadh páirtithe leasmhara ar an eolas faoi na bunfhíorais agus na bunbhreithnithe ar ar a mbonn a bhí sé beartaithe a mholadh go bhforchuirfí dleacht frithchúitimh shealadach ar allmhairí an táirge lena mbaineann de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne. Tugadh deis do na páirtithe leasmhara chun barúlacha a thabhairt maidir le cruinneas na ríomhanna a nochtadh go sonrach dóibh.

(394) Ní bhfuarthas aon bharúil maidir le cruinneas na ríomhanna.

10. **FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA**

(395) Ar mhaithe leis an dea-riarachán, iarrfaidh an Coimisiún ar na páirtithe leasmhara barúlacha a chur isteach i scríbhinn agus/nó éisteacht a iarraidh leis an gCoimisiún agus/nó leis an Oifigeach Éisteachta i gcomhair imeachtaí trádála laistigh de sprioc-am seasta.

(396) Is torthaí sealadacha iad na torthaí maidir le forchur na ndleachtanna sealadacha, agus féadfar iad a leasú ag céim chinntitheach an imscrúdaithe,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

1. Forchuirtear dleacht frithchúitimh shealadach ar allmhairí páipéir theirmigh éadroim, a shainmhínítear mar pháipéar teirmeach ina bhfuil bunmheáchan 65 g/m² nó níos lú, a dhíoltar ar rollaí atá 20 cm nó níos mó ar leithead, a bhfuil meáchan 50 kg nó níos mó iontu (lena n-áirítear páipéar) agus atá 40 cm nó níos mó ar trastomhas ('ollrollaí'); agus bonnbhrat air nó gan bheith air, ar thaobh amháin nó ar an dá thaobh; agus sraith theirmea-íogair fhisiceach nó cheimiceach (i.e. sraith a nochtann íomhá nuair a chuirtear teas i bhfeidhm uirthi) ar thaobh amháin nó ar an dá thaobh; agus brat uachtair air nó gan bheith air, a aicmítear faoi láthair faoi chóid AC ex 4809 90 00, ex 4811 90 00, ex 4816 90 00 agus ex 4823 90 85 (cóid TARIC 4809 90 00 10, 4811 90 00 10, 4816 90 00 10 agus 4823 90 85 20), agus ar de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne é.

2. Is mar a leanas a bheidh an dleacht frithchúitimh shealadach is infheidhme maidir leis an nglanphraghas saor ag teorainn an Aontais, roimh dhleacht, ar an táirge a shonraítear i mír 1 agus a tháirgeann na cuideachtaí a liostaítear thíos:

Cuideachta	Dleacht frithchúitimh (%)	Cód breise TARIC
Guandong Guanhao High-Tech Co.	28,8	88FO
Gach allmhaire eile de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne	70,5	8999

3. Beidh cur i bhfeidhm na ndleachtrátaí frithchúitimh aonair a sonraíodh le haghaidh na gcuideachtaí a luaitear i mír 2 coinníollach ar shonrasc tráchtála bailí a chur faoi bhráid údaráis chustaim na mBallstát, ar a mbeidh dearbhú arna dhátú agus arna shíniú ag oifigeach de chuid an eintitis ag a mbeidh an sonrasc sin á eisiúint, a shainaithneofar le ainm agus le feidhm, arna dhréachtú mar a leanas: '*Déanaimse, mise a bhfuil mo shíniú leis seo, a dheimhniú maidir le (méid i dtonaí) de (an táirge lena mbaineann) a díoladh lena onnmhairiú chuig an Aontas Eorpach agus a chumhdaítear leis an sonrasc seo, gurbh é (ainm agus seoladh na cuideachta) (cód breise TARIC) a mhonaraigh é i nDaon-Phoblacht na Síne]. Dearbhaím gur iomlán agus gur ceart an fhaisnéis sa sonrasc seo*.' Go dtí go dtabharfar an sonrasc sin ar aird, beidh feidhm ag an dleacht is infheidhme maidir le gach allmhaire eile de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne.

4. An táirge dá dtagraítear i mír 1, beidh a scaoileadh chun saorchúrsaíochta san Aontas faoi réir taisce ráthaíochta a sholáthar a bheidh comhionann le méid na dleachta sealadaí.

5. Mura sonraítear a mhalairt, beidh feidhm ag na forálacha ábhartha atá i bhfeidhm maidir le dleachta custaim.

Airteagal 2

1. Cuirfidh páirtithe leasmhara a gcuid barúlacha i scríbhinn maidir leis an Rialachán seo faoi bhráid an Choimisiúin laistigh de 15 lá féilire tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

2. Maidir leis na páirtithe leasmhara ar mian leo éisteacht leis an gCoimisiún a iarraidh, déanfaidh siad amhlaidh laistigh de 5 lá féilire tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

3. Más mian le páirtithe leasmhara éisteacht a iarraidh leis an Oifigeach Éisteachta i gcomhair imeachtaí trádála, iarrtar orthu déanamh amhlaidh laistigh de 5 lá féilire tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo. Féadfaidh an tOifigeach Éisteachta scrúdú a dhéanamh ar iarrataí a chuirtear isteach lasmuigh den teorainn ama sin agus cinneadh a dhéanamh ar cheart glacadh leis na hiarrataí sin más iomchuí.

Airteagal 3

1. Ordaítear leis seo do na húdaráis chustaim scor de chlárú na n-allmhairí mar a bunaíodh i gcomhréir le hAirteagal 1 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2026/313.

2. Sonraí arna mbailiú i ndáil le táirgí a tháinig isteach san Aontas lena dtomhailt tráth nach faide ná 90 lá roimh dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, coimeádfar iad go dtí go dtiocfaidh aon bheart cinntitheach féideartha i bhfeidhm, sin nó go dtí go bhfoirceannfar na himeachtaí seo.

Airteagal 4

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach sna Ballstáit.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 5 Lúnasa 2026.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN